



Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo

Tá sé fíor éasca dul i
dteagmháil linn anois ag an
gComhar Creidmheasa.

Bí i dteagmháil linn ar

- Viber
- WhatsApp.

ag an uimhir seo: 086-8484751

nó

cuir glaoch ar 091-593421

nó

buail isteach go dtí
Oifig an Chnoic nó Oifig na
Ceathrún Rua.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ag ár
suíomh gréasáin
www.cccholmcille.ie
agus ar ár leathanach facebook.

Uaireanta Oscailte

An Cnoc

Dé Luain, Dé Máirt 10:30 - 4:00
Déardaoin, Dé hAoine 10:30 - 5:00
Dé Sathairn 9:30 - 2:30
Dúnta don lón ón
1:45 - 2:30 Luan go hAoine

An Cheathrú Rua

Déardaoin 10:30 - 5:00
Aoine 10:30 - 5:00
Dé Sathairn 10:30 - 2:30
Dúnta don lón ón
2:00 - 2:45 Luan go hAoine

Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo., An Cnoc, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

Teil: (091)593421. Faics: (091) 593089. R-phost: ccccte@eircom.net Idirlíon: cccholmcille.ie

Teil: (091)869915 - oifig na Ceathrún Rua | nó tuilleadh eolais le fáil ar



Biseach 2018

Iris Chumann Forbartha Chois Fharraige



Istigh:
Agallamh le Cathaoirleach nua CCG
An Fliú Mór agus Olltoghchán 1918;
Micheál Ó Droighneáin;
Seanchas Ruaidhrí Uí Fhlaitheartaigh;
Seansiopaí atá Imithe;
An Gorta Mór i gCois Fharraige;
Agus go leor eile

€5

JOYCE'S

paiseanta faoi bhia



Tá níos mó ná 500 duine fostaithe againn i gContae na Gaillimhe.

Ag tacú le poist áitiúla...



Thugamar breis is €40,000 do chlubanna, do chumainn agus do charthanachtaí áitiúla anuraidh.

Ag tacú le cúiseanna áitiúla...



Ceannaímid uaidh níos mó ná 100 táirgeoir áitiúil.

Ag tacú le poist áitiúla...



Roghnaímid an fheoil is fearr atá 100% Éireannach ó fheirmeoirí áitiúla.

Ag tacú le poist áitiúla...

D'Olmhargadh áitiúil faoi úinéireacht teaghlaigh.



GEATA CHUN NA GAEILGE
GATEWAY TO THE IRISH LANGUAGE

 Foras na Gaeilge

BAILE ÁTHA CLIATH · BÉAL FEIRSTE · RÁTH CHAIRN · GAOTH DOBHAIR

www.forasnagaeilge.ie



An Clár

Ábhar	Lch.
Comhrá le Cathaoirleach Co Co na Gaillimhe	3
Seansiopaí ón Spidéal go Ros an Mhíl	9
Muintir Leaice as na hAille	17
Micheál Ó Droighneáin	19
Ruairí Ó Flaitheartaigh	23
Ruairí Ó Flaitheartaigh agus ceantar an Spidéil	25
An Gorta Mór I gCois Fharraige	27
Coisín Chríost	34
Dumhach na Leanbh	35
Clár Monitor an BBC 1961	37
Ros na Rún sa 23ú Bliain	39
Pádraic Mór Ó Fátharta	41
Billeachaí	43
An Garraí Glas	46
Agallamh le Tim Johnny	47
An tSlat Cainte	50
Scoil Nua Sailearna	52
Fíbín Tigh Johnny Sheáin	53
Toghchán 1918 i gConamara	55
An Fliú Mór 1918-19	57
An Connacht Tribune 1918	59
Cúrsaí Pastime Chonamara i nGaillimh	62
An Phleanáil Teanga	63
Meáirt Churraoin	65
Craobh Liathróid Láimhe an Domhain	72
Féile na nGael i gCois Fharraige	73
Ó Chois Fharraige go hOileán Leodhais	75
Bua Iomána an Spidéil 1968	77

Focal Buíochais

Míle buíochas aríst eile don uile dhuine a chuidigh le heagrán na bliana seo a chur ar an bhfód: Donncha Ó hÉallaithe agus an Coiste Eagarthóireachta ar a raibh Breandán agus Ruaidhrí Ó Tuairisg, Sarah Ní Chonghaile, Máire Ní Fhlathartaigh, Máirín Mhic Lochlainn agus Lochlainn Ó Tuairisg; Daithí Ó Muirí; agus chuile dhuine a chuir ábhar scríofa agus grianghraif ar fáil go fial flaithiúil agus go deonach; lucht gnó an cheantair agus seirbhíse an cheantair a thug tacaíocht bhreá fógraíochta; Micheál Ó Conghaile agus Clódóirí CL Print a rinne an clóbhualadh, agus focal buíochais ar leith don dearthóir Tom Hunter as a dhúthracht le linn a bheith ag cur na hirise le chéile; an Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta a thug cabhair dheontais don iris. Go mba fada buan rathúil bhuar saol agus bhuar saothar.

Seosamh Ó Braonáin, Eagarthóir

Pictiúr ar an gclúdach:

Scoil Nua Sailearna críochnaithe [pic. S. Ó Braonáin]

© Cóipcheart ag údair na saothar amháin

Biseach 2018

Céard tá uainn?

Rud amháin a tháinig as an gcuinníú poiblí a thionól an Cumann Forbartha faoi cheist na talún trasna ó Shéipéal an Chnoic ná gur léirigh sé tacaíocht don Chomharchumann i measc na ndaoine a bhí ann. Ach léiríodh chomh maith smaointí éagsúla i measc na ndaoine a bhí i láthair faoi na áiseanna a theastaíonn ón bpobal nach bhfuil againn faoi láthair: ionad spóirt ina mbeadh gym agus fiú linn snámha; 'Cró na bhFear'; áit a bhféadfadh mná le páistí óga tíocht le chéile ar maidin le haghaidh cupán tae nó caifé; Mol nó Hub don Óige mar atá i mBearna; agus Reilig nua.

Tá fis ag an gComharchumann go mba cheart Ionad Oidhreacht na Gaeilge a thógáil ar an bpaiste talún atá trasna ón séipéal, ionad a bheadh in ann scoláirí idirnáisiúnta a mhealladh, chomh maith leis na mílte turasóirí. Is fis uaimhianach é agus ní locht é sin air. Ach an é is tábhachtaí? Tá Ionad Oidhreacht den scoth i Ros Muc. Tá muintir Charna théis Ionad Oidhreacht na nImirceach a chur ar bun. Tá Ionad Oidhreacht i Leitir Mealláin. Tá pleananna ag Iontaobhas Uí Chadhain ionad oidhreacht a fhorbairt ar an gCnocán Glas i gcuimhne ar an scríbhneoir Máirtín Ó Cadhain, a bhfuil a cháil ag leathnú ar fud an domhain.

Tá an t-ádh orainn i gCois Fharraige go bhfuil go leor leor áiseanna i seilbh an phobail nó i seilbh Údarás na Gaeltachta: hallaí pobail sna Forbacha, ar an Tulaigh, i Ros an Mhíl; áiseanna spóirt sna Forbacha, ar an gCnoc agus i Ros an Mhíl; Coláiste Lurgan ar leis an Údarás é agus Coláiste Chonnacht ar le hiontaobhas é; Stór na dTrátaí ar leis an Údarás é; an suíomh ar a raibh Siopa Dhónal Joyce i mBaile na hAbhann ar leis an gComharchumann é; an Crann Taca; Seanscoil Sailearna; Scoil na gCailíní ar an Spidéal.

Fós féin níl Mol againn le freastal ar óige an cheantair; níl aon gym ann; níl aon pháirc ag an gClub Sacair ná ag an gClub Camógaíochta; níl aon Chró na bhFear againn. B'fhéidir go mb'fhiú do na pobail éagsúla i gCois Fharraige tíocht le chéile agus plean a aontú faoin mbealach is fearr le húsáid a bhaint as na áiseanna éagsúla le go gcuirfí na seirbhísí a theastaíonn ón bpobal ar fáil.

Ní ionann san is a rá nár cheart Ionad Oidhreacht a bheith i gCois Fharraige, ach an é is tábhachtaí ag an am seo? Nó ar cheart don Chomharchumann a bheith ag díriú ar chuid de na háiseanna eile a theastaíonn a sholáthar? Níor mhiste níos mó plé a dhéanamh faoin gceist.

Cumann Forbartha Chois Fharraige



An Roinn Ealaíon, Oidhreacht,
Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta

Department of Arts, Heritage,
Regional, Rural and Gaeltacht Affairs

Foilsithe le cabhair ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht,
Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta.



TG4



TG4tv



TG4tv



TG4tv



TG4tv



Féach Beo nó aon uair,
ar fud an Domhain



tg4.tv



SmartTV App



iPad App

Comhrá le Seán Ó Tuairisg, Cathaoirleach nua Chomhairle Chontae na Gaillimhe

Donncha Ó hÉallaithe

I mí Iúil seo caite roghnaíodh mo chomharsa, Seán Ó Tuairisg, ina Chathaoirleach ar an gComhairle Chontae. Chas mé leis ina theach sna hAille, i mí Lúnasa seo caite, le labhairt leis faoina shaol agus faoin gcúram nua atá air. Mar chathaoirleach ar an gComhairle Chontae bíonn ar Sheán freastal ar an iliomad ócáidí: ag bronnadh duaiseanna; ag oscailt féilte is ócáidí; ag fáiltiú roimh cuairteoirí go Gaillimh chomh maith le cruinnithe an Chomhairle Chontae a stiúradh. As an ualach breise oibre, tugtar liúntas €10,000 don chathaoirleach. “Bíonn an t-uafás taistil i gceist agus bíonn orainn íoc as roinnt ócáidí as an liúntas sin. Ní chlúdaíonn sé na costais, ach is onóir é domsa”, a dúirt sé liom.

A Chúlra

Tógadh Seán i mbaile beag ar a thugtar Dubhachta Cnoc Bán, i nGleann Dubhachta. Ní raibh ach trí theach ar an mbaile ag an am.

“Bhí muide istigh i lár an ghleanna agus ní raibh muid in ann dul amach as an áit sin gan dul thar abhainn. Ní raibh droichead ann an t-am sin. Agus dá mbeadh tuile san abhainn, rud a bhíodh ann go minic, bhíodh orainn dul timpeall an bóthar, bealach casta áithrid, dhá míle nó mar sin.”

Naonúr a bhí sa dteaghlach, cúigear buachaillí agus ceathrar cailíní. Fuair an deirfiúr is sine bás cúpla bliain ó shin. Tá gach duine acu in Éirinn, beirt dheartháir leis i gCorr na Móna.

“Sin rud a bhí mo mháthair ag díriú air nuair a bhí muid ag fás suas, ag triáil muid a choinneáil sa tír. Mar nuair a bhí sise ag fás suas, an duine ab óige de naonúr clainne a bhí inti, an chuid ba shine bhí siad imithe go Meiriceá sular rugadh í. Ní fhaca sí cuid acu ariamh. Is dóigh gurb shin rud a ghoill uirthi ariamh. An duine ba shine sa gclann níor tháinig sí ar ais ariamh go hÉirinn.”

D’inis sé scéal dom faoi dheartháir lena mháthair a gortaíodh go dona sa bhFrainc le linn an Chogaidh Mhóir agus é in arm Mheiriceá. Ceapadh gur cailleadh é.

“Bhíodh mo mháthair i gcónaí ag cur a ainm le liosta na marbh le haghaidh aifrinne.”

Blianta fada ina dhiaidh sin tháinig cárta Nollag uaidh ó Mheiriceá, curtha ag Caitlín Ní Curraoin, ainm mháthair Sheáin sular phós sí. Bhí an cárta Nollag scríofa ag banaltra sa teach altramaí do sheansaighdiúirí ina raibh uncail Sheáin. É beo i gcónaí! Bhí máthair Sheáin in ann a ainm a dearthár a bhaint de liosta na marbh!

Bhí mé fiosrach an raibh aon gaol ag Seán leis na Tuairisgí sa Lochán Beag.

“Tá sé déanta amach ag Breandán Ó Tuairisg go raibh muid gaolta le chéile”, a dúirt sé liom.

Bhí beirt dheartháir de na Tuairisgí as Uachtar Ard ag dul thart ar Chonamara mar siúinéirí. Sin-seanaithreacha an dá chraobh de na Tuairisgí i gCois Fharraige. Shocraigh duine

acu i gCois Fharraige agus duine acu i gCorr na Móna.

Cogadh na Talún

An talamh a bhí á shaothrú ag muintir Sheáin i nGleann na Dubhachta, ba le Coláiste na Tríonóide é, a ceannaíodh mar *encumbered estate* tar éis an Ghorta Mhóir. Bhí Cogadh na Talún fíochmhar agus fuilteach i nDúiche Sheoighe agus bhí baint ag sinsir Sheáin leis. Ar an gCloch Breac, maraíodh an báille a bhí ag an tiarna talún, Benjamin Guinness, nuair a tháinig sé le próiséis a thabhairt do dhaoine a bhí le díshealbhú. “Huddy an t-ainm a bhí air, agus ní amháin gur mharaigh siad é, ach mharaigh siad a gharmhac freisin. Bhí muintir hUigín ann a bhí gaolta liom féin. Crochadh beirt acu mar gheall air.”

Maraíodh Lord Mountmorris chomh maith, thart ar 1880, cé nach drochthiarna talún a bhí ann, dar le Seán.

“Bhí cruinniú mór ar an bhFairche ag an *Land League* agus tá mé ag ceapadh go raibh na daoine áitiúla ag iarraidh rud mór



Seán Ó Tuairisg, Cathaoirleach nua Chomhairle Chontae na Gaillimhe



OÉ Gaillimh
NUI Galway

Acadamh na
hOllscolaíochta Gaeilge

Ollscolaíocht trí Ghaeilge

Cúrsaí i réimse leathan ábhar: Cultúr Dúchais, Scileanna Aistriúcháin, Cumarsáid, an Phleanáil Teanga, Ateangaireacht Chomhdhála, Ardscileanna Gaeilge do Mhúinteoirí agus an Ghaeilge Fheidhmeach. Tá na cúrsaí seo ar fáil ar bhonn lánaimseartha nó páirtaimseartha agus ar líne.

Bí ag caint linn!

www.oegaillimh.ie/acadamh



éicint a dhéanamh. Tháinig 5,000 ag an gcruinniú sin. Tháinig sé [Lord Mountmorris] aníos as an bhFairche agus bhí capall agus *jaunt* aige agus bhí beirt leaids óga ag suí i ngan fhios dó istigh ar an acastóir. Chonaic siad sin céard a bhí ag tarlú agus bhí deartháir le mo shin-seanmháthair ar dhuine acu.”

Oideachas:

Chuir sé iontas orm a fháil amach ó Sheán, nach ndearna sé an Ardteistiméireacht. Ní raibh sé éasca dhó oideachas meánscoile a fháil ag an am. Baile an Róba an mheánscoil ba ghairne dhó, fad seacht míle dhéag óna theach agus rófhada le rothaíocht ann. Ach theastaigh óna thuismitheoirí go bhfaigheadh sé oideachas le nach mbeadh air dul ar imirce, mar a rinne deartháireacha agus deirfiúracha a mháthar. Ní raibh mórán tíocht isteach acu.

“Bhí naonúr sa teaghlach agus mhair muid ag díol móna den chuid is mó.”

Ní raibh siad in acmhainn é a chur ag scoil cónaithe. Shocraigh a athair é a chur ag an gceardscoil sa gCeathrú Rua ag súil go bhfaigheadh sé printíseacht as. Chaith sé dhá bhliain ar lóistín sa gCeathrú Rua le Pádraig Ó Conaola i nDoire Fhatharta, é ag plé le móin, féar, fataí, etc., in áit fócaíochta ar an lóistín. “Bhí mé an-uaigneach go deo ann. Agus mo chuid Gaeilge, níorbh ionann í agus Gaeilge na Ceathrú Rua. Cheap siadsan go raibh mo chuid Gaeilge aisteach amach is amach. Bhíodh siad ag déanamh aithrise orm, rud nár thaithnigh liom ar chor ar bith.”

Tar éis an dá bhliain sa gCeathrú Rua fuair sé scoláireacht a lig dó bliain a dhéanamh sa gCeardscoil ar Bhóthar an Athair Uí Gríofa i nGaillimh, áit a ndeachaigh múinteoir amháin i gcion go mór air, Micheál Ó Conchubhair as Both Loiscthe.

“B’íontach go deo an múinteoir é, agus múinteoir ar thriail mé féin iarracht aithris a dhéanamh air. Adhmadóireacht a bhí sé ag múineadh. Cailleadh é dó nó trí de bhlianta ó shin. Chuaigh sé i bhfeidhm go mór orm agus ba shin é ceann de na cúiseanna a ndeachaigh mé le múinteoireacht ina dhiaidh sin.”

Fuair sé printíseacht le Bord Soláthar an Leictreachais (BSL) le bheith ina *fitter-turner*. Cuireadh síos go hArd na Croise ar an tSionainn é, áit a raibh Joe Sheáinín Ó Tuairisg as An Lochán Beag ag obair leis an BSL chomh maith. Thug sé ard mholadh don BSL faoin traenáil a tugadh dóibh mar phrintísigh. Chuir an BSL ar coláiste é go dtí Sráid Bolton. Tar éis trí bliana cuireadh siar go Scríob é, áit a raibh an stáisiún ginte leictreachais ag an BSL.

“Thaithnigh an áit sin go mór liom. Bhí daoine breátha as Ros Muc ag obair ann. Bhí an-mheas orthu mar oibrithe, bhí an áit coinnithe thar barr acu. Ach faraor ní raibh siad ag fáil a ndóthain móna ann le coinneáil ag imeacht.”

I measc na ndaoine a bhí ag obair leis ann bhí Pádraig Tim Ó Conghaile ón gCnoc.

Ag Múinteoireacht

Bhí múinteoireacht ina chloigeann agus d’éirigh le Seán áit a fháil ar chúrsa dhá bhliain do mhúinteoirí miotalóireachta. Agus é cáilithe le Líníocht agus Eolaíocht a mhúineadh chomh maith le Miotalóireacht, fuair sé post le Coiste Gairmoideachais na Gaillimhe. Mar gheall go raibh Gaeilge ar a thoil aige, iarradh air folúntas i nGairmscoil Indreabháin a líonadh, áit ar chaith sé a shaol múinteoireachta ar fad. Bhí



Seán Ó Tuairisg, ina ról mar Leas-Phríomhoide ar Choláiste Cholmcille, ag bronnadh an duais don scoláire ab fhearr ar Shile Ní Thuathail ón gCoill Rua. Tá Sile ag múineadh scoile thall i Rotterdam na hOllainne anois

ardmheas air mar mhúinteoir.

Tugann sé ardmholadh do Sheán Ó Mainnín, an Ciarraíoch, a bhí ina príomhoide ar an Teic ag an am.

“Ba íontach an duine é, an meon a bhí aige faoin gceantar agus faoin nGaeilge. Bhí sé an-mhaith ag réiteach le daoine agus bhí an-mheas ag tuismitheoirí air agus ag na scoláirí air freisin. Agus bhí bean eile ansin, Bean Uí Sheachnasaigh. Bhí sí an-mhaith amach is amach. Mar a deir roinnt de na scoláirí, bhí sí cosúil le ‘mamaí’.”

Thóg sé píosa air socrú isteach ar an múinteoireacht.

“B’éigean dom seasamh siar ón rud ar fad agus a rá an bhfuil mé feiliúnach don mhúinteoireacht ar chor ar bith” a dúirt sé liom.

Thuig sé go raibh sé ag tabhairt an iomarca stuif do na scoláirí agus ag dul i bhfad rósciobtha. Théis dhó an méid sin a thuiscint, tháinig athrú íontach ar na torthaí a bhí á bhfáil aige sa scoil.

“Tá fhios agam go raibh siad ag fáil na dtorthaí chomh maith is a bhí sa tír, i bhfad chun cinn ar an meán náisiúnta.”

Bás a Athar

Ní raibh sé i bhfad sa phost nuair a fuair a athair bás, gan choinne.

“Ní raibh mé ag súil leis ar chor ar bith. Bhí sé óg go maith, bhí sé sna seascaidí. Bhí ailse air, rud nach raibh fhios agam. Bhínn ag dul isteach san ospidéal ag breathnú air agus ní inseodh na dochtúirí ná na banaltraí dom é.”

An tseachtain sular cailleadh é, bhí scrúdú dochtúireachta le déanamh aige chun a bheith ceaptha go lánaimseartha mar mhúinteoir. Ba é an dochtúir céanna a bhí ag breathnú i ndiaidh a dheaide a rinne an scrúdú leighis agus chuir Seán ceist, cén uair a mbeadh a athair ag dul abhaile.

“Ó”, a dúirt an dochtúir leis, “tá do Dheaide réidh”.

Fágadh faoi Sheán an drochscéala a thabhairt abhaile. Is rud é a ghoilleann i gcónaí air.

“Ba mise an tríú duine ba shine sa gclann, an deirfiúr is óige bhí sí naoi mbliana ag an am, agus bhí cailín eile, Caitlín, fuair sí scoláireacht go dtí scoil chónaitheach, áit a raibh sí ag an am.”

Údarás na Gaeltachta



Branda – Gaeltacht na hÉireann

Réigiún cruthaitheach bríomhar é an Ghaeltacht ó thaobh teanga, stair, cultúr, fiontraíocht, daoine agus tírdhreach de.

Tá branda nua faoi leith forbartha ag Údarás na Gaeltachta le húsáid chun iontais an réigiúin seo a chur chun cinn.

Tá an branda ar fáil do chuile dhuine le n-úsáid – ár gcuid cliaint, comhlachtaí eile lonnaithe sa nGaeltacht, eagraíochtaí pobail, an eanáil turasóireachta, na healaíona agus earnálacha eile.

Chuille eolas le fáil ag www.udaras.ie

eolas@udaras.ie



www.udaras.ie

Téacsleabhar Miotalóireachta

Ní raibh aon téacsleabhair don ábhar miotalóireacht ar fáil i nGaeilge nuair a iarradh ar Sheán tabhairt faoi cheann a réiteach, rud a rinne sé. Ní raibh tada ag tarlú faoi é a fhoilsiú go dtí gur chuir Michael D. ceist sa Dáil. Socraíodh cruinniú leis na cigirí miotalóireachta.

Dúirt cigire amháin leis, *‘is there any need for a metalwork book in Irish? Sure you’d count on the fingers of one hand the number of schools doing Metalwork through Irish!’*

“Dúirt mé, *‘they deserve to be treated like all the other citizens of the country.’*”

Tugann sé an chreidiúint do Mháirtín Ó Cadhain, mac Joe Cadhain, a bhí ag obair leis an nGúm faoin leabhar a thabhairt chun foirfeachta.

“Bhí mé buíoch go deo leis mar chuir sé slacht air, chuir sé eagar air agus rinne sé leabhar den scoth as.”

Rinne Seán aistriúchán go Béarla ar an leabhar ansin, leabhar atá in úsáid i gcónaí. Ní mórán téacsleabhair i mBéarla a aistríodh ón mbunleabhar i nGaeilge!

An Pholaitíocht

Sheas Seán a chéad toghchán ar thicéad Fhianna Fáil in 1999. Muintir Dhúiche Sheoigeach a d’iarr air seasamh i dtoghchán Údarás na Gaeltachta. Níor tugadh mórán seans dhó.

“Dúradh liom gur ag cur amú ama a bhí mé, agus go mbeinn ag cur isteach ar an bpáirtí, mar sin nár cheart dom seasamh.”

Ní raibh mórán caoi ar an bpictiúr a bhí ar an mbileog toghchánaíochta a bhí aige. Dúirt an Teachta Dála Frank Fahy leis gur beag seans a bhí aige “ach leis an bpictiúr sin níl seans dá laghad!”

Tháinig sé amach ar bharr an liosta le 1,384 vóta agus toghadh é ar an gcéad chomhaireamh. Toghadh Seán Ó Neachtain, Seosamh Ó Cuaig agus Pól Ó Foighil, ar Bhord an Údaráis an lá céanna.

Anois agus blaiseadh den pholaitíocht faighte aige, sheas sé don Chomhairle Contae in 2004, agus toghadh é ar an tríú duine. B’ é 2009 an toghchán ab fhearr a bhí aige, an uair ba airde a fuair sé vóta in aon toghchán, cé go raibh scrios déanta go náisiúnta ar Fhianna Fáil de bharr na géarchéime airgeadais.

Céard faoi Fhianna Fáil?

Tá cúlra poblachtach ag Séan Ó Tuairisg. Is de threabh Fhianna Fáil é. Bhí a uncail, ar thaobh a athar páirteach i gCogadh na Saoirse. “Bhí sé ag tiomáint jíp do na hÓglaigh i gceantar Chorr na Móna an t-am sin. Tá píosa den jíp sin agam i gcónaí, jíp m’uncail. B’éigean dó imeacht as an tír mar bhí tóir air.”

Ach céard é a mheas ar Fhianna Fáil anois agus an dearcadh forleathan ann gur scrios Fianna Fáil an tír? Dúirt sé liom nár choinnigh Fianna Fáil a dhóthain smachta ar chúrsaí nuair a bhí an Tíogar Ceilteach in ard a réime.

“Bhí iasachtaí ag na bancanna, gan tada taobh thiar dóibh agus ansin nuair a ghlaoigh na bancanna Eorpacha ní raibh an t-airgead ag na bancanna.”

Faigheann sé locht ar Bhertie Ahern nár fhan sé amach as an rialtas in 2007 agus ligint d’Fhine Gael agus an Lucht Oibre a bheith ar an stiúir nuair a thiofadh an géarchéim airgeadais.

“Botún a rinne Fianna Fáil nuair a chuaigh siad isteach sa rialtas (2007). Agus dúirt mé le Éamon Ó Cuív é ag an am sin. Ní raibh fhios agam go raibh an ghéarchéim le theacht ach bhí fhios agam go mb’fhearr dóibh fanacht amach as rialtas.”

Tá ardmheas ag Seán ar Éamon Ó Cuív mar geall ar an méid a bhain sé amach i nDúiche Sheoighe mar bhainisteoir ar an gComharchumann. Tugann sé an chreidiúint dhó as an muileann adhmaid a thosú, a thugann fostaíocht do 120 duine sa gceantar anois.

“Ba é Éamon a thosaigh na rudaí sin ar fad sa gceantar. Bhí sé in ann imeacht as an gceantar agus dul ar ais go Baile Átha Cliath agus post níos fearr a fháil, ach d’fhan sé anseo. Muintir na háite a d’iarr air dul sa bpolaitíocht. Ní raibh mórán fonn air. Ach d’iarr siad air go mbeadh guth acu.”

Is léir go bhfuil díomá ar Sheán nach raibh Fianna Fáil sásta Éamon Ó Cuív a ainmniú le seasamh don Uachtarántacht agus go bhfuil faillí déanta ag Fianna Fáil gan duine a chur ann, cé go n-adhmaíonn sé obair íontach a bheith déanta ag Micheál D. mar uachtarán ar an tír.

An Comhairle Contae

Tá Seán cáinteach faoina laghad cumhachtaí atá fágtha ag an gComhairle Contae.

“Na seirbhísí a bhí muid a chur ar fáil, tóigeadh uainn iad. Mar shampla, an tseirbhís le haghaidh ceadúnas tiomána, an Chomhairle Contae a bhíodh á eagrú sin. Bhí muid freagrach as uisce agus séarachas go hiomlán, na scéimeanna sin.”

Is léir go bhfuil frustrachas ar Sheán, leis na laincisí atá ar an gComhairle Contae de bharr ganntanas airgid agus ganntanas foirne. Cuireann sé an locht ar an rialtas. Ach mheabhraigh mé dhó gur shocraigh na comhairleoirí iad féin méid an ioncaim ón gCáin Mhaoine Áitiúil a laghdú 10% anuraidh, laghdú €700,000 in ioncam na Comhairle Contae don bhliain 2018. Nach bhfuil an locht air féin agus ar na comhairleoirí eile a vótáil a son an laghdaithe, má tá ganntanas airgid ar an gComhairle Chontae? Is cosúil nuair a socraíodh an 10% breise a bhailiú isteach sa bhliain 2017, fuair comhairleoirí Fhianna Fáil íde béil ón a lucht tacaíochta.

“Chuaigh mise ag cruinniú Fhianna Fáil ina dhiaidh agus itheadh mé,” a dúirt sé liom.

An mbeidh sé ag seasamh arís?

“B’fhéidir go bhfuil mo dhóthain ama caite agam leis an bpolaitíocht”, a dúirt sé liom nuair a chuireas an cheist air an mbeidh sé ag seasamh sa dtoghchán i mí Meithimh seo chugainn. Tá teorannacha na dtoghcheantar athraithe agus ní bheidh vótaí Dhúiche Sheoige ag Seán an uair seo. Níl a intinn déanta suas aige.

“Feicim rudaí gur féidir a dhéanamh agus ar bhealach ba mhaith liom leanacht leis an obair ach ar bhealach eile b’fhearr ligean do dhuine óg dul chun cinn”.

Bealach amháin nó bealach eile, tá seirbhís mhaith ionraic tugtha ag Seán Ó Tuairisg mar ionadaí poiblí ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus ar Bhord Údarás na Gaeltachta. Guíonn muid gach rath air mar Chathaoirleach na Comhairle Contae don bhliain reatha. ■


Fáilte go Coláiste Lurgan



Gaeilge gan dua
i gceartlár na Gaeltachta

Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Fón 091 593182

 **Print**
Clódóirí CL



- Dearadh • Leabhair
- Clóbhualadh Trádálach
- Comharthaí • Táirgí PVC
- Print • Signage • Design

Casla, Co. na Gaillimhe t. 091 506 597
e. info@clprint.ie w. www.clprint.ie



Seansiopaí a bhíodh idir an Spidéal agus Ros an Mhíl

Ruaidhrí Ó Tuairisg

A nation of shopkeepers’ a thug Napoleon ar an mBreatain. Dúirt daoine gur le drochmheas a dúirt sé é sin, ach dúirt sé féin gurbh iad na siopaí beaga a chuir an Bhreatain chun cinn i saol na trachtála. D’fhéadfaí an rud céanna a thabhairt ar an tír seo san am a caitheadh. Sa bpíosa seo tá cur síos ar na siopaí a bhí ann idir an Spidéal agus Ros an Mhíl ach nach bhfuil ann níos mó. Bhí siopa nó dhó i chuile bhaile fearainn. Bhí siad ann mar ní raibh carranna ann agus chaithfeadh duine siúl. Bhí go leor daoine i chuile theach agus bhí go leor earraí ag teastáil. Bhí go leor curadóireachta ar siúl. Dhíol na siopaí ar fad mórán na rudaí céanna, tae, siúcra, tobac, snaoisín, milseáin, subh, ola mhór, (pairifín), earraí a theastaigh i chuile theach ach bhí cuid acu a dhíol málaí móra plúir, bran, iasc saille i mbairillí, suimint, láí, speal, sleán, etc. Bhí siopa i gcuid de na tithe ósta.

Thosaigh go leor acu ag dúnadh i ndeireadh na 60í agus tús na 70í mar bhí carranna dhá gceannacht agus bhí rogha níos fearr sna bailte móra. Chomh fada agus is eol dom, seo iad na siopaí a dúnadh idir shéipéal an Spidéil agus céibh Ros an Mhíl:

1. Tigh Chocattoo

Siopa beag a bhí treasna ó shéipéal an Spidéil san áit a bhfuil an áirse le taobh an ionaid ghruaigeadóireachta. Níl aon eolas eile againn faoi.

2. An Co-Op

Tá Banc AIB ann anois. Bhí ábhair tógála tí ann, adhmaid, suimint, earraí crua. Bhí Mícheál Ó Conluain mar bhainisteoir ann. Bhí baint ag Mícheál Ó Droighneáin agus Ned Breathnach leis. Bhuail na Dúchrónaigh Ned Breathnach in 1920. Ina dhiaidh sin bhí siopa búistéireachta ag Bill Kelly ann. Phós Erwin Toole iníon le Bill Kelly agus bhí siopa aige ann. Bhí a mhac Seán ann ina dhiaidh sin.

3. Tigh Dan agus Joe Arran

Bhí siopa beag acu in aice an chlochair. Ceaptar gurbh as tuaisceart na tíre iad. Níl mórán cuimhne ar an siopa sin anois.

4. Tigh Mhike Connolly

Suas ó thuaidh de stór crua-earraí O'Donnell. Bhí teach an phosta ann agus siopa beag ag díol páipéir agus tobac. Dhún sé timpeall 1968.

5. Tigh Johnny Folan

Treasna an bhóthair ó Tigh Frances. B'as an bPáirc Johnny. Bhí siopa an-láidir ann a dhíol réimse mór earraí. Is as a tháinig an chónra a cuireadh ar Thadhg Mharcais a maraíodh sa

'mine'. Bhí Paddy Choimín, a bhí ina oifigeach leasa shóisialaigh níos deireanaigh, ann. Dúnadh an siopa sna 50í agus cheannaigh Paddy Frances é.

6. Tigh Pheadair Chonchúir

Le taobh Tigh Johnny Folan. Siopa beag ach go leor earraí ann. Mura dtaitneofa leis dhéarfadh sé nach raibh an rud sin aige. Bhí madadh aige darbh ainm 'Guess'. Chuirfeadh duine ceist ar Pheadar, "cén t-ainm atá ar an madadh?" Dhéarfadh Peadar 'Guess'. Dhéarfadh mo dhuine 'Blackie'. Dhéarfadh Peadar 'Guess'. Dhéarfadh mo dhuine 'Topsy'. Dhéarfadh Peadar 'Guess' agus leanfadh an scéal ar aghaidh tamaillín eile mar sin.



*Seán Pheadair an Bhreathnaigh agus Mary Folan
(duine de mhuintir Sheán Jimmy as Cor na Rón)*

Tigh Cualain

Teach Ósta & Lóistín

Coill Rua,

Indreabhán,

Co. na Gaillimhe.

Fón: +353 91 553609

tichualain@gmail.com

www.tighchualain.com



An Coimisinéir Teanga

www.coimisineir.ie

An Spidéal, Gaillimh, Éire

FÓN: 091 504 006 / 1890 504 006

RÍOMHPHOST: eolas@coimisineir.ie

 @ceartateanga

Ag cosaint cearta teanga

7. Tigh Tom Tuppence

Siopa beag san áit a bhfuil An Cruiscín Lán anois. Bhí sé ráite dá gcuirfeá ceist cén praghas a bhí ar rud, dhéarfadh fear an tsiopa 'tuppence'. (Don aos óg, sin dhá phingin den seanairgead). Bhí teach ósta ag Tim Johnny ann ina dhiaidh sin.

8. Garáiste Jim Dillon

Taobh thiar den siopa poitigéireachta ar bhruach na habhann. Ag deisiú motorbikes agus rothair i lár na 40í. Thosaigh John Enda Ó Finneadha ag búistéireacht ann. Ansin d'athraigh sé síos ó dheas mar bhí siopa ann ag a athair agus ag a mháthair Maria (Collins). Tá an siopa búistéireachta ann i gcónaí.

9. Tigh Eddie Sheáinín, an Tuar Beag

Osclaíodh siopa sa teach i dtús na 50í agus siopa nua timpeall 1960. Bhí na gnáthearraí le fáil, fiú Lá Nollag dá mbeadh rud ag teastáil go géar. Bhí bean Eddie, Baibín, ag obair ann agus a hiníon, Máirín, nuair a bhí sí 10 mbliana. Dhún an siopa in 1985 agus d'oscail sé arís ar feadh bliana in 1960.

10. Tigh Pheadair Sheáin Chatach, Sáile Chuanna

D'oscail Peadar agus Nan an siopa sa mbliain 1962. Tháinig a mac, Pádraig agus a bhean, Sarah, abhaile as Sasana agus rith siad an siopa. Dúnadh é timpeall 1992.

11. Tigh Máirtín Uí Chadhain, Sáile Chuanna

Tháinig Máirtín Ó Cadhain as an Lochán Beag abhaile as Meiriceá agus cheannaigh sé teach ar dheis ag ceann bhóithrín Sháile Chuanna sa mbliain 1925 agus d'oscail sé féin agus a bhean, Bríd 'Chountair' Ní Dhíreáin as Árann, siopa ann. Dúnadh an siopa timpeall 1940. Tá Robert agus Margaret Ó Marta sa teach anois.

12. Tigh Mharcais, Coill Rua

D'oscail Pádraig Eoin Ó Neachtain agus a bhean Cáit teach ósta agus siopa anseo in 1898. Ina dhiaidh sin bhí Mary Phádraig Eoin agus Marcas Dick ann. Thóg Colm an áit ansin agus anois tá an ceathrú glúin, Colm Óg ann. Dúnadh an siopa 1992.

13. Tigh Mhaidhc Tuathail, Coill Rua

Bhí an teach suite san áit a bhfuil teach Pheigí agus Joe Chuinn anois. Tháinig Maidhc Tuathail as Coill Rua agus a bhean, Delia Ní Chonghaile as an mBóthar Buí, An Cnoc, abhaile as Meiriceá i lár na 20í agus cheannaigh siad teach anseo agus d'oscail siad siopa ann sna 30í. Dhíol siad earraí mórán mar chuile shiopa eile. Bhíodh leaba agus bricfeasta le fáil ann freisin. Dhún an siopa i lár na 50í nuair a buaileadh tinn Delia.

14. Tigh Phaddy King, Coill Rua

Bhí Paddy King ag obair ag Peadar Breathnach i gCor na Rón, Tigh Phaddy Mhatt anois. Rinne sé teach treasna an bhóthair ó Shiopa an Phobail, san áit a bhfuil árasáin Theach an tSrutháin anois, go luath sna 50í agus taobh thiar den teach bhí an chéad siopa. Ansin thóg sé siopa le taobh na habhann sna 60í agus ina dhiaidh sin arís treasna an bhóthair. Sin é Siopa Joyce anois.

15. Tigh Frank Seachnasaigh, An Cnoc

Ba's Carna Frank agus as ceantar an Mháma Máire. D'oscail siad an siopa in 1954. Bhí hacnaí ag Frank, ba ceantálaí é agus bhí siopa taistil aige. Thóg siad isteach beirt dearthár óg as Co. an Chláir, Sennan agus Máirtín



Maidhc Tuathail as na hAille ó dhúchas, a bhean Delia Ní Chonghaile arbh as Leithrinn di agus a ngarmhac Martin, mac le Margaret agus Taimín Malone. Tógadh an pictiúr Bealtaine 1952

Ó Danachair in 1969. Bhásaigh Senan agus tá Máirtín ann anois. Ba acu a bhí an chéad teilifís san áit. Thagadh comharsain isteach ag breathnú ar chluichí. Dúnadh an siopa ag deireadh na 80í.

16. Tigh Jimmy Bheachla Ó Fátharta, na hAille

Teach ósta agus siopa. Thóg Beachla Ó Fátharta an áit. Ansin bhí Jimmy agus Bríd as an gCeapach ann. Bhí hacnaí ag Jimmy. Bhí cónraí aige agus bhíodh sé ag freastal ar shochraidí. Dhíol siad na gnáthearraí sa siopa chomh maith leis an sleán, láí, speal etc. Bhí áiléar sa seid ar chúl an tí agus bhíodh céilithe ann, Áiléar Bheachla mar a tugadh air.

17. Tigh Mholly, an Lochán Beag.

Teach beag ceann tuí a bhí ann. Cuireadh méadú mór air i ndeireadh na 1800í. Phós Pádraig Ó Tuairisg Molly Ní Allmhúraín as Uachtar Ard. Tá cuntais tí ósta agus siopa ann ó 1896. Dúnadh an áit in 1928 mar gheall ar bhás Phádraig agus Molly. D'oscail sé arís in 1950 agus Michael agus Annie agus Kathleen ann. Níl aon athrú ar an seanbheár ó shin. Dúnadh an siopa in 1998 nuair a bhásaigh Kathleen. Tá an teach ósta ann i gcónaí. Tá scéal na háite ar fad i mBiseach 2004.

18. Tigh Mhoya, an Lochán Beag.

Thóg Breandan agus Seán Bheachla Jeaic Ó Cualáin an siopa beag seo do mo mháthair, Moya, timpeall 1960. Ó Thárla go raibh deichniúr sa teach, is mó a d'itheamar ná a díoladh. Bhí sé ligthe le roinnt daoine, ina measc bhí

Adhlacóirí Mhic an Iomaire

Seirbhís Iomlán Sochraide



Pádraig (091) 572974 / (091) 551127

Fón Póca (087) 9213795

Joseph (087) 9173279



Comharchumann Shailearna Teo.

Seanscoil Sailearna, Na hAille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe

091-593017 • 091-593715 • cst@eircom.net

Seirbhísí

Forbairt Pobail/Fostaíocht/Fiontraíocht
Seirbhísí Oifige/Seirbhís Mapaí Talún
Oideachas/Pleanáil Teanga
Tithíocht & Oidhreacht
Óige
Scéim Fuinneamh in-athnuaite

Scéimeanna

SFP
SST
TÚS

Ionaid

Seanscoil Sailearna
Gorlann na Gaeilge
Amharclann Chois Fharraige
Ionad Tacaíochta Teaghlaigh

Uaireanta Oifige:

Luan-Déardaoine: 9.00r.n.-5.00i.n.

Aoine: 9.00r.n.-4.00i.n.

Lón: 1.00i.n.-2.00i.n.



Comharchumann Shailearna Teoranta

'Cur Chun Cinn Teanga, Cultúir, Fosaíochta agus Seirbhísí'

Tom Moore, Maisie Barret, Ann Lynch agus Bob Quinn. Dhún sé sna 1980í.

19. Tigh Chotter, An Poitín Stil anois

Teach ceann tuí a bhí ag Peadar a' Ghabha. Bhí teach ósta agus siopa ann. Chas Mamie, iníon Pheadair, le Johnny Cotter i Meiriceá. Tháinig siad abhaile agus dheisigh siad an áit. Bhí muileann gaoithe ann, stór mór taobh thiar le plúr, bran, etc. Bhí snug ann do mhná ar chúl an bheáir. Bhíodh margadh muc ann. Chuir mac Johnny agus Mamie, Éamonn, píosa mór siar as an teach. Bhí halla damhsa ann sna 1970í agus bhí sé ag díol carranna freisin. Bhí beirt deirfiúr le Mamie, Hannah agus Sarah, sa teach. Dhún an siopa agus díoladh an teach ósta ina dhiaidh sin le Máirtín Lally. Dhíol seisean é le Cóil Ruaidí Ó Tuairisg agus ansin díoladh é le Pádraig Joe Joe in 1996.

20. Tigh Ned Sheáin, an Lochán Beag

Sean-teach fada ceann tuí a bhí ann. Bhí siopa láidir ag Ned. Bhásaigh an chéad bhean agus phós sé Méine Pheaits Mhóir as Cor na Rón. Tá beirt chailíní óga leo curtha i nDumhach na Leanbh. Dhíol Ned gnáthrudaí mar a bhí i chuile shiopa agus bhíodh bairillí scadán aige, málaí móra plúir agus bran, ola mhór agus carraigín i seid in aice an tí. Níos deireanaí sa seid sin bhíodh Matt Phádraigín agus Pádraig Feáirtí ag taispeáint scannán ann. Fuair iníon leo, Bidín, an posta nuair a bhí sí tuairim bliain is fiche. Bhí sí pósta le Joe Hughie Ó Fátharta as na hAille.

21. Tigh Oliver Rooney, an Teach Mór

Is ann a bhí teach an phosta scaitreamh chomh maith le siopa beag nuachtán agus irisí.

22. Tigh Bhillie Mhichael Pheaits Breathnach, Cor na Rón

Bhí siopa trasna ó Tigh Tuohy, 1972/73.

23. Tigh Sheáin Tuohy, Cor na Rón

Máirtín Standún a thug Seán Tuohy go Conamara i dtús na 60í. D'oscail siad siopa siar ón áit a bhfuil an Seaview Lodge anois. Phós Seán Brídín Mharcais as an Lochán Beag. Bhí siopa grósaeireachta agus teach posta ann. Bhásaigh Seán in 1986. Choinnigh Brídín teach an phosta ar feadh tamaill. Bhí tine ann ina dhiaidh sin. Thóg Oliver Rooney an siopa agus an posta ansin. Bhí tine sa siopa sin sna 1980í agus chuaigh Oliver siar Tigh Phaddy Mhatt. Níos deireanaí thóg sé áit ar an Teach Mór in 1996 ina raibh teach an phosta. Dúnadh é in 2009.

24. Tigh Phádraigín Phádraig, Cor na Rón.

Tháinig Pádraigín abhaile as Meiriceá agus phós sé Máire Dan as an mBaile Láir. Ba iad tuismitheoirí Mhatt Phádraigín iad. Cheannaigh siad teach ó mhuintir Stiofáin an Táilliúra timpeall 1915 agus d'oscail siad siopa beag ann ar feadh tamaill. Bhí an siopa píosa beag soir ó Tigh Phaddy Mhatt, san áit a bhfuil Tigh Johnny agus Máire Uí Fhlatharta anois.

25. Tigh Phaddy Mhatt, Cor na Rón

Ba ceann de shiopaí Dick Toole é seo. Tháinig Paddy Mhatt Mac An Iomaire abhaile as Meiriceá in 1965 agus cheannaigh sé an áit ó Pheadar Mór Breathnach. Bhí siopa láidir ann agus stór mór ó dheas den bhóthar le plúr, bran, grán, uirlisí talún, etc. D'oscail Paddy agus a bhean, Mary, ollmhargadh ann mar a bhí le feiceáil sa Connacht Tribune ar an 3ú Márta 1972. Dúnadh an siopa timpeall 1995 ach bhí Oliver Rooney ann leis

an bpost. D'athraigh seisean soir go dtí an Teach Mór timpeall 1996.

26. Tigh Sheáin Jimmy, Cor na Rón

Tá an teach suite díreach taobh thiar de bheairic na ngardaí. Teach ceann tuí a bhí ann. Tháinig Seán Jimmy Ó Cúláin abhaile as Meiriceá agus 80 punt aige. Ba mhór an méid airgid é ag an am. Bhí sé ag obair ar an ráille. Phós sé Mary Dillon a bhí sa teach. D'oscail siad siopa ann agus bhí teach an phoist ann. Bhí an Irish Independent dhá dhíol ann. Bhí a mac Pádraig ann ansin agus a bhean Delia. Dúnadh an siopa in 1938. Ba le Learaí Sheáin Jimmy an Beairic. Dhíol sé le Dick Toole é.

27. Tigh Pheaits Tuathail, na Mine

Seanteach dhá stór díreach taobh thiar de Abhainn Chromghlinne, ar chlé ar do bhealach siar. Tháinig Peaits Tuathail abhaile as Meiriceá agus d'oscail sé siopa. Bhí teach posta ann. Bhí Steve Pheaits Tuathail ann ina dhiaidh. Bhí muileann ann a bhíodh ag meilt grán.

28. Tigh Philip Phádraig Ceannann, na Mine

Bhí teach ag Philip anseo agus d'oscail sé siopa ann. Bhí an teach san áit a bhfuil Gruaigeadóir Nancy anois. Ní raibh sé i bhfad ann gur maraíodh mac óg leis ar an mbóthar i lár na 50í agus d'imigh an chlann go Sasana. Cheannaigh Tommy Donohue é agus bhí a dheartháir Cóilín ann go dtí tús na 90í. Bhí Máire Dainín as an Teach Mór ann ar feadh tamaill. Cheannaigh Tom Beag an áit in 1992. Siar ón siopa bhí siopa troscán ag Martin McDonagh agus ag Prisilla timpeall 2008/09.

29. Tigh Jane Leáin, na Mine.

Thug sí 'Minna Lodge' ar an áit. B'as Cnoc na Cathrach i nGaillimh í. Bhíodh sí an-ghléasta i gcónaí sa siopa. Teach ceann tuí atá ann. Tá cuimhne fós ar na crúscaí móra gloine milseán a bhíodh ann. Tá clann Francach san áit anois.

30. Tigh Mháirtín Ó Márta, na Mine.

Tháinig Máirtín agus May as Sasana agus d'oscail siad siopa Lá an Phátrúin 1972. Bhíodh May ag obair sa siopa agus Máirtín ag seachadadh plúir, eorna, bran, beatha beithíoch etc. timpeall na háite. Dhún an siopa i 2001. Bhásaigh Máirtín i 2017.

31. Tigh King, na Mine

Bhí na Mine ina bhaile mór lena raibh de shiopaí ann. Seo é an cúigiú siopa. Bhí Peter King as Uachtar Ard sa siopa ar feadh trí nó ceathair de bhlianta ar dtús. Buaileadh tinn é agus bhásaigh sé in 1923. Tháinig Pat King as Meiriceá in 1923. Phós sé Margaret Morrissey as an nGleann. Dhíol siad na gnáthrudaí, tae, siúcra, plúr, bran, beatha beithíoch agus mar sin. Dúnadh an siopa in 1976/77.

32. Tigh Pheait Tommy, na Creagáin

Bhí teach ósta agus siopa anseo ag Tommy Ó Coisdealbha as an gCloch Mhóir agus ag a bhean Judy. Tugadh Tigh Judy air roimhe seo. Máthair Pheait Tommy a bhí sa siopa.

33. Tigh Tommy Walsh, Baile na hAbhann

Tá an áit seo síos an bóthar díreach taobh thiar de TG4. Tháinig Seán Pheadair an Bhreathnaigh as Gleann Mhac Muirinn go dtí an áit in 1896. Phós sé Mary Folan as Cor na Rón Thiar in 1911. Bhí teach ósta, siopa, teach posta agus óstán ann. Ansin thóg Tommy agus Bríd agus a mac,

Ní gá fanacht ar ócáid...

www.údar.ie


cluichí agus leabhair Ghaeilge i rith na bliana

Monopoly as Gaeilge, Scrabble as Gaeilge, Scrabble na nÓg as Gaeilge

Tuar Ceatha, Odyssey Gramadaí, Fios Feasa, Tuar Ceatha, Biongó Bóthair, Snap as Gaeilge

Míreanna Mearaí trí Ghaeilge, Teidí le Gaeilge, Puzal Urláir do pháistí

Focal Fada, Spraoi le Brí, Crannóg, Imearas Focal, stocaf agus maisiúcháin na Nollag



Dúshlán Staire: an bhfuil tú cinnte faoin stair?
Ar tharla eachtra stairiúil roimh, nó i ndiaidh eachtra eile sa stair?
Cluiche nua, do theaghlaigh, scoileanna, ciorcail chomhrá srl.



Foghlaim na huimhreacha i gcluiche sprafúil.

Snap le huimhreacha, íomhánna agus focail.

Leabhar dathúcháin nua ar théama na Nollag.

42 íomhá le dathú.

eolas@glornangael.ie

údar.ie
siopa gaeilge ar-líne

Glór na nGael
www.glornangael.ie

046 943 0974

RTÉ RAIDIÓ NA GAELTACHTA

Seirbhís iomlán raidió do
phobal Chonamara
Seacht lá na Seachtaine

Nuacht agus cúrsaí reatha, siamsaíocht,
ceol, spórt, aifreann, fógraí ...



rte.ie/rnag | [@RTERnaG](https://twitter.com/RTERnaG) | [f /RTERnaG](https://facebook.com/RTERnaG)

t +353 91 506677



Mícheál, an áit ina dhiaidh sin. Dúnadh an teach ósta in 1990 agus an siopa in 2004 tar éis tine a bheith ann.

34. Tigh Dhónal Joyce, an Tulaigh

Rinneadh an siopa san áit a raibh seanscoil na Tulaí timpeall 1965. Bhí sé féin agus Eileen ag díol cuimhneacháin agus earraí marmair Chonamara. Dódh an siopa timpeall 1980.

35. Tigh Pheadair Dick, an Bhánrainn

Bhí Johnny Cotter, a bhí ar An Lochán Beag anseo ina dhiaidh sin. Bhí Peadar Mór (Ó Cualáin) ag obair ag Dick Toole agus phós sé isteach anseo. Bhí teach ósta agus siopa ann. Tá an siopa dúinte le fada ach tá Tommy ag rith an tí ósta.

36. Tigh Pheadair Cháit, an Caorán

Siopa beag a osclaíodh sna 1970í agus dhún sé tar éis cúpla bliain.

37. Tigh Tom Mhicil Liam (Ó Conghaile), Baile an tSléibhe

Teach dhá stór ar chlé suas bóthar Ros an Mhíl aniar ón mBattery. Phós Tom Peige Bheachla Thaidhg as an gCnoc in 1922. D'oscail sí siopa ann in 1925. Dúnadh é in 1973. Colm Ó Maoileoin atá ann anois.

38. Tigh Tom na Céibhe Ó Faoláin, an Baile Láir, Ros an Mhíl.

Cheannaigh Pádraig Joe Joe Mac An Iomaire an siopa beag sin in 1986 agus bhí sé ann go dtí 1996. Tá an áit folamh anois. Cheannaigh Pádraig An Poitín Stil

in 1996 ó bhean chéile Chóil Ruaidí Ó Tuairisg, Bernie.

39. Tigh Terry, Barr Roisín, Ros an Mhíl

D'oscail Mairéad agus Paitín Terry teach ósta agus siopa anseo in 1915. Bhí a mac Michael ann ó 1930. Thóg a mhac Pádraig ceannas air in 1964. Dúnadh an siopa in 1966. Dhíol Pádraig an teach ósta in 1992. Tá sé oscailte i gcónaí.

40. Tigh Joe Mhoir, na Doireadh

Rugadh Joe Mór Mac an Iomaire i nDoire an Choill. Cheannaigh sé an siopa a bhí ag na Gormans sna Doireadh. Bhí an siopa aige féin agus ag a bhean, Annie, ó 1946 go dtí 1978. Siopa mór láidir a bhí ann, ábhair mar a bhí i chuile shiopa, ach bhí bróga, éadach, earraí talamhaíochta etc. ann.

Tá mé thar a bheith buíoch do na daoine ar fad a roinn a gcuid eolais go fial, flaithiúil liom. Ba liosta fada iad a ainmniú mar bhí go leor, leor acu ann. Bhí cuid acu ag obair sna siopaí seo agus ba gaoilta leo daoine eile. Bhí tuilleadh fós a raibh eolas acu faoi na siopaí. Chuir sé iontas ar chuile duine go raibh an oiread sin siopaí ann a bhí dúinte. Tá buíochas speisialta ag goil do Mhaidhcín Dan Ó Droighneáin as an Tuar Beag a thug ainmneacha agus eolas dom faoi go leor de na siopaí. Má tá botúin ann, siopa ar lár, nó a leithéid, is féidir an botúin a cheartú sa gcéad eagrán eile de Bhiseach.

Seo cuid de na Seansiopaí sin





Muintir Leaice as na hAille

Breandán Ó Tuairisg

Seo scéal beag faoi Mhalachy Concannon (20/03/1796 go dtí 12/02/1875) agus a bhean, Ellen nó Helen Costello (18/02/1801 go dtí 25/02/1886) arbh as na hAille di. Is é an t-eolas a fuair mé ná go dtáinig seisean as Tuaim Dhá Ghualainn ina fhear óg, phós sé Ellen Costello agus chuir siad fúthu sna hAille. Tugadh ‘Leaice’ mar leasainm ar Mhalachy. Is dóigh go raibh an t-ainm ‘Malachy’ cloiste ag muintir a’ bhaile agus lean an t-ainm a chlann agus a gharchlann. Bhí ceathrar clainne acu, Timothy, Bríd, Páidín agus Catherine. Chuaigh Tim agus Páidín go Meiriceá. Phós Catherine agus Bríd go háitiúil. Faoi Bhríd Leaice an scéal seo.

Is minic a chuala mé m’athair, Seáinín Beag, Michael Mholly, agus daoine eile nach iad, ag caint faoi agus ag moladh Bhríd Leaice. Ba bhean cabhrach í. Rugadh Bríd Leaice in 1845 agus phós sí Liam Ruaidí (Ó Tuairisg) as an Teach Mór, Ba táilliúr é Liam. Bhí deichniúr gasúr acu agus mar sin bhí sí amuigh go minic a’ tabhairt páistí ar an saol, a’ tabhairt cúnamh do mhná a raibh trioblóid acu le páiste as thabhairt ar an saol. Bhí sé ráite léi gur iomaí bean agus páiste a mhair le cúnamh Bhríde. Bhí daoine go leor buíoch di agus deir siad go raibh cáil uirthi i bhfad is i ngearr.

Rugadh Liam Ruaidí in 1840 agus bhásaigh sé ar an 12/10/1916. Rugadh Bríd in 1845 agus bhásaigh sise ar an 29/08/1930. Is iad na gasúir a bhí acu ná Máirtín (1865 go dtí 1921), Mary (1867 go dtí 1891), Michael (1869 go dtí

1935), Bríd (1871 go dtí 1930), Helen (1874 go dtí 1937), Catherine (1876 go dtí 1954), Maggy (1878 go dtí 1915), Nóra Liam (1881 go dtí 1962), Johnny (1883 go dtí 1935), agus Rodger (1886 go dtí 1887).

Deartháir le Bríd Leaice ab ea Páidín Leaice (1850 go dtí 15/05/1918) agus bhí seisean pósta le Delia Darcy (1886 go dtí 22/05/1908). Chuaigh Páidín go Meiriceá ina fhear óg agus shaothraigh sé airgead ann. Tháinig sé abhaile agus é óg go leor fós, agus thóg sé áit chónaithe agus óstán sa Spidéal, an *Bay View House*, nó Tigh Pháidín Leaice mar a tugadh air go háitiúil. Bhíodh caint mhór air ag na daoine a bhíodh ag dul go Gaillimh le crib mhóna agus iad ag stopadh Tigh Pháidín Leaice ar an mbealach ar ais le haghaidh pionta nó dhó, a bhí Stiofán Phádraig Choilm a rá liom. Is iad na buidéal, ceapaim, a bhí ann ag an am.

Is iad na gasúir a bhí ag Páidín agus Delia ná Patrick, Ellen, Mamie, Barbara, Bridget, Coleman (Cóilín), Anne agus Catherine. Fuair Páidín Leaice bás ar an 15/05/1918 agus fuair Delia Darcy bás ar an 22/05/1908. Thóg Patrick an áit ar láimh tar éis bhás a athar. Bhí Patrick pósta le Delia McIntyre. Dhíol Patrick agus Delia an áit le Joe Francis timpeall lár na 1940í, agus cheannaigh siad teach ar Shráid Anraí i nGaillimh. Fuair Patrick bás in 1952 agus fuair Delia McIntyre bás in 1990. Thug Joe Francis an áit le rith do Cissy, iníon leis a bhí pósta le Watty Toole. Bhí chúig sheomra codlata ann agus bhíodh múinteoirí ag fanacht ann chomh maith le daoine eile, turasóirí. Ba é Clancy, an tógálaí a tháinig ina dhiaidh sin ann agus thóg sé óstán san áit, *The Bridge House Hotel*.

Tá Concannons fós sna hAille agus i mBaile Éamainn chomh maith le Baile an Dónalláin, muintir Uí Neachtain, slán a bheidh siad, agus tá cuid mhaith acu sna Stáit Aontaithe. Mo mhíle buíochas do Ita Concannon Uí Fhatharta, Geraldine Huppe as New Hampshire Mheiriceá agus Máire Neilín Uí Chonceanainn. ■



Patrick Pháidín Leaice



Seanphictiúr de shráidbhaile an Spidéil ina bhfuil Tigh Pháidín le feiceáil ar chlé



Tá oiliúint, nuálaíocht, caidreamh, tallann agus scéalaíocht de gach saghas ag croílár gach rud a dhéanann Gréasán na Meán Skillnet agus é dírithe ar inniúlacht agus scileanna a fhorbairt chun tacú le tionscal na meán sa Ghaeltacht. Cuireann Gréasán na Meán Skillnet i bhfeidhm an bunchreideamh atá aige gur "Ar scáth a cheile a mhaireann muid" trí shraithe d'aidhmeanna agus de spriocanna a chur ar fáil a chuireann ar chumas na n-iarrthóirí a gcumas iomlán a bhain amach.

Le 15 mbliana anuas tá tionchar dearfach imeartha ag Gréasán na Meán Skillnet ar iomaíochas na mballchuideachtaí agus ar infhostaitheacht na ndaoine a bhí faoi oiliúint againn.

Táimid suite i gceartlár an Spidéil ar sheit Ros na Rún.

Caith súil orainn ag www.greasannamean.ie, nó seol nóta ríomhphoist chuig info@greasannamean.ie nó glaoigh ar 091 558400.

Gréasán Na Meán Skillnet is co-funded by Skillnet Ireland and member companies. Skillnet Ireland is funded from the National Training Fund through the Department of Education and Skills.



An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills



Nioclás Ó Conchubhair Teo Homevalue

ÁBHAR TITHÍOCHTA • EARRAÍ CRUA • TEAS & PLUIMÉIREACHT
SEOMRAÍ FOLCTHA • CUISNEOIRÍ & INNILL NÍOCHÁIN
SOLAS • PÉINT • LÁRIONAD GAIRDÍN

Casla, Gaillimh

Teil: 091-506111 Facs: 091-506044
ephost: nicholasoc@eircom.net www.nioclasc.ie

Micheál Ó Droighneán

‘the most dangerous man at large’

Donncha Ó hÉallaithe

Céad bliain ó shin bhí Micheál Ó Droighneán, ón Tuar Beag, ar cheann de na ceannairí ba thábhachtaí a bhí ag Sinn Féin in Iarthar na hÉireann. Ball den IRB a bhí ann, curtha faoi mhóid an Bhráithreachais roimh Éirí Amach na Cásca ag Éamonn Ceannt, a bhíodh ag tarraingt ar an Spidéal ag an am. Tá Micheál luaite go minic sna tuairiscí rialta a cuireadh RIC an Spidéil agus na Gaillimhe go Caisleán Bhleá Cliath, an ceanncheathrú a bhí ag an fórsaí an choróin in Éirinn. I dtuairisc amháin a cuireadh go Bleá Cliath i Meán Fómhair 1918, dúradh faoin Droighneánach gurb é *‘the most dangerous man at large in the Riding and that he is responsible for the Sinn Féinism that prevails in the Spiddal district’*. Tá an cód a bhí á choinneál ag an RIC ar an Droighneánach scrúdaithe agam agus is ar na tuairiscí sin atá an t-alt seo bunaithe.


Roimh Éirí Amach na Cásca

Thosaigh an RIC ag cur spéise i Michael Thornton in 1914, mar go mbíodh sé as casadh le Tom Kenny ón gCreachmhaoil¹ i nGaillimh. Deireadh Fómhair 1914, seoladh an tuairisc seo go Caisleán Bhleá Cliath, sínithe ag G.M. Head faoin teideal ‘Sinn Féin at Spiddal’.

‘Spiddal which was one of the most peaceful law abiding portions of this county will now I fear be brought under the influence of Thomas Kenny. Coroner George Nicholls and M. Thornton, National School Teacher, are supporters of Kenny.’

I súile Chaisleán Bhleá Cliath, b’ionann a bheith bainteach le Sinn Féin agus a bheith ar thaobh an Ghearmáine sa Chogadh Mór. Bhí an RIC neirbhíseach faoin Droighneánach, a raibh cónaí air taobh le Cuan na Gaillimhe, ar eagla go mbeadh sé ag tabhairt comharthaí do chriúanna

fomhuireán de chuid na Gearmáine, dá dtiocfaidís isteach sa chuan faoi choim na hoíche. Cuireadh tuairiscí rialta faoin Droighneánach go Caisleán Bhleá Cliath. Seo leanas mír as tuairisc fhada den dáta 25 Eanáir 1915:



Micheál Ó Droighneán atá ar chlé. Ba bhreá linn a fháil amach cé biad na daoine eile. Seo an cur síos faoi a bhí i gcód an RIC, a cuireadh go Caisleán Bhleá Cliath, Meitheamh 1915: ‘Thornton’s description is as follows: 26 years of age; 5ft 7 or 8 ins; rather broad face with some freckles; large nose; fresh complexion; clean shaven; rather long brown hair; dressed in brown tweed suit; brown trilby hat; new boots and carried a tweed overcoat.’
(Le caoinchead ó Mhaidhcín Dan Ó Droighneáin).

1 Bhí Tom Kenny ina eagraí ar an IRB in Oirthir na Gaillimhe. Níor réitigh sé féin agus Liam Mellows le chéile, nuair a cuireadh Mellows go Gaillimh in 1915. B’eisean an bainisteoir ar fhoireann iomána na Gaillimhe ar éirigh leo Craobh Iomána na hÉireann 1923 a bhuachaint. Is ina onóir a ainmníodh Páirc Uí Chionnaith, de chuid an Chumann Lúthchleas Gael i mBleá’n Rí.



Taimín agus Maidhcín Dan Ó Droighneáin, as an Tuar Beag. Ba é Micheál Ó Droighneáin a n-uncail.

'I beg to report that I have been reliably informed the above named [M. Thornton, National Teacher, Spiddal] is doing what he can to spread the Sinn Féin and pro-German movement.....

He resides at Spiddal and is the Teacher of Furbough National School. Most of the people of the locality are very ignorant and semi-literate, and are easily brought round to the way of thinking of a man like this....

He first introduced the G.A.A. movement to Spiddal.... On yesterday he acted as gate keeper at a hurling match in Athenry....

I would respectfully suggest that this man's conduct be brought under the notice of the Commissioners of National Education.....'

Bhíodh an RIC ag fáil eolais ó dhaoine faoin Droighneánach, mar a léiríonn an tuairisc seo faoi thuras a rinne sé go Dún Dealgan le haghaidh Oireachtas na Gaeilge i 1915.

'I beg to state that I have ascertained today that the above named [Micheál Ó Droighneáin], accompanied by Miss Burke N.T., went to Dundalk from Dublin to attend the Oireachtas, which opened there on the 25th inst.

My informant had a letter from Miss Burke today, in which

she stated that herself and Thornton were stopping at the Royal Hotel, Clanbrassil St., Dundalk; that they are coming to Dublin for the O' Donavan Rossa funeral on Sunday, 1st prox; and will return to Galway by the excursion train on Sunday night'.

Bhí Miss Burke, as Baile na Cúirte, ina cúntóir ag an am i Scoil na bhForbacha. Phós Máire Burke an Droighneánach i dtús na bliana 1918. Is léir go raibh dlúthchara léi ag sceitheadh eolais leis an RIC.

Sampla é seo den chineál tuairisce a bhíodh á seoladh go Bleá Cliath faoin Droighneánach.

'I beg to report that the above named suspect [Michael Thornton] arrived here cycling at 2p.m. today. Immediately on his arrival he went into O' Donnell's hall, where a meeting of the West Galway District Board of the GAA was being held. This meeting was held for the purpose of arranging hurling fixtures, and was attended by 9 persons, amongst whom was suspects George Nichols, Galway and Tom Kenny, Craughwell. Thornton left the hall on the conclusion of the meeting at 3.15 in the company of Tom Ruane, Carnmore. After talking outside the hall for a few minutes they separated. Thornton then went into O' Gorman's shop where he purchased some stationery. At 4.30pm he met George Nichols in Shop Street, and both remained in conversation for about 15 minutes. Shortly after parting with Nichols he met Miss Burke, who teaches with him in Furbough school and remained in her company moving about the town until 5.50pm, when both left cycling in the direction of Spiddal.' [4 Meán Fómhair 1915]

Tar Éis 1916

Le linn Éirí Amach na Cásca, ghabh an RIC Micheál Ó Droighneán agus cuireadh go Frongoch sa Bhreatain Bheag é. Scaoileadh amach é Lá Nollag 1916. Chuaigh sé ar ais i mbun múinteoireachta i Scoil na bhForbacha. Thug an *National Board of Education* fógra scoir dhó i mí Aibreáin 1917, de bharr an bhaint a bhí aige le hÉirí Amach na Cásca. Ach ní raibh bainisteoir na scoile, an tAth Lally, sásta é a bhriseadh as a phost. Cuireadh i bpríosún arís é ar feadh tréimhse le linn 1917 agus scaoileadh amach é ar an 23 Meitheamh 1917, do réir na tuairisce a chuir an Sáirsint Reidy ar aghaidh ón Spidéal.

'I beg to report the deportee Michl. Thornton, Bohona [sic], Spiddal, returned home last night at 10pm.... Outside it there was a faint cheer by a few youngsters playing pitch and toss at a Crossroads.....He attended 1st mass at Spiddal today and wore a Sinn Féin badge, only few of the Sinn Féiners paid any heed to him....'

Choinnigh sé air ag teagasc sna Forbacha, mar a mhínítear sa tuairisc seo ón Sgt Clarke den dáta 9 Nollaig 1917:

'Since Thornton's release from internment he does not associate with extremists in Galway while police are about, evidently fearing that such would prejudice his chance of reinstatement as National Teacher.....He is still teaching in Furbough National School, although neither himself nor his assistant (Miss Burke) receive any salary from the Educational Commissioners. It is stated that both are being paid up to the present by the National Teacher's Association'

Ní i ngan fhios don RIC a phós Micheál Ó Droighneán an

cuntóir i Scoil na bhForbacha, Máire de Búrca, i dtús na bliana 1918, mar a léiríonn an tuairisc seo, a sheol Sáirsint Reidy den dáta 9 Eanáir 1918:

I beg to report that the above named suspect [Michael Thornton] got married in Galway yesterday morning and I am told he left for Dublin to spend his honeymoon there.... He intends returning to Spiddal on Saturday next'

Litreacha Gearán

Ní mó ná sásta a bhí roinnt daoine leis a Droighneánach a bheith ar ais i mbun na scoile sna Forbacha agus bhí litreacha gearánacha gan ainm á sheoladh ag na húdaráis faoi. I mí Iúil 1918, cuireadh litir gan ainm, chuig an *Under Secretary* i gCaisleán Bhleá Cliath, ó duine a thug 'A Furbough Parent' air féin, ag gearán faoin Droighneánach.

'Thornton won't allow our children to speak a word of English. He curses the English and the English language and slaps the children if they speak English. He makes them wear Sinn Féin badges and makes them salute the Sinn Féin flag and is always teaching them disloyal and dangerous things.... Our children are taught nothing but ideas of revolution. This is not well known and for the present I won't give my name as his gang might shoot me.'

'It is monstrous,' a dúradh i litir eile a cuireadh chuig an RIC i nGaillimh i mí Lúnasa 1918, *'to see how Thornton is allowed to hold the Furbough School and keeping preaching sedition to the pupils going there and putting in their young minds everything poisonous and disloyal...'*

Bhí RIC An Spidéil den tuairim go raibh an litir áirithe sin curtha isteach ag Mr. Joyce², a bhí ag múineadh i mBearna *'who it seems is anxious to get the Furbough School.'*

Ó tuairiscí an RIC, tá an cuma ar an scéal go raibh an Droighneánach ag fanacht ciúin i dtús na bliana 1918, ach faoi dheireadh na bliana bhí sé lárnach arís in imeachtaí Shinn Féin. Ar an 26 Nollaig, 1918, chuir Sgt M. Reidy tuairisc chuimsitheach isteach faoin méid a bhí ar bun ag Micheál Ó Droighneáin.

'I beg to report that the abovenamed [Michael Thornton of Furbough, Spiddal, Co Galway] with his wife are living with his father at Bohona E. Spiddal for past couple of months. The school has been closed for a considerable time owing to the outbreak of influenza.....for the past six weeks he has become an active Sinn Féiner and came to the front.'

Toghchán 1918

I mí na Samhna 1918, bhásaigh duine de cheannairí Shinn Féin ón Spidéil, Jimmy Ó Flatharta, agus cuireadh é i Reilig an Chnoic le socraid mhíleata³. Bhí an Droighneánach i measc an tslua a ghlac páirt sa tsochraid mhíleata. Seo thíos an tuairisc a

2 Bhí Pádraig Joyce ag múineadh scoile i mBearna ag an am. In 1920 tógadh óna theach é agus maraíodh é, de bharr gur frítheadh amach go raibh sé ag sceitheadh eolais faoin IRA i gceantar Chois Fharraige. Aimsíodh a uaigh in 1998. San fhianaise scríofa a thug Micheál Ó Droighneáin don *Bureau of Military History* (W.S. 1718), insítear an bealach ar frítheadh amach go raibh P.W. Joyce ag sceitheadh eolais ar lucht an IRA. Bhí baint lárnach ag an Droighneánach leis an bpróiseas faoinar fuadaíodh, ar ceistíodh is ar cuireadh Joyce chun báis.

3 Seo mar a scríobhann an Droighneánach faoin sochraid sa bhfianaise a thug sé don *Bureau of Military History*: *'The flu was raging towards the end of 1918, and we lost one of the most determined of the Spiddal Volunteers, Jimmy O' Flaherty, at that time. He was buried in Knock Cemetery. Half a dozen RIC men followed behind the funeral but did not come any nearer to the cemetery than the public road, a quarter of a mile away. We fired 3 volleys over the grave with revolvers. The RIC remained at the head of the boren leading to the graveyard until we had passed through on our way home, but they did not molest nor search us.'*



Micheál Ó Droighneáin in éide airm 1922, lena bheirt mhac, Seán agus Pierce. Tá muid buíoch le Tom Kenny, ó Shiopa Leabhar Uí Chionnaith as an bpictiúr.

chuir an Sgt. Reidy ar aghaidh ar an 26 Nollaig, 1918:

On 19th Nov. '18, we marched in fours with a party of 39 other Sinn Féiners from Spiddal to Knock graveyard, after a hearse conveying the remains of Jas Flaherty for interment there. Flaherty held the rank of Captain of the Sinn Féin volunteers. Before burial one revolver shot was fired and after burial three more were fired. Thornton was amongst the crowd. The police could not identify the persons who fired the shots.....'

I mí na Nollag 1918, tionóladh olltoghchán agus rinne Sinn Féin scrios ar pháirtí John Redmond, ag tógáil 73 suíochán in Éirinn i gcomparáid le 6 suíochán do na Home Rulers. I



Ó chl : Dan   Droighne in, a bhean Sail  Mhicil Liam agus a mac M irt n (sa l r), Tuar Beag.
(Le caoinchead   Taim n Dan   Droighne in)

gConamara, sheas P draig   M ille   Shinn F in in aghaidh an Redmondite, William O' Malley M.P. Bh  Miche l   Droighne in p irteach sa bhfeachtas toghch na ochta. Tuairisc odh ar an 11 Samhain go raibh an Droighne nach ag bail u airgid sa gceantar le haghaidh costais  an toghch in.

'I beg to report that a levy of 2s. 6p. is being made in Furbough for Election Expenses by Thornton's directions.'

Labhair s  ag cruinnithe taobh amuigh de na s ip il ar son P draig   M ille, iarrth ir Sinn F in.

'On Sunday 1st December 1918 he [Miche l   Droighne in] addressed a Sinn F in meeting in Spiddal for the purpose of furthering the interests of the Sinn F in candidate, Patk O' Malley and told the people all to vote for him.

On Sunday 8th December he addressed a meeting at Knock, Spiddal....'

Toghadh P draig   M ille ina fheisire do Shinn F in agus bh  ceili radh ag Sinn F in sa Spid al de r ir tuairisce a chuir Sgt. Reidy isteach ar an 30 Nollaig 1918.

'I beg to report that on last night, Sunday 29th isnt. about 8pm at a bonfire lighted in celebration of the return of Patk O' Malley, Sinn F iner as M.P., for Connemara. Michael Thornton was addressing a crowd of about 150 Sinn F iners in Irish...

Soon after a party of 100 Sinn F in volunteers in fours formation marched on the road through the village, on the Galway road, back again by the fire, on the Inveran road.... The volunteers marched in companies with a commander a couple of paces in front of each company. Thornton marched on the left of centre company..... The night was dark and identification was difficult.'

A Phost Faighte ar Ais

N or  irigh leis an bhfeachtas a bh  ar bun go bhfaighf  r idh leis an Droighne nach   Scoil na bhForbacha. Dhi ultaigh bainisteoir na scoile, an tAth Lally,   a shac il agus sa deireadh

gh ill an Bord Oideachais agus ceapadh sa phost ar s   ag t s na bliana 1920, in ainneoin go raibh s  i gceannas ar  glaigh an IRA in Oirthear Chonamara. Cuireadh litir gan ainm go Caisle n Bhle  Cliath ag tabhairt le fios go raibh Miche l   Droighne in le bheith athcheapaithe mar mh inteoir i Scoil na bhForbacha:

'It has come to our hearing that Thornton, the ex-Schoolmaster of Furbagh is to be appointed to his school by the National Board..... There is not in the West of Ireland a more devilish ruffian and if now appointed by the Board, all loyal people and all loyal teachers must be Sinn F in or be shot. There is no second course....'

An tuairisc deireannach a scr daigh m  th inig s   n Sgt P. Hanly  n Spid al ar an 29 Bealtaine 1920:

'I beg to report that I have been reliably informed that the above named [Michael Thornton] has been permanently appointed school master at Furbough by the National Education Board. He is presently teaching there and resides in a gate lodge owned by Major Smith, Furbough.'

Ba dheacair Miche l   Droighne in a chlo . Tar  is Chogadh na Saoirse, lean s  an Coile nach agus ghlac s  taobh an tSaorst it. Le linn an Chogaidh Chathartha, is cos il go raibh s  ina gobharn ir ar Phr os n na Gaillimhe, agus comr adaithe d  chuid   Chogadh na Saoirse, faoi ghlas aige.

Fuair s  b s i 1964 agus t  s  curtha i Reilig Rath in.

N ta Bu ochais: Gan c namh   Mhaidhc n Dan agus agus a dhearth ir Taim n Dan   Droighne in, An Tuar Beag, An Spid al, n  fh adfa  an t-alt seo a chur le ch ile. Bu ochas chomh maith le Tom Kenny,   Siopa Leabhar Kennys i nGaillimhe, agus le Leabharlann Hardiman in O  G, a chuir c d an RIC ar f il ar mhicrif s. ■



Comhghairdeas do Chumann Forbartha Chois Fharraige   Catherine Connolly TD

Sonra  teagmh la:
Oifig Toghl igh
4, Teach na Tr cht la
Sr id Thobar an Iarla
Gaillimh

Ruairí Ó Flaitheartaigh

Ardfhear Léinn Iar-Chonnacht

Nollaig Ó Muiríle

Scoláire cumasach a tharraing cáil ar a cheantar dúchais, Iar-Chonnacht, mar gheall ar a shaothar léinn ab ea Ruairí mac Aodha Uí Fhlaitheartaigh. Rugadh Ruairí i Maigh Cuillinn – i gcaisleán a athar is dócha – sa bhliain 1629. Cailleadh a athair in 1631 nuair a bhí Ruairí fós ina leanbh. Phós a mháthair, Eilís Ní Dhorchaí, an dara huair; ba é Seán Mac Fheorais (John Bermingham), deartháir le barún Bhaile Átha an Rí, an dara fear céile aici. Deirtear gur cailleadh Eilís sa bhliain 1636, ach tá fianaise áirithe ann gur botún cló é ‘1636’, agus gurb é ‘1666’ an dáta ceart. Chaill Ruairí cuid mhór de thailte a shinsear in Iar-Chonnacht sa choigistiú a lean Cogadh Chromail sna 1650í, agus chaith sé na blianta fada ina dhiaidh sin ag iarraidh, trí mheán an dlí ghallda, na tailte sin a fháil ar ais, ach is beag rath a bhí ar na hiarrachtaí céanna.

Saineolaithe: Hardiman agus Sharpe

Go dtí le deireanas, is ar scríbhinní an scoláire Séamas Ó hArgadáin (James Hardiman) a bhímis ag braith le haghaidh eolais ar shaol agus ar shaothar Ruairí agus, cé go ndearna an fear céanna éacht oibre mar gheall ar an scoláire seo againne, caithfear a admháil go bhfuil go leor earráidí agus pointí míthuisceana sa mhéid a scríobh Hardiman. Cúig bliana ó shin, áfach, d’fhoilsigh Acadamh Ríoga na hÉireann sárleabhar leis an Ollamh Richard Sharpe ó Ollscoil Oxford, *Roderick O’Flaherty’s Letters to William Molyneux, Edward Lhuyd, and Samuel Molyneux, 1696-1709* (2013). Chomh maith le heagrán cruinn cúramach de litreacha Uí Fhlaitheartaigh, tá miontráchteaireacht agus nótaí fioreolgaíseacha sa leabhar seo ar gach gné de shaol agus de shaothar Ruairí. I measc rudaí eile, caitear go han-cháiréiseach le hábhar i dteangacha éagsúla, go háirithe an Laidin, an Ghaeilge agus an Béarla, agus is ar éigean a chuirfear amach leabhar ar bith eile feasta ina mbeidh leath an oiread eolais faoin bhFlaitheartach.

Teagmháil leis an Dubhaltach Mac Fhir Bhisigh agus le Seán de Línse

De réir seantraidisiúin, a théann siar go dtí an 18ú haois ar a laghad, bhí dlúthbhaint ag Ruairí le beirt mhórscoláirí Connachtacha de chuid na 17ú haoise. Ba iad sin (1) An Dubhaltach Mac Fhir Bhisigh (c. 1600-1671), as Leacán, Co. Shligigh, a chuir le chéile bailiúchán ollmhór de ghinealaigh na nGael agus na Seanghall sna blianta 1649-50 agus é suite taobh le hEaglais San Nioclás i lár chathair na Gaillimhe, agus (2) an Dr Seán de Línse (1599-1677), sagart, ard-deochain Thuama agus scoláire aithnidiúil de bhunadh Seanghall a scríobh sraith leabhar thar a bheith léannta i Laidin ar stair na hÉireann agus ar an bpolaiteacht chomhaimseartha.

Cé go ndeirtear go bhfuair Ruairí oiliúint ón mbeirt sin – agus tá fianaise chinnte ann go mbíodh sé i dteagmháil leo – ní féidir a bheith cinnte go raibh sé riamh ‘ar scoil’ acu. Go deimhin, tá Richard Sharpe den tuairim go mb’fhéidir nár bhuail Ruairí riamh go *pearsanta* leis an Línseach ach gurb amhlaidh a bhídís i dteagmháil le chéile trí mheán litreacha le linn don eaglaiseach léannta a bheith ar ionnarbadh sa Bhriotáin i ndiaidh 1653.

Saothar scríofa Uí Fhlaitheartaigh:

An Chroineolaíocht

(1) Scríobh Ruairí tráchtas gearr Laidine ar an gcroineolaíocht (.i. cúrsaí dátaíochta) i bhfoinsí staire na hÉireann. Is é ‘1665’ an dáta a luaitear leis seo ach measann an tOllamh Sharpe gur botún cló é sin do ‘1675’. Tá sé i gcló ag tús mhórléabhar Uí Fhlaitheartaigh, *Ogygia*, a foilsíodh sa bhliain 1685.

‘Observations on Dr Borlace’s Reduction’

(2) Saothar suimiúil, i mBéarla, a scríobh Ruairí sa bhliain 1682 ab ea ‘*Observations on Dr Borlace’s Reduction of Ireland*’ inar bréagnaíodh cuid den bholscaireacht áibhéileach a rinneadh faoi líon na bProtastúnach a maraíodh ag tús Éirí Amach 1641.

H-Iar Connaught

(3) Ba é an saothar Béarla ba thábhachtaí dár scríobh an Flaitheartach an cur síos a bhreac sé ar a cheantar dúchais sa bhliain 1684: ‘*Chorographical Description of West or H-Iar Connaught*’. Ceann de shraith aistí ar chontaetha agus ceantracha éagsúla de chuid na hÉireann a bhailigh William Molyneux (1656-98) ab ea é seo a cuireadh ar fáil do thogra

foilsitheoireachta a bhí beartaithe ach nár cuireadh riamh i gcrích. Foilsíodh eagrán breá Hardiman den saothar seo sa bhliain 1846.

Ogygia

(4) Ba é an leabhar mór Laidine, *Ogygia, seu Rerum Hibernicarum Chronologia*, an saothar ba thábhachtaí dár chuir Ruairí de. Mionchuntas léannta ar réamhstair agus ar luathstair na hÉireann is ea é, a foilsíodh sa bhliain 1685 agus a tiomnaíodh don Phrionsa Séamas Stíobhart, an té a rachadh i gcoróin ar ball mar an Rí Séamas II. (Bíodh is gur i Laidin atá formhór mór an leabhair, tá sleachta Gaeilge – go háirithe píosáí filíochta – breactha tríd thall is abhus.)

Ogygia Vindicated

(5) Nuair a d'ionsaigh údar Albanach, Sir George Mackenzie, gnéithe den *Ogygia*, scríobh an Flaitheartach freagra, i mBéarla, *Ogygia Vindicated*, ach níor foilsíodh é go dtí an bhliain 1775. Is cosúil gur scríobh sé saothar eile, dár teideal *Ogygia Christiana*, ach cé gur cosúil go raibh sé i seilbh chraobh de Mhuintir Fhlaitheartaigh in Uachtar Ard go dtí an 19ú haois, deirtear gur scrios cailín óg an lámhscríbhinn.

Dán do Shéamas, mac an Rí Séamas

(6) Dán Laidine ar bhreith Shéamais, prionsa na Breataine Bige, sa bhliain 1688 ab ea an saothar deiridh de chuid Ruairí a foilsíodh le linn a bheatha.

Saothair eile

Ar na saothair eile atá againn ó pheann Uí Fhlaitheartaigh, tá sraith litreacha thar a bheith suimiúil a scríobh sé idir 1696 agus 1709 chuig triúr scoláirí: beirt as Baile Átha Cliath, William Molyneux (1656-98) agus a mhac, Samuel (1689-1728), agus Edward Lhuyd (1660-1709) as an mBreatain Bheag. Is iad litreacha an Fhlaitheartaigh is mó a mhaireann – 46 díobh ar fad: dhá cheann chuig William, 15 chuig Samuel, agus 29 chuig Lhuyd. Níl aon rian de na cinn a sheol William Molyneux agus Lhuyd chuig Ruairí, ach maireann ocht gcinn chuige ó Samuel. Ba é an téacs deiridh ó pheann Ruairí ar féidir dáta a chur leis dréacht fada dár teideal '*Animadversions on Dr Chamberlain's subjection of the bishops of Ireland to the archbishop of Canterbury*', a scríobh sé sa bhliain 1709 nuair a bhí sé ceithre scór bliain d'aois.

Beirt chuairteoirí

Thug beirt díobh siúd thuasluaite, Edward Lhuyd agus Samuel Molyneux, cuairt ar Ruairí ina theach ar an bPáirc, idir an Spidéal agus na Forbacha. Tháinig Lhuyd chuige i lár an tsamhraidh in 1700. Dúirt sé faoin bhFlaitheartach go raibh sé '*affable and learned*', ach gur fhág Cogadh an Dá Rí bocht dealbh é, agus a chuid leabhar agus páipéar scriosta. (Luaigh Lhuyd é ina dhiaidh sin ina mhórshaothar *Archaeologia Britannica* (1707), mar 'an dunusal [=duine uasal] foghlumtha agus intleachdach Maighistir R. O Flaithbheartaigh'.) Tá cáil ar chur síos Samuel Molyneux ar an gcuairt a thug seisean air in Aibreán 1709; ní miste sliocht as a thabhairt anseo:

I went to visit old Flaherty, who lives very old, in a

miserable condition at Park, some three hours west of Gallway, in Hiar or West Connaught. I expected to have seen here some old Irish manuscripts, but his ill-fortune has stripped him of these as well his other goods, so that he has nothing now left but some few pieces of his own writing, and a few old rummish books of history, printed.

Teagmháil le scoláirí Gaeilge

Bhí teagmháil ag an bhFlaitheartach le scoláirí Gaeilge éagsúla – leis an Dubhaltach Mac Fhir Bhisigh (mar a luadh thuas), beagán le Tadhg Ó Rodaighe (1614-1706) as Co. Liatroma, agus teagmháil níos suntasaí le Seán Ó Gadhra (c. 1646-c. 1720) as Co. Shligigh. Scríobh Ó Gadhra agus é féin dánta dá chéile, agus sa mharbhna a chum Seán nuair a cailleadh Ruairí tugtar leide diamhair gur sa bhliain 1716 a fuair sé bás. (Scaoil Richard Sharpe, go fíorchliste, an rún sin atá i bhfolach sa *chronostichon* seo a leanas i ndán Uí Ghadhra: In Mense aprILI eXIstI reDerICe fLaherty – MDC LL XIIIIII =1716.)

Maidir leis an mbaint a bhí ag Ruairí leis an Dubhaltach Mac Fhir Bhisigh, is suimiúil gur bhreac an scoláire ó Leacán leagan de ghinealach Uí Fhlaithearta in 1666 ina ndúirt sé gur le Ruairí ó thaobh dlí 'flaitheas leathbharúntacht Ghnó Bhig in Iarthar Connacht'. Agus i lámhscríbhinn de chuid Uí Fhlaitheartaigh, tá nóta Laidine a deir gur in Eanáir na bliana 1671 a mharaigh fear darbh ainm Thomas Crofton an Dubhaltach. Luann Ruairí freisin i litir chuig Lhuyd gurb é Daithí Óg Ó Dubhda, tiarna Thír Fhiachrach, a fuair leabhair agus lámhscríbhinní Mhic Fhir Bhisigh i ndiaidh a bháis. Agus roinnt blianta ó shin, d'aimsigh Richard Sharpe nóta ar imeall leathanaigh i lámhscríbhinn sa Leabharlann Náisiúnta ina luaitear litir a fuair Ruairí – 'ad me scripsit Dualdus Firbissius' (a scríobh an Dubhaltach Mac Fhir Bhisigh chugam) – ina bhfuil an t-eolas seo a leanas: 'Kal. Febr. 1669/70 è Lecania' (=1 Feabhra 1670 ó Leacán); b'in níos lú ná bliain roimh bhás an Dubhaltaigh.

Cúpla lámhscríbhinn eile

Dhá bhailiúchán annála a bhí i seilbh Uí Fhlaitheartaigh ar feadh tamaill ab ea (1) an *Chronicum Scotorum*, a bhreac an Dubhaltach Mac Fhir Bhisigh i lár an 17ú haois, agus (2) imleabhar d'Annála na gCeithre Máistrí atá anois i gColáiste na Tríonóide. Chuir Ruairí cuid mhaith nótaí faoi chúrsaí croineolaíochta nó dátaíochta leis an *Chronicum*, agus chuir sé go leor ábhair bhreise as annála ó Leacán isteach san imleabhar d'Annála na gCeithre Máistrí. Tamall tar éis bhás Uí Fhlaitheartaigh, is eol dúinn go raibh an *Chronicum* i seilbh scríobhaí darbh ainm Seán Ó Catháin, a bhreac a ainm ann ar 14 Meitheamh 1724. Tá dán Laidine leis an bhFlaitheartach i lámhscríbhinn eile a scríobh Seán Ó Catháin idir 1722 agus 1729 i gcomharsanacht Ros Cathail (idir Maigh Cuillinn agus Uachtar Ard). Bhreac an scríobhaí céanna lámhscríbhinn eile sna Forbacha in 1726-27 nuair a bhí sé ina oide ag Proinsias Óg, mac le tiarna talún áitiúil, Tomás de Bláca.

Mar fhocal scoir, is féidir a mhaíomh gur dhuine suimiúil agus scoláire fiúntach é Ruairí Ó Flaitheartaigh. Ba cheart dá mhuintir féin in Iar-Chonnacht a bheith bródúil as. ■

Ruaidhrí Ó Flaitheartaigh agus Ceantar an Spidéil

Seán Ó Neachtain

Ba mhór le rá é Ruaidhrí Ó Flaitheartaigh i gcaint agus i gcomhrá na ndaoine i gceantair an Spidéil. Nuair a thagadh comhlúadar le chéile ar cuairt thart timpeall an teaghlaigh san am a caitheadh bhíodh Flaitheartach na Páirce go mór faoi chaibidil acu. Ba údar iontais agus mórtais dhíobh go raibh an scoláire mór seo ina chónaí ina measc agus is iomaí insint a bhí ar na tréithe léinn agus oideachais a bhain leis. Ba díobh féin é, de shliocht uasal Gaelach a raibh flaitheas acu ar an taobh seo tíre san am a caitheadh. Cosúil leo féin, díshealbhaíodh é óna thalamh dhúchais chun cur faoi sa stráice achrannach seo in aice na farraige. Nárbh é an Flaitheartach a bhaist an taobh tíre seo den chéad uair i Laidin nuair a thug sé mar seoladh “*Armorica Galviensi*” nó Cois Fharraige na Gaillimhe.

Mar gheall go raibh a cháil mar scoláire abhus agus thall, bhí a chomharsana go mór den tuaraim go raibh cumhachtaí osnádúrtha ag Ruaidhrí. Ní amháin go raibh sé in ann cumarsáid a dhéanamh le maíthe agus mór uaisle na linne ach bhí sé ábalta ceangal a dhéanamh leo siúd nár den saol seo ar chor ar bith iad. Bhí line dhíreach aige chuig an diabhal de réir an tseanchais. Bhíodh comhrá minic go maith acu lena chéile. Bhí uair ann agus ní raibh an diabhal ag tabhairt aon fhreagra ar an bhFlaitheartach nuair a bhí sé ar a thóir. Nuair a d’fhreagair an diabhal sa deiridh é, chuir an Flaitheartach ceist air cén fáth a raibh sé mall ag teacht ar ais chuige.

“Bhí mé gnóthach,” a dúirt an diabhal.

“Cén chruóg a bhí ort,” a deir an Flaitheartach.

“Bhí mé ag oscailt na ngeataí ag ligeann Chromail isteach,” a d’fhreagair an diabhal.

Ar ndóigh ní raibh Cromail molta sa taobh seo tíre mar gurbh é ba chionn tsiocair leis na daoine a dhíbirt siar thar Shionainn go hIarchonnacht. Ní raibh mallacht ar bith ní ba mheasa ná mallacht Chromail i mbéarlágair na ndaoine a díbríodh as a sealúchas go héagórach. Ba údar sólais do na daoine seo é deimhniú an Fhlaitheartaigh go raibh Cromail damnaíthe in íochtar Ifrin de bharr a chuid gníomhartha i gcoinne na nGael. Lean an diamhaireacht agus mistéir phearsantacht Ruaidhrí i measc an phobail áitiúil go dtí lá a bháis. Nuair a cailleadh é ina theach cónaí i mbaile fearainn na Páirce i dtús an ochtú céad déag, cuireadh i gcomharsanacht a thigh é. ’Sé an leagann a bhí sa seanchas ar an tórramh ná gur cuireadh go rúnda é i lár an hoíche, gar go maith don teach. Cuireadh pota fataí ar an tine nuair a tugadh an corp amach chun a adhlacadh agus bhí na fataí bruite nuair a tháinig na fir ar ais. Ba léiriú é seo nach rófhada a bhí siad imithe agus gur in aice an tí a bhí an uaigh.

De réir an tseanchais, ní raibh uaidh féin aon eolas a bheith ar fáil faoi cá raibh sé curtha. Bhí sé tuartha nach mbeadh aon



Seán Ó Neachtain

ádh ar aon duine a rachadh ag lorg áit a adhlactha. Dúradh go ndearna duine de mhuintir an bhaile iarracht teacht ar an uaigh tamall níos déanaí. Chuaigh dealg drise ina mhéir agus cailleadh é de bharr an ghoin. Ba leor é sin mar chruthúnas nach mbeadh an t-ádh ar aon duine a rachadh ag cuardach



Leac Cuimhneacháin Ruairí Uí Fhlaitheartaigh

uaigh an Fhlaitheartaigh.

Bhí se ráite freisin go raibh údar eile leis an rúndacht a bhain leis an uaigh. Bhí sé luaite go minic i gcaint na ndaoine gur cuireadh a chuid leabhar san uaigh leis an bhFlaitheartach. Ba é sin an chúis ba mhó, a dúradh, a bhí le rúndacht na huaighe. Nuair a thosaigh scoláirí ag cur suime i saothar Ruaidhrí blianta ina dhiaidh sin bhí triall agus tarraingt ar bhaile na Páirce chun aon eolas faoi na leabhair a fháil. Ní

mórán eolais a tugadh dóibh mar gheall ar an drogall a bhí ar na daoine aon bhaint a bheith acu le hiarracht ar bith a dhéanfaí chun teacht ar áit adhlactha an tseanstaráí.

Mar sin féin, ba scéal eile ar fad a bhí ann nuair a cuireadh amach an ráfla go raibh go leor airgid curtha i dteach an Fhlaitheartaigh. Bhí sé ráite go bhfuair fear de bhunadh bhaile na Páirce pota óir i bhí i bhfolach i bhfothrach an tí ach nach raibh aon airgead ann. Ní raibh aon chois ar an bpota de réir an tseanchais. Bhí fear eile a fuair buidéal sna ballaí agus nuair a d'oscail sé é thit an t-ór amach as agus síos i measc na gloch. Ní bhfuarthas tasc na tuairisc ar an ór ina dhiaidh sin. Déarfadh daoine nach raibh sa gcaint faoin ór ach leithscéal acu siúd a bhí ag iarraidh clocha an tí a thabhairt leo chun a gcuid tithe féin a thógáil blianta níos déanaí.

Ní bhfuarthas amach riamh cá raibh Ruaidhrí curtha. Is cosúil gur mar sin a theastaigh uaidh mhuintir na háite go bhfágfaí é mar scéal. Bhí siad sásta gur mhair an scoláire mór le rá san áit na blianta fada ó shin agus go raibh a cháil ar fud Chríoch Fodhla. Fuair mé léargas maith ar an meon aigne sin nuair a thosaigh mé féin ag gur suime i saol agus i saothar an scoláire mór le rá seo. Nuair a bhí mé i mbun taighde ar stair an cheantair le linn dhom a bheith mar mhac léinn in Ollscoil na Gaillimhe, moladh dom labhairt lena leithéide seo d'fhear i mbaile fearainn na Páirce. Bhí sé ráite go láidir go mba saineolaí é ar stair agus seanchas an cheantair. Chuaigh mé chomh fada leis ar chuma ar bith agus cheistigh mé é maidir lena chuid eolais ar an bhFlaitheartach. Ní bhfuair mé mar fhreagra ach, “ná bac leis, fág na mairbh san áit ina bhfuil siad”. ■



Cuairteoirí ag láthair theach Ruairí Uí Fhlaitheartaigh sa bPáirc le gairid agus ar dhuine acu bhí Seán Ó Coistealbha, sin é an dara duine isteach ar dheis a bhfuil t-léine glas air agus a chúl leis an gceamara, agus is deartháir é le húinéir na talún, Micheál Ó Coistealbha.

An Gorta Mór i gCois Fharraige

Lochlainn Ó Tuairisg

Dar le daonáireamh na bliana 1841, 11,278 duine a bhí ina gcónaí i bparóiste sibhialta Chill Aithnín ina bhfuil Cois Fharraige suite (2,000 teaghlach – díobh sin bhí 1,710 ag plé le talmhaíocht). Den mhéid sin, bhí léamh agus scríobh ag 593 duine; léamh amháin ag 264 duine, agus bhí 8,763 nach raibh léamh ná scríobh acu. Áiríodh 1,920 teach sa bparóiste sibhialta. Díobh sin, bhain trí cinn leis an gcéad ghrád; 27 leis an tríú grád; 872 leis an tríú grád; 1,018 teach a bhí sa gceathrú grád. Níorbh ann don chúigiú grád. Mar sin, sa gcuid seo den tír, is féidir a rá go raibh an pobal beo bocht, ag plé le talmhaíocht amháin, agus gan léamh ná scríobh acu – dream a bhí ag brath ar an mbarr sin a bhí éirithe chomh forleathan sin le céad bliain anuas, agus a mba chúis, cuid mhaith, le fás mór sa daonra ó trí mhilliún i 1750 go dtí ocht milliún in 1841. Agus, ar ndóigh, dá fhaide síos an dréimire dá raibh duine, ba mhó an seans go raibh siad i dtuilleamaí fataí amháin mar phríomhchothú bia. Agus dá gclisfeadh ar na fataí, mar sin, iadsan ba mhó a bheadh thíos leis. Tháinig an tuar faoin tairngreacht.

1845

Nuair a bhuaile galra nua, *phytophthora infestans*, na fataí deireadh an tsamhraidh 1845, is teip áitiúil a bhí ann. Contaetha Aontrama, na Gaillimhe, Ros Comáin agus an Chláir ba mhó a buaileadh. Mar sin féin, theip ar an tríú cuid den bharr, agus chuaigh an Rialtas, faoin cheannas an Phríomh-Aire Robert Peel, fear a raibh seanchleachtadh agus taithí na mblianta aige ar chruachas na hÉireann, ó ghorta 1816–17 ar aghaidh, i muinín na mbeartas céanna nuair a chlis ar an bhfómhar roimhe sin.

Mar chlis ar na fataí cheana, agus go minic, i rith an naoú céad déag. Bhí ganntan idir 1816–17. Bhí ganntan sa mbliain 1822, i gConamara agus in Iorras Mhaigh Eo go háirithe. Scríobh an t-innealtóir Alexander Nimmo litir chuig an bhFo-Rúnaí William Gregory i Meitheamh na bliana sin 1822 ag rá: *‘In Trawbawn and Garomna on Sunday last four persons had just died of want’*. Tháinig daoine as Conamara go Gaillimh ag cuartú beatha – tugadh díol seachtaine dóibh agus cuireadh abhaile arís iad. Is mar thoradh ar ghorta na bliana 1822 a tógadh céibh i mBerna (ar chostas £300), céibh an Spidéil (costas £150) agus céibh i gCasla, Céibh an Station (costas £350). An bhliain chéanna bhí dhá chéad fear fostaithe ar obair rilífe ar an mbóthar idir an Spidéil agus Casla. Bhí ganntan idir 1829–31, (arís i gConamara agus in Iorras), in 1832, in 1835; caitheadh £700 i mBéal an Daingin in 1836; agus in 1842 bhí 1,300 fear ag obair ar bhóithre éagsúla i gConamara.

Bhí cleachtadh áirithe ag na bochtáin ar ghorta agus ar ghanntan, mar sin, agus seifteanna áirithe acu chun dul i ngleic leis. D’fhéadfaí an mhuc, a bhíodh i mórán chuile theach (*‘the gentleman that pays the rent’*) agus a d’itheadh fúlleach na bhfataí nó fataí lofa, nó aon cheo eile a bhíodh thart, a dhíol. Ba nós leis an Rialtas oibreacha poiblí a chur ar siúl. D’fhéadfaí dul ag lorg déirce in áiteacha eile nár buaileadh nó nár buaileadh chomh dona céanna. Nó, go deimhin, d’fhéadfadh daoine bailiú leo as an áit agus an tiarna talún a fhágáil i dtigh diabhail ansin in éagmais a chuid cíosa.

Mar sin, thug an Rialtas faoi na bearta céanna ar tugadh

fúthu cheana. Ceannaíodh min bhuí go ciúin le díol ar an margadh dá mba rud é go n-éireodh beatha ródhaor. Bunaíodh coimisiún lárnach fóirithinte (an *Central Relief Commission*) chun comhordú a dhéanamh ar choistí áitiúla fóirithinte, agus tugadh deontas do Bhord na nOibreacha, a bhí ar bun ón mbliain 1831, chun obair rilífe a chur ar siúl sna ceantracha a buaileadh. Maidir leis na hoibreacha seo, ba é an príonsabal a bhí leo seo gur creideadh nach raibh sé ceart in aon chor rud a thabhairt gan tada do dhuine ar bith, cuma cén drochbhail a bhí air. Ní bheadh anseo ach cothú na leisce. Chaithfí rilíf a shaothrú agus é a shaothrú go maith. B’in an t-údar a bhí le bóithre a chur á ndéanamh agus gan iad ag dul in aon áit agus claíocha a chur á dtógáil in áiteacha nach raibh aon ghá leo.

Bhí dhá chineál rilífe ann: sealadach/éigeandála agus buan. Rilíf shealadach a bhí sna hoibreacha poiblí agus sa min bhuí, agus ní raibh sé i gceist go leanfadh sé ar aghaidh níos faide ná fómhar 1846, nuair a bheadh na fataí nua ar fáil arís, faoina bheith slán. Ach bhí córas buan rilífe ann freisin: tithe na mbocht. Córas réasúnta nua a bhí anseo, gan é ar an saol ach ón mbliain 1838, agus a cuireadh ar bun mar leigheas fadtéarmach ar fhadhb sheanbhunaithe an bhochtanaís in Éirinn. Faoi seo bhí an tír go léir roinnte ina n-aontais, aontais dhlí na mbocht (*poor law unions*) –in aontas dhlí na mbocht na Gaillimhe a bhí an ceantar seo. I ngach aontas bhí teach na mbocht agus bord caomhnóirí ag breathnú ina dhiaidh. Bhí spás i dtithe na mbocht uile na tíre do c. 100,000 bochtán (spás do mhíle duine a bhí i nGaillimh). Bhí sé i gceist riamh i dteach na mbocht go mbeadh coinníollacha beagán níos measa i dteach na mbocht ná taobh amuigh. Scartaí na fir ó na mná agus na páistí; chaití éadaí faoi leith a chaitheamh; bhíodh obair chrua mhaslach le déanamh (na fir ag briseadh clocha agus na mná ag piocadh ócáim); agus ní raibh an bheatha thar mholadh beirte. Ar ndóigh, bhí sé leagtha amach mar seo le daoine a choinneáil amach – ar an mbealach seo ní thioctadh isteach ach ná daoine a bhí i gcruachas i ndáiríre, na *deserving poor* seachas na leisceoirí. Rátaí dhlí na mbocht a d’íoc as an gcóras: duine

ar bith a mbeadh gabháltas de luach £4 nó os a chionn aige, bheadh na rátaí seo le n-íoc aige.

1846

I Márta agus Aibreán na bliana 1846, theip ar thrí ceathrú cuid an bharr fataí, agus tosaíodh ar choistí fóirithinte áitiúla a bhunú ar fud na tíre – bhí beagnach 650 díobh ar an bhfód faoi mhí Lúnasa. Bunaíodh coiste i gceantar an Spidéil, agus tá cuid mhór dá chomhfhreagras fós ar marthain. Ba iad seo a leanas baill an *Spiddal Relief Committee* ar 10 Bealtaine 1846: Andrew W. Blake, Esq. (Cathaoirleach), tiarna talún sna Forbacha; Rev. Francis Kenny (Secretary), sagart paróiste an Spidéil; Rev. John Cather (Cisteoir), ministéara Protastúnach sa Spidéil; Rev. John O'Grady, sagart paróiste an Chnoic; P.S. Comyn, Esq., tiarna talún a raibh talamh aige i gceantar an Spidéil; Francis Comyn, Esq., a dheartháir agus tiarna talún dhúiche Shailearna; Edward O'Malley, Esq.; John W. Fitzpatrick, Esq.; Capt. John White C.B.C.G.; S. Jones, Esq.; Thomas Bunbury, Esq.; Thomas B. Martin, Esq. M.P.; Mr. Edward Good; Mr. Carr C.B.C.G.; Mr. John O'Connor, Costelloe Lodge; Mr. Patrick McDonough; Mr. Kerr C.B.C.G., Costelloe Bay; Wm Kelly, Esq.; James Aylward; M. Manus, Esq.; Anthony Donnelan, Esq., tiarna talún sa Spidéil; Dr. James Browne; Patrick Burke, Esq.; Martin Morris, Esq., fear uasal as an Spidéil. Mar is léir, maithe agus móruaisle na dúiche a bhí ar an gcoiste seo. Seo ceann de na chéad litreacha a chuireadar chuig an gCoimisiún Lárnach Fóirithinte i mBaile Átha Cliath:

Spiddal, Galway
April 20th 1846

Sir,

We the undersigned Protestant and Catholic clergy of this parish would beg leave respectfully to call the attention of his Excellency the Lord Lieutenant to the state of this neighbourhood the [portion?] of country west of Galway, 20 miles along the sea shore facing Connemara with a population or eleven hundred families, one third of them this moment without any means of support in consequence of the potatoe disease and fear much that in a few weeks or about the 20th of May we can add to that number two thirds more unless providence is pleased to arrest the daily increasing disease in the [highly?] staple food. There is no resident landlord and no public works altho a pier along the coast at Alla or Aiuleen in this parish has been often approved of as a fit place of refuge for the fishermen, many of whose lives could be saved, who are now no more if a pier was there built, there being no place of refuge for them in storm weather between Galway and Roundstone in Conemara, a distance of at least sixty miles. In the absence of any resident gentry, we feel it our duty as clergymen who are most and best acquainted with this locality and the present deplorable state of the people to call His Excellency's attention to the creation of this pier and the new line of road applied for at the Outerard Special Sessions the 16th instant as so thoroughly approved of by all the magistrates and cess payers. We also most respectfully beg to state that in the event of this pier and line of road being not commenced and with as little delay as possible that there is no other possible work in this rocky and mountainous country that can be contemplated to afford the people means to support themselves and keep them from actual starvation this season. We the Protestant and Catholic clergy

of this parish are fully determined to carry into effect any plan of His Excellency's into effect and in proportion to our humble means to contribute what we can, but our best exertions will be useless and unavailable without the prompt and generous support of a humane government.

John Cather, Clerk
John O'Grady, PP
Fras Kenny, PP

(NAI D568)

Tagairt atá ansin do chinneadh a rinneadh ag seisiún speisialta cúirte in Uachtar Ard i mí an Mhárta dhá scéim oibre a chur ar siúl: bóthar a chur á dhéanamh ó Rós an Mhíl go hUachtar Ard (Bóthar Sheanadh Phéistín), agus bóthar a dhéanamh ón gCnoc go hUachtar Ard (an Bóthar Buí). Agus mar atá fhios agaibh ní ar an Aill Fhinn a tógadh an chéibh ach sa Spidéil agus b'in scór bliain ina dhiaidh sin.

Is é a dhéanadh na coistí fóirithinte áitiúla síntiúis a bhailiú (airgead ó thiarnaí talún áitiúla go háirithe), eolas faoin nganntan a bhailiú, cabhair a lorg ón rialtas agus ó eagraíochtaí carthanacha, oibreacha rilfe a chur ar siúl, stórais bheatha a bhunú agus maoirseacht a dhéanamh ar dháileadh an uile chineál fóirithinte.

Is minic a náirigh siad tiarnaí talún áitiúla as gan dóthain tacaíochta a thabhairt dóibh. Scríobh sagart paróiste an Chnoic, Rev. John O'Grady, roinnt litreacha chuig an *Galway Vindicator* in Aibreán 1846, áit ar luaigh sé gur dhíshealbhaigh Blácach na Tulaí roinnt tionóntaí dhá bhliain roimhe sin agus go raibh siad anois i ndroch-chaoi. Shéan an Blácach go ndearna sé a leithéid; mhaígh seisean gur fhág siad dá ndeoin



FIANNA Fáil
THE REPUBLICAN PARTY

Éamon Ó Cuív T.D.

Oifig Dáilcheantair, Teach Kirwin, Sráid Thobar an Iarla, Gaillimh
Constituency Office, Kirwin House, Flood St. Galway
Fón/Ph: 091-562846
Rphost/ Email: eamon.ocuiv@oireachtas.ie
www.eamonocuiv.ie
Facebook / Twitter

féin. Ba é freagra an tsagairt:

There is only one point in Mr Blake's letter which I believe to be true, and which is this, he never ejected legally but two or three – while very many were banished illegally without notice to quit. I wish Mr Blake would frequently visit his property and make enquiries of how things are going on; if he did I am sure a few inquisitive visits would rectify all. Come, respected sir, and restore the poor people their lands – assist us liberally this year by contributing to the Parochial Relief Fund. Mr Francis Comyn has given me an acre of land last week for a churchyard, and he is supplying his tenants with plenty of oatmeal, and has desired me by letter to put down his name for ten pounds in aid of our funds. Mr P. S. Comyn will also do the same. Come, respected sir. Step in timely to relieve the wants of your people and you shall get from myself every pecuniary assistance in your power – come quickly and you will do good. Withhold and many may starve.

Seanghearán a bheadh anseo: gan aon tiarnaí talún, na *resident landlords*, a bheith ag cur fúthu sa gceantar. Chuireadh na coistí fóirithinte liostaí de na *deserving poor*, an dream a bhí i dteideal beatha saor in aisce, le chéile chomh maith. Seo ceann as Leitir Móir, a chuir John Cather, an ministéara sa Spidéal ach a bhí gníomhach i gCeantar na nOileán, i dtoll a chéile:

Cases of distress in Lettermore, April 24 1846

David Jennings – aged 80 – wife – 3 children – no land – no provisions

Larry F____er – 50 – wife – 8 children – not able to crop his land – no provisions

Widow Geoghan – 2 children – no land – no provisions

Master Folan – 70 – unable to walk – with daughter of weak intellect – no land or provisions

Widow Mac Donagh – 70 – no land – no provisions

Michael Windham – in bad health – wife – 4 children – not able to crop his land – no provisions

Widow Logan – 7 children – not able to crop her land – no provisions

Widow Logan – mother-in-law of the preceding – no land nor means of support

David Mac Donagh – wife – 9 children – no potatoes for the last two months

Widow Daly – 4 children – no potatoes since Christmas

Widow Nee – 2 young children – no land – no provisions

Patrick Beatty – 60 – in very bad health – wife – 4 children – no land – no provisions

These are a few out of many cases in Lettermore. Many in the same state in Lettermullen and the other villages around.

NAI RLFC 3/1/3628

Bhí cuid de bhaill an choiste fóirithinte fial flaithiúil lena gcuid airgid féin. Seo a leanas liosta díobh siúd a raibh síntiús tugtha acu faoi Iúil na bliana 1846:

List of subscribers to the Spiddal relief fund

Andw Blake Esq. £5-0-0

Revd John O'Grady PP £10-0-0

Revd John Cather £1-0-0

Anthony Donnellan Esq. £5-0-0

James Mc Manus Esq. £4-0-0

Thos. Bunbury Esq. £2-0-0

Fras Comyn Esq. £10-0-0

P.S. Comyn Esq. £10-0-0

Patk Blake Esq. £10-0-0

John W. Fitzpatrick Esq. £10-0-0

Edwd O Maley Esq. £2-0-0

Mr. Edwd Good. £0-10-0

Revd Francis Kenny £5-0-0

Total £74-11-0

I certify that the above is a correct list of the contributions to the Spiddal Relief Fund.

Fras Kenny, Secty to the Spiddal Relief Committee

NAI RLFC 3/1/3628

Thugadh an coimisiún lárnach deontas i gcomhréir leis an airgead a bhailítí go háitiúil – ina dhiaidh sin tugadh a oiread aríst dóibh. Tá cuid mhaith litreacha ar marthain a léiríonn díomá nach bhfuair siad an méid a bhí ag dul dóibh nó geallta dóibh, a thugann le fios go raibh an fhadhb ag méadú as cuimse agus nach fada go mbeadh sé thar a gcumas dul i ngleic leis.

Theip ar na fataí aríst samhradh na bliana 1846 ach murarbh ionann agus an bhliain roimhe sin, an uair seo bhí an dúchan ó cheann ceann na tíre. Seo mar ab fhachtas do mhuintir Chois Fharraige é:

Spiddal, June 30th

1846

Sir,

In reply to your letter of the 27 Inst. I have the honour to enclose you the Treasurer's Certificate of the additional subscriptions together with the subscribers' names. With regard to the second part of your letter, I can, and do state, with a melancholy accuracy that the number of families in this district who are in actual want of relief in consequence of the loss of the potatoe crop, and who will require and are in want of employment on public works, and having no earthly resource, are at the very lowest calculation five hundred. You may form an estimate of our distress from the fact that we are not enabled to give more than two quarts of meal to each person as a substitute for eight days. On Thursday last a poor man in my parish was obliged in the last extremity to dig a portion of his little garden in search of new potatoes. He found a something resembling them, and, distressing to relate, this embryo likeness of a potatoe was strongly tinged with last year's fatal disease. I will no longer occupy the Commissioner's attention by further details of wretchedness and woe, but leave the redress, which I hope will be immediate to their tender and successful consideration.

I have the honour to be Sir

Your obedt and humble Servt

Fras Kenny

NAI RLFC 3/1/3827

Bhí cúrsaí ag dul in ainseal. I litir a scríobh Rev. O'Grady chuig an *Galway Vindicator* Meitheamh 1846:

I [...] assure you that starvation, the consequence of untimely legislative interference, has set in, by consigning already two of my parishioners to a premature grave. One has left a widower

and four helpless children in extreme necessity, and the other equally circumstanced, both of whom would have been alive this day had they the mere necessities of life to support them in their distress. I have this moment three hundred families without any means of subsistence, and unless kind landlords, who have given their tenants some meal for the past month, continue their charitable course, the two ensuing months, I can, alas without fear of contradiction, assure your Excellency, that tens and twenties of my poor people will suffer the penalty of starvation [...] No words can adequately express the distress of my poor people, who are pledging their blankets, their clothes, and every portable article they have, to enable them to live a few days.

Agus leag sé béim ar oibreacha ar an mBóthar Buí, a bhí fós gan tosaí.

Níor thosaigh an gorta i gceart, is é sin méadú ag teacht ar na rátaí báis, go dtí fómhar na bliana 1846. Bhí sé i gceist

ag an Rialtas go gcuirfí deireadh leis na hoibreacha poiblí faoi fhómhar na bliana sin, ach nuair a theip ar na fataí aríst, b'éigean cur leo. Ceannaíodh tuilleadh min bhuí ach san iarthar amháin a bhí sé le díol, agus sin má bhí géarghá leis. Bhí deireadh le teacht le rílín in aisce – ach má bhí féin, ba léir nach raibh an dara rogha acu ach é a choinneáil ar siúl. Ach feasta ba iad lucht íoctha rátaí a d'íocfadh as seo seachas an Rialtas. Ba é *'Irish property must pay for Irish poverty'* mana rialtas nua Lord John Russell agus Pháirtí na Liobrálach agus iad ag tagairt do thiarnaí talún agus lucht maoine na hÉireann, a bhí, dar leo, sprionlaitheach agus leisciúil.

Nuair ba léir nach raibh ag éirí leis na beartais seo, d'fhógair an Rialtas go mbunófaí cisteanacha súip in áit na n-oibreacha poiblí – agus is iad lucht íoctha rátaí na mbocht a d'íocfadh astu seo.

Fómhar na bliana 1846, bhí teach na mbocht i nGaillimh lán go doras – b'éigean seideanna a thógáil agus foirgnimh a thógáil ar cíós. An fhadhb ba mhó a bhí acu: easpa airgid. Nuair a cuireadh é seo in iúl do Choimisiún Dhlí na mBocht, ní raibh mar fhreagra acu ach na rátaí a ardú.

Maidir leis na hoibreacha poiblí, lean na coistí orthu ag cur liostaí de dhaoine i dtoll a chéile agus ag eisiúint ticéid a chinnteodh áit do dhuine ar na hoibreacha, duine amháin as gach teaghlach, ar phá c. 10d sa ló. Idir Deireadh Fómhair 1846 agus Meitheamh 1847 bhí 33,325 duine fostaithe ar oibreacha poiblí i gContae na Gaillimhe. 5,405 fear *'able-bodied'* a bhí ar na hoibreacha i mbarúntacht Mhaigh Cuilinn, ina bhfuil an ceantar seo, i mí na Samhna chomh maith le 33 bean agus 27 gasúr. Bhí ganntan ticéad ar lucht an choiste, de bharr éilimh, mar a scríobh Fr Kenny ar 3 Lúnasa: *'I have the honour to request you will have the kindness to forward another lot of work tickets with as little delay as possible. We are obliged to change the workmen every week in order to give a fair distribution of employment to add in aid of it. The last batch of tickets was issued in one day.'* Cuireadh 500 ticéad chuige.

Má bhí siad *'able-bodied'* féin bhí an diabhal orthu maidir le biadán, mar a thuairisc an té a bhí i gceannas orthu, Captain Clarke, i mí na Nollag 1846: *'I would respectfully submit my general observation that the labourers appear to be too much grouped on the works instead of being more spread over the line, which, I conceive, would prevent that unnecessary congregating and idling in conversation to which the country people are so prone.'* Thug maor eile, Captain Hutchinson, cuairt ar an Spidéal thart ar an am céanna, féachaint an raibh chuile dhuine



STANDÚN

SPIDÉAL

A Unique Shopping Destination

Siopa de'n Scoth

RUD ÉIGIN DON TEAGHLACH AR FAD

OSCAILTE 7 LÁ NA SEACHTAINE

FAISEAN NA MBAN



BRONNTANAIS



DO NA FIR



ÉADAÍ CNOITÁILTE



- CAIFÉ BEAG
- PÁIRCEÁIL
- 15 NÓIMÉAD Ó CHATHAIR NA GAILLIMHE







STANDÚN, AN SPIDÉAL FÓN - 091 553115

OSCAILTE 7 LÁ NA SEACHTAINE DÉ LUAIN - DÉ SATHAIRN 9:30 - 6:30 DÉ DOMHNAIGH 1-5:30

a bhí ag obair ar na hoibreacha i dteideal a bheith ag obair orthu. Ní raibh:

On Monday the 7th I visited Spiddal, barony of Moycullen, to ascertain if persons whose names were sent to me for relief were so; and on the 10th I attended the Committee there to scrutinise the lists and received every assistance from the chairman and members in doing so. A blacksmith's name (Wm Greany) caused a discussion, from the rent he paid; his comfortable slated house &c. induced me to strike his name out ...

I mí na Samhna 1846 tháinig scéala ó Rev. Kenny i dtaobh Thomas Malone, a chaith ceithre seachtainí ag obair ar an mbóthar nua idir Casla agus Uachtar Ard. Shiúil sé sé mhíle *'through a wet pathless mountain and the same journey back in the evening, after carrying dripping sand on his back during the day, with only one meal and that same a scanty one'*. Cailleadh é i bhfoisceacht ceathrú míle dá theach.

1847

In Eanáir na bliana 1847 thug an rialtas isteach scéim cisteanacha súip tar éis dóibh obair Chumann na gCarad (na Quakers) a fheiceáil. Gheofaí iasachtaí ó Choimisiún Dhlí na mBocht – iasacht ar íoc rátaí na mbocht ar ais. Bhíothas ag súil go mairfidís go fómhar na bliana sin. Feasta bheadh súp le fáil in aisce ag pé duine a raibh sé ag teastáil uaidh.

An mhí ina dhiaidh sin bhí cruinniú ag coiste fóirithinte an Spidéil. Fuair siad iasacht £100 ón gcoimisiún lárnach, síntiús £6-13-0 ón *Indian Committee, Calcutta*, agus thug Rev. O'Grady, Rev. Cather agus Rev. Kenny £5 an duine. Ordaíodh sé cinn de photaí móra, agus cuireadh súp ar fáil sa Spidéil, sa Lochán Beag agus bhí min bhuí le fáil ag muintir na Tulaí. Ní raibh cead ag aon teaghlach a raibh ball den teaghlach sin ag saothrú, beatha a fháil in aisce; chaithfí é a cheannacht. (Bhí ceann de na potaí seo taobh amuigh de shéipéal na Tulaí go dtí le gairid.)

Lean na hoibreacha poiblí ar aghaidh faoi shioc is faoi shíon. Chaithfí a dhul ag obair. Agus fuair na fir oibre tús áite nuair a bhí an mhin á díol. Ba é tuairim an rialtais dá mbeadh airgead ag na daoine – iad in ann bia a cheannacht – go gcuirfeadh an margadh bia ar fáil é. Ach mar go raibh daoine ag obair, agus mar atá feicthe againn, ag obair go crua, níos mó den bheatha ag teastáil uathu.

I mBealtaine 1847: tháinig deireadh le scéim na n-oibreacha poiblí. Leagfaí an bhéim feasta ar chóras dhlí na mbocht.

I mí Lúnasa 1847 mar thoradh ar an méid brú a bhí ar thithe na mbocht, ritheadh an *Poor Law Extension Act*: feasta d'fhéadfaí rilf a chur ar fáil taobh amuigh de theach na mbocht; tugadh cead do Choimisinéirí Dhlí na mBocht boird chaomhnóirí a scor (rud a rinne siad le teach na mbocht i nGaillimh, mar nach raibh siad in ann dóthain airgid a bhailiú ach ní dharna na leaschaomhnóirí mórán ní b'fhearr); tugadh isteach an Gregory Clause (má bhí ceathrú acra talún ag duine ní raibh sé *destitute*.i. bhí rud éicint aige agus ní raibh aon chead isteach aige – leis an mbrú a bhí ar theach na mbocht a mhaothlú beagán. Agus bunaíodh aontais dhlí na mbocht nua – feasta is ar Uachtar Ard den chuid is mó a thabharfadh muintir Chois Fharraige a n-aghaidh. Mar a rinne an bhean i sliocht as dialann de chuid duine de na Máirtínigh:

I was called into the kitchen late last night, and found there

a woman who seemed dazed and almost unconscious on the floor. Beside her lay a dead child, while in her arms she held a wretched infant, still living but terrible exhausted. As she revived under the influence of care and food, she told her piteous story. In direst need, having heard she would be relieved at Ross, she started from Spiddal, a poverty-stricken village eleven miles distant and separated from Ross by a waste of heather and bog. In cold and darkness, she struggled on till the elder child, who clung to her skirts fell and died. Then, carrying the corpse and the infant, she tottered on till at last she reached our kitchen.

Faoin am sin bhí trí mhilliún béile á gcur ar fáil tríd an gcóras seo ó cheann ceann na tíre (punt mine do dhuine fásta; a leath sin do ghasúir faoi naoi mbliana).

Níor theip ar an mbarr fataí i bhfómhar na bliana 1847, ach bhí greim ag an bhfiabhras ar dhaoine, a bhí lag faoin am seo tar éis dhá bhliain de ghanntan; agus níor cuireadh aon fhataí, de bharr easpa fataí síl, agus de bharr nach raibh fear a bhí ag obair ar na hoibreacha poiblí in ann mórán ama a chaitheamh ag cur fhataí. Rinneadh faillí sa móin freisin; agus cheal teasa agus uisce te, tolgadh galraí mar an tíofas.

Faoi mhí Dheireadh Fómhair bhí deireadh leis na cisteanacha súip – feasta chaithfí dul i muinín theach na mbocht. Chaithfeadh Éire íoc as fadhbanna na hÉireann.

I Samhain 1847 tháinig litir ó Andrew Blake, cathaoirleach choiste fóirithinte an Spidéil, ag lorg cúnamh ón rialtas:

I am directed by the Committee of the Killannin Board of Health to forward to you, for your consideration and assistance the following resolution passed by them this day:- "Resolved, that we behold with the utmost sorrow and dismay, the fearful return of famine and disease to this destitute district, visiting in their destructive career, not only their former surviving victims, but hundreds besides, who had hitherto escaped their dreadful influence.

No language can express, and the mind can scarce conceive, the awful privations which more than half our population are now calmly and patiently enduring; one well-known but melancholy fact will sufficiently describe their sad condition; that is, that we are assured, that many families are at this moment endeavouring to prolong a miserable existence, on one meal a-day of turnips alone, plundered sometimes at the risk of their lives, from the gardens of their more fortunate neighbours."

Luaigh mé an Gregory Clause ar ball beag. Clás e seo a chuir méadú mór faoi dhíshealbhuithe. Gearradh rátaí dhlí na mbocht ar gach sealbhóir le gabháltas os cionn £4; aon rud faoi sin, b'éigean don tiarna féin é a íoc. Dá gcaithfí amach iad agus na cábáin a leagan go talamh níorbh fhiú tada iad, rud a laghdódh bille an tiarna talún. An lá deiridh den bhliain 1847 chuir an Blácach tuairim is deich teaghlach as seilbh sa Tulaigh agus leag sé a gcuid tithe. Bhásaigh cuid díobh, gasúir ina measc, mar gur chodail siad amuigh an oíche sin agus oícheanta ina dhiaidh sin. Tharraing an gníomh mídhleathach seo raic agus tarraingíodh anuas an scéala i bParlaimint Westminster. (Tá cur síos níos iomláine air seo le fáil in *Biseach 2016*.)

Ba í an bhliain 1847 an bhliain ba mheasa den Ghort Mór ó thaobh cruatain de agus is le 1847 a bhaineann na scéalta is truamhéalaí: daoine ag fáil bháis ar leataobh an bhóthair – bhí

corp amháin deich lá ar an mbóthar i gCasla. In earrach 1847 a bhásaigh Bridget agus Patrick Duffy, beirt ghasúr, sa Lochán Beag. Nuair a thug an séiplíneach agus an Cather cuairt ar an teach, bhí an chuid eile den teaghlach i ndroch-chaoi, gan de bheatha sa teach ach feamainn agus duileasc.

1848

Chlis ar na fataí aríst in 1848, go háirithe san iarthar. Bhí teach na mbocht i nGaillimh lán. Fágadh daoine ag an ngeata, ag iarraidh teacht isteach.

Bhí ospidéal bunaithe sa Spidéal ó 23 Lúnasa 1847. Faoi 25 Márta 1848 bhí 32 othar ann agus seisear eile ag iarraidh dul isteach ach ní raibh aon áit dóibh ann. 18 Nollaig 1848 ag cruinniú d'Aontas Dhlí na mBocht labhair Rev. Kenny faoin ngéarghá a bhí le hospidéal nó fo-ionad fiabhrais. Cuireadh coiste speisialta, an *Killannin Fever Committee*, ar bun. Thairg Muiríseach an Spidéil teach dhá stór dóibh, iarbheairic póilíní i Sáile Chuanna – an *Sickhouse*, tá an fothrach le feiceáil i gcónaí. Bhí 235 othar ann fós i dteach cúnta na mbocht sa Spidéal sa mbliain 1851. 1,239 duine a bhásaigh mar gheall ar an bhfiabhras sna hospidéil fiabhrais i gcathair na Gaillimhe; 3,000 duine a bhásaigh sna hospidéil fiabhrais sa gcuid eile den chontae.

Agus an Gorta Mór ag druidim chun deiridh, ar 22 Aibreán 1848, scríobh sagart paróiste nua an chnoic, Canon John McCullough, litir chuig Ardeaspag Bhaile Átha Cliath, ag gabháil buíochais leis as síntiús:

I do assure your Committee that no locality can be in greater destitution than the parish of Killannin South, commonly called Spiddal. The population of my parish twelve months ago

amounted to 780 families, considerable more than 5000 souls and I can solemnly attest that one fifth of this number died since from famine and its consequences and much more would have been carried off were it not for the relief afforded by £43 I received from Dr Mac Hale and two small supplies of meal from the Society of Friends and one from Count Strzelecki. These supplies were exhausted when under the direction of Providence your enclosure came without solicitation on our part.

From the bungling manner in which the outdoor relief is being administered here, as yet not more than one half of those qualified by the quarter-acre test is getting it, and you may be prepared to admit that the condition of the recipients of this miserable pittance is far better than that of many who cling to their wretched rackrented holdings from the fact that one of the viceguardians, Mr. Keough, after going through the parish some time ago, called upon me and said he was now more certain now that when he was informed that the average rent exacted by the landlords who are all absentees was from 30s to 40s per acre for what he considered could not be worth more than 3s to 5s [for] all these. Landlords extracted their rents, feeding their tenantry with the promise that they would give them meal and seed in the spring, neither of which they gave as yet. There is a fever hospital in this parish accommodating, I think about 44 patients and I do again solemnly declare that there are upwards of 200 cases of fever and dysentery in the parish and in the western portion, particularly. In the neighbourhood of the Blakes of Tully the priest is called on every other day to attend from two to five dying persons where more than fifty houses were tumbled down or burnt last winter, the persecuted outcasts living in ditches or in sheds. Notwithstanding the cruel scenes enacted by James Blake of Tully, who is local agent to Pat. Blake of Gurtanamone, the people are peaceable and under the influence of religion.

Tá ráite agam roimhe seo go raibh Aontas Dhlí na mBocht na Gaillimhe i bhfiacha ó shamhradh na bliana 1846. Bhí tithe na bocht go léir lán faoi dheireadh na bliana, bhí a gcuid airgid go léir caite (síntiúis phríobháideacha a bhí á gcoinneáil os cionn uisce) ach pé iarratas ar chabhair a rinne siad ó Choimisiún Dhlí na mBocht ní bhfuairadar mar fhreagra ach na rátaí a ardú.

1849

Bhí dúchan anseo is ansiúd in 1849 ach b'éigean don Rialtas leanacht dá chuid cúnaimh d'aontais na Gaillimhe agus an Chlocháin, Go deimhin, bhí d'fhiacha ar theach na mbocht sa gClochán gur tháinig an sirriam, gur thóg sé na headaí agus dhíol iad. Córas a bhí in ainm is freastal ar 100,000 duine, bhí sé ag freastal ar 114,129 in 1847 agus ar 308,655 in 1851. Mar gheall gur ar lucht íoctha rátaí a bhí an t-ualach seo ag titim – agus tabhair ualach air – tugann an litir thíos léargas spéisiúil ar mheon an drama sin a bhí in ainm is íoc as seo go léir.

County of Galway

The informations of George R. Mac Donald who this day came before me, one of her Majesty's Justices of the Peace for said county and being duly sworn on the Holy evangelists. saith as follows:

I am Collector of Poor Rates for the Electoral Divisions of Outerard, Killannin & Moycullen in the Galway Union.

On Tuesday last the 14th inst., having made distress (with



Cló Iar-Chonnacht

An Cheardlann, An Spidéal
Teil: 091-593307 cic@iol.ie www.cic.ie



An Tower, CD nua le TOMMY MELLETT & NEANSAÍ NÍ CHOISDEALBHA

Is stíl fhíorshultmhar croíúil atá acu ... ceol fuinniúil, lán le hanam agus le héagsúlacht – Meaití Jó Sheamuis

Buail isteach chugainn sa siopa nua sa Cheardlann, An Spidéal. Siopa oscailte ó Luan go hAoine.

www.cic.ie Teil: 091-593307 eolas@cic.ie

several of my assistants) for Poor Rates on the lands of Bohoona in the said Division of Killannin, the same was immediately rescued by a party of upward twenty persons, one of whom assaulted James Carson, one of my bailiffs, by giving him a violent blow with a stone. In a very short time upwards of 100 persons assembled and evinced a great disposition to attack the bailiffs even after the distress had been forced away.

I have on several occasions within the last two months made distress for poor rates in the said divisions which has always been forcibly and violently rescued from my custody and the greatest violence manifested towards me and my assistants. It is, therefore, quite impossible that the collection can be proceeded with in either of the said divisions without a military or police force to protect me and my assistants in the execution of my duty. I further state that opposition to the collection of the rate in the above Divisions is so great that I consider the lives of myself and my assistants would be in imminent peril were I to proceed further in the collection of the rate by means of distress. I therefore pray that prompt and valuable protection may be afforded me as the time is fast approaching when distress [in] the above Electoral divisions will not be available.

George R. Macdonald

Given before me, a Justice of the Peace for said County, this 16 Nov. 1848

George O'Flaherty

NAI OP 11/ 726

Is é a bhí i gceist le 'distress', maoin (beithígh nó barraí go hiondúil – beithígh sa gcás seo) a thógáil de bhuíochas an úinéara i leaba íocaíocht ar fhiacha, cíós nó rátaí go hiondúil. Bhí an rud céanna déanta ag muintir an Locháin Bhig dhá mhí roimhe sin, mar a mhínigh Francis Comyn, an tiarna talún:

on my arrival at Loughan beg hearing that there had been a rescue accompanied with great violence on a part of my property there – a distress for rent had been made – I sent for the police and on their arrival there two persons there pointed out to me as having been concerned in the affray I gave them in charge of the police who brought them to Spiddle, there being no writing materials nearer than that place for drawing the necessary informations. The law requiring the bailiff to swear informations against the two men, he positively refused to do so, in consequence of which I dismissed him and ordered the sergeant to liberate the two men.

Níor thaitin an chaoi ar iompair an tiarna talún é féin le Caisleán Bhaile Átha Cliath:

Your letter is not as satisfactory as might be desired. To a certain extent you appear to have acted as a Magistrate in calling out the Constabulary in a case in which you were personally interested and, had you proceeded to take informations in the case which you appear to have investigated with that object, I am advised to inform you that his Excellency would have deemed it necessary to bring your conduct under the consideration of the Lord Chancellor.

NAI OP 11/726

Bhí rilíf lasmuigh (*outdoor relief*) ar fáil go dtí Deireadh Fómhair 1849 (20,000 i gConnachta á fháil tuairim an ama

sin; 100,000 a bhí á fháil i gCúige Mumhan).

1849 agus ar lean

Is deacair a rá i ndáiríre cén uair ar tháinig deireadh leis an nGorta, ná dáta a chur leis. Bhí Aontas na Gaillimhe agus Aontas an Chlocháin fós ag fáil cúnaimh ón rialtas suas go dtí an bhliain 1850. Bhí 235 othar i dteach cúnta na mbocht sa Spidéal an bhliain ina dhiaidh sin. Chonaic muid ansin gur mhaígh an Canon McCullogh gur cailleadh an cúigiú cuid den daonra ina pharóiste féin. Cuirimis, mar sin, figiúirí dhaonáireamh na bliana do pharóiste sibhialta Chill Aithnín 1841 i gcomparáid le figiúirí dhaonáireamh 1851.

Sa gcéad áit, laghdaigh an daonra ó 11,278 go dtí 7,976 (laghdú 3,302); tháinig laghdú ar an líon tithe sa gceantar ó 1,947 go dtí 1,402 (laghdú 542). Sin laghdú de 29.298% ar an daonra – níos mó ná an cúigiú cuid, mar sin. Ar ndóigh, ní féidir a rá gur bás den ocras, nó tolgadh galraí, is cúis leis seo uilig. Chuaigh daoine ar imirce agus d'fhág siad an chomharsanacht. Ach, ba iad na ceantracha ba bhoichte ba mhó a d'fhulaing, na ceantracha ba mhó fás roimh an nGorta, agus ar an iomlán is ar na bochtáin is troime a luigh ualach an Ghorta Mhoir.

Ach níorbh in deireadh le gorta, i gConamara ar aon nós. Bhí ganntan ann in 1859–64, sna hoileáin go háirithe; in 1879–82; in 1890–91; 1894; 1898; 1904; 1912 (tráth ar chuir Ruairí Mac Easmuinn arán siar don Cheathrú Rua), 1922, 1923 agus 1924. An duine deiridh a bhfuil tuairisc againn a cailleadh le hocras gorta Éirinn, b'as Conamara í:

One of the last recorded victims of famine was a Mrs Flaherty of Garomna Island in Connemara in November 1897. English charity had aided twelve families on the island and the Flaherty family of four consisting of the parents and two children had earlier been given half a hundredweight of Indian meal by the relieving officer. After her death the police investigated. They searched the house and found no food and the police sergeant appealed to his men for aid for the surviving family members.

Foilsíodh tuairisc an bhliain dár gcionn, *Distress in the West and South of Ireland, 1898* – faoin trath seo bhí grianghraif ann de mhuintir Gharomna, na Ceathrún Rua agus Chonamara fré chéile, le fotheidil mar: 'a very distressed family', 'in search of food', 'dinner of Indian meal supplied by relief committee', 'seeking relief', 'the relief works'.

Sa mbliain 1925 thug an comhlacht scannánaíochta Pathé cuairt ar Chonamara agus rinne scannán gearr dar teideal *Connemara's Appeal*, faoin nganntan fataí a bhí sa gceantar an bhliain sin. (Tá sé le feiceáil ar YouTube.) 'There is no famine, but distress does prevail through failure of turf and of potato crops' a d'fhógair na teidil, agus an té a bhreathnódh go grinn ar na radharcanna de mhuintir na háite ag teacht ag iarraidh málaí arbhair le tabhairt abhaile leo (mar a rinne an ghlúin a chuaigh rompu), aithneoidh siad Baile Ard an Spidéil.

Foinsí: Páipéir an *Central Relief Commission*, Cartlann Náisiúnta na hÉireann; *Outrage Papers, Galway*, Cartlann Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath; Seán Ó Mainnín, 'Paróiste an Chnoic in Aimsir an Drochshaoil' (clóscríbhinn neamhfhoilsithe, gan dáta). ■

Coisín Chríost

Johanna Ní Mháille

Sleamhnaíonn uisce an phortaigh timpeall mo chuid buataisí. Sheas mé ansin ar feadh tamaill agus líon mé mo chuid scamhóg le haer úr; níl aon áit ar domhan chomh deas le portaigh Cor na Rón. Níl a fhios ag mórán cá bhfuil Coisín Chríost nó lorg choiscéim Chríost atá i gcloch i lár na portaigh i gCor na Rón Láir. Níor thug mé cuairt ar an áit beannaithe seo ó bhí mé i mo chailín óg, ach le gairid thosaigh mé fhéin agus mo Dhaidí ag labhairt faoi agus ó bhí an mhóin críochnaithe againn, chuaigh muid ar thóir clocha beaga beannaithe nach raibh feicthe againn leis na blianta.

Suas linn bóithrín Cor na Rón Láir, thar theach mo Dhaideo, Pádraig na Máille, fear a bheadh in ann scéal nó dhó a insint dom faoi Choisín Chríost dá mbeadh sé beo, go ndéana Dia grásta air. Ar aghaidh linn i dtreo Aill a' Phúca, chloch mhór mhillteach a bhfuil crann aonarach ag fás os a chomhair. Isteach ar chlé, isteach ar an gcléireach, cúig nóiméad siúlóide atá i gceist agus tagann tú ar an gcloch bheag beannaithe seo.

Sa lá atá inniu ann agus an deifir atá ar gach duine, is áit fhíorálainn é, áit chiúin, shuaimhneach, áit le paidir a rá, nó roinnt smaointeoireachta agus machnaimh a dhéanamh.

Nuair a sheasann tú os comhair na gcloch beag liath, tá tú in ann lorg coisín bheag a fheiceáil go soiléir. Timpeall ar an gcoiscéim tá balla beag déanta go néata ag lámha atá i



An Choisín

bhfad imithe ón saol seo. Fiú amháin tá cloch sa gcláir thart timpeall ar Choisín Chríost ar nós go bhfuil sé déanta le dul ar do chuid glúine chun paidir a rá. Is iontach an rud é an nádúr. Os rud é nach raibh mé thuas anseo ó bhí mé i mo ghasúr, rinne mé dearmad air cé chomh deas agus atá áit mar seo ag muintir na háite.

Ag breathnú síos ar Choisín Chríost, tá seanbhuidéil uisce coisricthe in aice na gcloch. Deirtear go raibh daoine ag teacht ó gach uile thaobh den tír go Conamara ag Coisín Críost fadó agus go mbídís ag guí ar aon duine a bhí tinn agus go mbídís ag fágáil rudaí ar nós paidrín nó bonn beannaithe in aice Choisín Críost ar son an té a bhí tinn. Freisin, bhíodh daoine ag guí ar aimsir mhaith leis an bhféar a shábháil agus le haghaidh séasúr maith le barraí a bhaint. Ba cheart dúinn ár stair áitiúil a chaomhnú don chéad ghlúin eile chun ar n-oidhreacht a choinneáil beo.

Má bhíonn tú i gCor na Rón aon lá, téigh ar cuairt chuig an Coisín Chríost, tóg cúig nóiméad dhuit fhéin chun paidir a rá agus lig do scáth in aice le Coisín Chríost agus beidh tú faoi dhraíocht ag portaigh Cor na Rón. ■



Coisín Chríost

Dumhach na Leanbh

Comhthéacs

Pádraig Ó Héalaí

Ní mór an t-íniúchadh is gá a dhéanamh ar an mbealach traidisiúnta ina ndéileáil le bás linbh sula dtabharfar faoi deara gur lú an t-aitheantas a tugadh tráth don bhás sin ná mar is gnách a thabhairt dó inniu. Tá meon i leith an linbh agus dearcadh ar a stádas léirithe i ndeasghnátha traidisiúnta atá an-difriúil ar fad ón tslí ina láimhseáiltear agus ina mbreathnaítear ar bhás linbh sa lá atá inniu ann. Is cuid den láimhseáil thraidisiúnta ar an mbás, mar shampla, iad na comharthaí a thugann réamheolas ina thaobh de réir an tseanchais. Tá siad seo bunaithe ar an tuiscint go mbíonn treoir le fáil ón dúlra nó ón saol eile faoi bhás atá le tarlú agus tugtar le fios sa tslí sin gur cúram dóibh é. Níor ghnách a leithéidí á lua le bás linbh agus is annamh ar fad a luaitear tuairisc ar an gceann is aithnidiúla díobh, caoineadh na mná sí, amhail is nár spéis léi bás linbh.¹

Cé go raibh difríochtaí áirithe ó cheantar go chéile sa tslí ina ndéileáil le bás linbh, is féidir a rá go ginearálta go raibh deasghnátha níos bunúsaí agus níos loime i gceist leis ná le bás duine fásta agus nach ndearnadh an cúram céanna dó. De bharr a lárnaí is a bhí an tórramh i ndeasghnátha báis in Éirinn, is suntasach ar fad go dtarlaíodh uaireanta nach mbíodh aon tórramh ar leanbh, go mór mór mura raibh ach baiste urláir faighte aige nó dá saolófaí marbh é. Níorbh annamh é á chur cúpla uair an chloig tar éis dó bás a fháil, agus fiú nuair a déantaí leanbh a thórramh, ní bhíodh i gceist de ghnáth ach tórramh aon oíche amháin, murab ionann agus tórramh dhá oíche a bhíodh ar dhuine fásta. Arís, níor ghnách ól ann, ná in áiteanna, tobac, agus ba mhór an laghdú ar dheasghnátha agus ar stádas an tórraimh gan na gnéithe sin de threalamh tórraimh a bheith ar fáil ann. Ní lú, ach an oiread go gcuirtí cábán de bhraillíní timpeall an choirp mar a déantaí go rialta le corp duine fásta agus ní théití chun costais le cónra linbh.

Sochraid bheag a bhíodh ar leanbh agus go minic é sin ag am míthráthúil, amhail is gur ghlac an chlann agus an pobal leis nár ghá aitheantas a thabhairt dó. Bhí na deasghnátha eaglasta ar lár ar fad, ar ndóigh, mar nach gcuirtí an Ola Dhéanach ar pháistí ar creideadh fúthu nach raibh peaca ar a gcumas, ná ní bhíodh sagart i mbun shearmanas an adhlactha agus ní lú ná mar a thógtaí altóir orthu.

Ní móide go bhfuil aon nós eile bainteach le bás leanaí is aistí le pobal an lae inniu ná an cleachtas a bhíodh ann leanaí óga, go háirithe leanaí a fuair baiste urláir, a chur in áiteanna eile seachas in uaigh a muintire. Uaireanta, ba i seanláithreacha eaglasta cosúil le suíomh seanreilige nó séipéil a chuirtear iad, áiteanna ar minic cillíní, ceallúnacha, ceallúracha nó lisíní á dtabhairt orthu inniu. Ach ba mhinic freisin gan aon cheangal ag an láthair leis an gcreideamh Críostaí, m.sh., garraí in aice

an tí, claí (teorann, de ghnáth), páirc, ag crosbhóthar, faoi sceach aonair, in aice tobair, abhann nó srutháin, nó fós ar bhruach na farraige – an suíomh atá ag Dumhach na Leanbh sa Teach Mór.

Ní miste a lua b'fhéidir nach sa tír seo amháin a chaití i slí dhifriúil le corp linbh seachas le corp duine fásta. Ba nós i roinnt seansibhialtachtaí, agus is ea fós i gcultúir áirithe,



Dumhach na Leanbh mar a bhí.



Dumhach na Leanbh mar atá anois.

deileáil i slí speisialta le corp linbh agus é a adhlacadh in ionad ar leith ó dhaoine fásta. Sa Róimh anallód, mar shampla, dhéantaí na mairbh a adhlacadh i bhfad ó áit chónaithe na mbeo, ach istigh sa tigh a chuirí leanaí. Sa Bhreatain, roimh theacht na Rómhánach, ba ghnách naíonáin á gcur ar leith ó dhaoine fásta agus is i gcláí, i gclais nó i láthair dumpála a chuirí iad. Arís, léiríonn tochailtí seandálaíochta sa Bhreatain agus in Éirinn gur fánach an corp linbh a adhlacadh ar aon láthair le daoine fásta sa Chré-Umhaois, ach gur dócha gur ar láithreacha ar leith agus le beagán searmanais a adhlacadh iad.¹ (Finlay 2000, Watts 1989; Waddell 1981).

Sa domhan Rómhánach bhí tionchar ag teacht chun cinn na Críostaíochta ar dheireadh a chur le hadhlacadh ar leith do pháistí agus cur leis an searmanas a bhain lena n-adhlacadh. Chabhraigh teagasc na Críostaíochta go mór le stádas breise a bhronnadh ar an leanbh, mar de réir an teagaisc sin, ba bhall de phobal Dé é an leanbh baistithe, agus go deimhin, bhí stádas speisialta aige sa phobal sin mar dhuine a bhí gan pheaca. Ach ina ainneoin sin agus in ainneoin gur tuigeadh gur suanlios d'fhíréin í an reilig, leanadh ar feadh na gcéadta bliain in áiteanna le leanaí a adhlacadh i láithreacha ar leith ó reiligí ina gcuirtí daoine fásta. Feictear, mar shampla, ó staidéar a rinneadh ar chúrsaí adhlactha sa bhFrainc ag deireadh an seachtú haois déag, tráth a raibh reiligí nua á bhforbairt sa tír sin, nár adhlacadh aon daoine fásta den uasaicme sna reiligí nua seo ach fós gur cuireadh cuid mhór dá gcuid leanaí iontu.² Ariès, *The Hour of Our Death*, 88-90.

Is minic ráite é faoi láithreacha adhlactha leanaí sa tír seo gur leanaí gan bhaiste atá curtha iontu – lasmuigh de chorrduine fásta. Is é firinne an scéil, áfach, gur ar éigin má bhí mórán leanaí gan bhaiste curtha iontu ar chor ar bith.

Ní mór a chur san áireamh go raibh géilleadh forleathan i measc na nglúnta romhainn don Teagasc Críostaí maidir le riachtanas an bhaiste don bheatha shíoraí. Leag an teagasc sin dualgas trom ar thuismitheoirí, agus ar mhná cabhartha go háirithe, baiste urláir a thabhairt do leanbh i mbaol báis ionas go gcinnteofaí aoibhneas na bhflaitheas dó. Mar gheall air sin, ní miste a mheas go bhféachfaidís chuige go mbaistfí an naíonán a thúisce is a mhothófaí é bheith in aon dainséar agus gur dócha gur fánach an leanbh atá curtha sna láithreacha seo nach raibh baistithe.

Tá go leor fianaise ó áiteanna éagsúla ar fud na tíre gur adhlacadh leanaí a bhí roinnt blianta d'aois sna láithreacha seo, agus dá réir sin, gur féidir glacadh leis iad a bheith baistithe. Seo mar a thuairiscíonn Seán Ó Conghaile: 'Is i reilig dóibh féin a chuirí páistí a d'fhaigheadh bás in aois bliana nó dhó. Áit

bheag a bhíodh i reilig na bpáistí agus an t-ainm a thugtaí uirthi, Dumhach na Leanbh.'³ Dealraíonn gur slat tomhais aoise (seacht mbliana an t-uasthairseach uaireanta) seachas stádas creidimh a chinntigh cé a chuirfí iontu. Tharlódh gur faoi anáil an tseantraidisiúin réamh-Chríostaí a leanadh go forleathan leis an gcleachtas leanaí a chur i láithreacha ar leith tar éis don phobal glacadh leis an gCríostaíocht. Is daingean é greim nósanna báis, agus féach go raibh fós san ochtú haois AD, seanláithreacha adhlactha a bhí neamhspleách ar an gcóras Críostaí i ngnáthúsáid do dhaoine fásta. Tá sé áitithe, go deimhin, go bhféadfadh sean-nósanna adhlactha (réamh-Chríostaí) bheith fós i bhfeidhm sa deichiú haois nó fiú níos déanaí.⁴ Sa chomhthéacs sin, is spéisiúil í fianaise na seandálaíochta, gur gnáthghné den taobh tíre in Éirinn iad na hionaid adhlactha ar leith do leanaí, ar a laghad ó dheireadh na meánaoise ar aghaidh.

Bhí na láithreacha adhlactha leanaí seo an-líonmhar go háirithe in iarthar agus i ndeisceart na tíre – tá 458 díobh áirithe i gCo. na Gaillimhe amháin mar shampla.⁵ Níor tháinig aon mheath suntasach ar an úsáid a bhí á baint astu seo go dtí an dara leath den naoi haois déag, agus go deimhin, leanadh, lena n-úsáid in áiteanna – Dumhach na Leanbh san áireamh – isteach go maith sa bhfichiú haois. I gceantair nach raibh na hionaid adhlactha leanaí seo iontu, is i gcúinne ar leith den ghnáthreilig a déantaí leanaí a adhlacadh de ghnáth, agus mhéadaigh ar an úsáid a baineadh as na suíomhanna sin de réir mar éiríodh as leanaí a chur i láithreacha ar leith.

Is léiriú an-soiléir é ar ról lárnach an linbh i saol na clainne inniu gur ócáid don phobal a shochraid a bhfuil deasghnátha eaglasta ceaptha dó, agus gur in uaigh a theaghlaigh a déantar é a adhlacadh. ■

1 N. Finlay, 'Outside of Life: Traditions of Infant Burial in Ireland from Cillín to Cist', *World Archaeology* 31(2000), 407-22; D. J. Watts, 'Infant Burials and Romano-British Christianity', *The Archaeological Journal* 146 (1989), 372-83; J. Waddell, 'The Antique Order of the Dead: Cemeteries and Continuity in Bronze Age Ireland', in D. Ó Corráin, ead., *Irish Antiquity. Essays and studies presented to Professor M. J. O'Kelly*, Cork 1981, 163-72.

2 P. Ariès, *The Hour of Our Death*, Oxford 1991, 88-90.

3 S. Ó Conghaile, *Saol Scolóige*, Indreabhán 1993, 50.

4 S. L. Fry, *Burial in Medieval Ireland 900-1500. A review of the written sources*, Dublin 1999, 43.

5 D. Crombie, *Children's Burial Mounds in Co. Galway*, tráchtas MA (gan foilsiú), Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, 1990.

Clár *Monitor* an BBC 1961

Mártan Ó Ciardha

Fágann teacht TG4 gur ar nós chuma liom anois a bhíonn pobal Chois Fharraige nuair a fheiceann siad criú teilifíse i mbun a gcuid oibre thart timpeall an cheantair sin. Mise á rá leat nach amhlaidh a bhí in 1961 nuair a tháinig lucht an BBC chuig teach mo sheanathar Micilín Mháirtín Eoghain Ó Neachtain i mBaile an Domhnalláin sa Spidéal, áit ar chaith siad dhá oíche i mbun taifeadadh ar chlár de shraith teilifíse darbh ainm *Monitor* a bhí an stáisiún a chraoladh ag an am. Clár ealaíne ab ea *Monitor* a craoladh idir 1958 agus 1965. Feicim anois gur Breathnach a raibh Huw Wheldon air a bhí ina cheannas (déanadh ridire dó in 1976) agus b'fhéidir go mba é an ceangal Ceilteach a chuir ina chloigeann siúd in 1961 gur bhfiú clár a dhéanamh faoin gcaoi ar mhair pobal beag Gaeltachta i gceantar a bhí iargúlta go leor ag an am.

Le linn a gcuaire, rinne a chriú taifeadadh ar uncail liom agus é ag bailiú slata mara ar an gcladach lena charr capaill; Kate Sheáin Tom Uí Chonláin as Baile an tSagairt agus í ag seoladh a chuid ba; a mac Feistí agus Máirtín Steve Breathnach as Baile Ard agus iad ag fágáil na seanchéibhe i gcurrach chanbháis; Taimín Pheadair Tomty agus a mhac Seán as Baile an tSagairt ag tabhairt faoi bhéile fataí agus go leor de radharcanna an cheantair – sráidbhaile an Spidéil, an cladach, droichead beag Bhaile an tSagairt, seanscoil Sailearna, áit a raibh m'athair Pádraic ag múineadh, agus go leor eile.

Cé mbeadh a leithéid ar ndóigh gan ceol, amhráin agus corr steip? Teach mór áirneála ab ea Tigh Mhicilín Mháirtín Eoghain agus is dóigh gurbh é sin an fáth ar roghnaíodh é nuair a rinne an BBC taifeadadh ar an ngiota den chlár a thabharfadh blaiseadh don lucht féachana Sasanach ar mhianach an cheoil, na n-amhrán agus an damhsa a bhí á gcleachtadh ag pobal Chois Fharraige. Faoin mbliain 1961 bhí Micilín féin básaithe ach bhí mo sheanmháthair Kate Ned beo i gcónaí agus ise mar aon lena beirt mhac, Máirtín agus Ned, ag maireachtáil sa teach. Níl mórán oíche den tseachtain nach dtagadh ar a laghad beirt nó triúr de na comharsain ar cuairt ann. Ba iomaí sin amhrán agus port a casadh freisin ann agus gan aon deifir abhaile ar aon duine.

Níl mé an-siúráilte cé a thug an t-eolas faoi Tigh Mhicilín don BBC ach dhéanfainn iontas mura raibh lámh ag Máirtín Standún ann. Ba é Máirtín agus a bhean May a thóg an siopa den ainm sin 100 slat soir ó Tigh Mhicilín agus ba mhinic iad féin agus go deimhin a gclann isteach sa teach ceann tuí – Máirtín ag cur agus ag cúiteamh faoi sheanfhocla agus faoi théarmaíocht Gaeilge agus May, Dónal agus Dearbhaile ag casadh ceoil. Chuile sheans gur chuig leithéid Mháirtín a thiocthadh an BBC nó strainséir ar bith a bheadh ag cuartú eolas na háite fadó. Is dóigh go mba aige freisin a bhí an t-aon



An bheirt Khate

ghuthán a bhí ar an mbaile.

Tá mé níos cinnte fós gurbh é Máirtín a chomhairligh don BBC nach raibh graithe acu a dhul ag scannánaíocht in aon teach áirneála gan bairille pórtair a bheith acu agus buidéal seirise do na mná. Bhí sin acu – aniar as Teach Ósta Tommy Hughes, an dá oíche a raibh siad ann.

Bhí leictreachas tagtha chuig an Spidéal le tuairim deich mbliana ag an am ach ar ndóigh, fearacht tithe eile an cheantair, ní raibh Tigh Mhicilín ach bolgán amháin i chuile sheomra agus soicéad balla amháin sa gcistineach ina gcuirtí isteach plocóid ón raidió – bhaintí amach arís é nuair a bhíodh an Nuacht nó Ciarán Mathúna nó Dinjoe thart ar fhaitíos go lasfadh sé an teach! Dá bharr sin thug an BBC trucail leo ina raibh gineadóirí. Astu siúd a cuireadh ag obair na soilse agus na ceamaraí a bhí acu. Páirceáladh taobh amuigh ar an tsráid é agus oiread cáblaí ag teacht as agus a bhí de shlata mara ag Ned i gcarr an chapail.

Tharraing na soilse céanna gairí mar go gairid tar éis a



An chistineach inar taifeadh an clár Monitor don BBC

theacht dóibh d' iarr duine den chriú ar mo sheanmháthair an mbeadh aon siopa thart ina mbeadh clúdach piliúir le ceannacht ann. Bhí sé amach sa tráthnóna agus dúirt sí leis nach raibh aon cheann níos gaire ná Gaillimh, go mbeidís ar fad dúinte faoin tráth sin ach go dtabharfadh sí féin ceann ar iasacht dó. Ní raibh aon mhaith ann a deir sé, chaithfeadh sé é a fháil le ceannacht.

Thug sé coróin di – a dhá luach go maith – agus ní mba túisce úinéireacht aige air ná a thosaigh sé á stróiceadh go ndearna sé ribíní don chlúdach uilig. D'iarr sé scuab ansin gur cheangail na ribíní ina gceann agus ina gceann ar chos na scuaibe. Níor fhág sé focal ag Kate Ned ná ag a cara Kate Sheáin Tom. Millteanas agus foghail a mheasadar.

Ba nuair a thosaigh an taifeadadh a tuigeadh cén t-údar a bhí lena raibh déanta. Bhí soilse láidre leagtha ar an talamh timpeall na cistine agus iad ag scalladh ar an té a bhí ag gabháil fhoinn nó ag casadh ceoil. Ba é an jab a bhí ag “Fear na Ragannaí” mar a baisteadh air, cos na scuaibe a chroitheadh sall agus anall os a gcomhair sa gcaoi go gceapfadh an té a bheadh ag breathnú ar an teilifís ina dhiaidh sin go mba iad lasracha na tine a bhí ag damhsa ar chlár éadain an cheoltóra. Go dtí lá a mbáis, trócaire orthu, ba mhinic “Fear na Ragannaí” tarraingthe anuas ag an mbeirt Kate agus iad déanamh iontais cén chaoi a mbeadh pá sheachtaine le fáil ag fear as obair chomh suarach!

Bhí muintir Bhaile an Domhnalláin fré chéile bailithe isteach an dá oíche ar rinneadh an taifeadadh. Ba é Finian Ó Conláin fear an tí, an t-amhránaí Johnny Joe Pheaitsín Mac Donnchadha tagtha anoir as Áth hEascrach Cuain agus an fidléar Máirtín Byrnes ina theannta. Thug May Standún a veidhlín féin anoir an bóthar léi agus choinnigh siadsan, an fliúiteadóir Eddie Maloney agus an boscadóir Larry Craughwell ceol lena raibh i láthair. Dúirt m'athair amhrán, dúirt an préachán seo ceann eile, chas Máirtín Thornton an

t-orgán béil agus rinne Joe Nally, Máirtín Tom Shabha Ó Coincheanainn, Seán Ard Ó Neachtain agus a bhean Mary céapar damhsa.

Bhí sé bunáite 6 mhí dar gcionn nó mar sin faoin am ar 'spáineadh an clár ar an BBC. Ní raibh aon fheiceáil ceart ar an stáisiún an taobh seo de Bhleá Cliath agus chuaigh mé féin, m'athair agus Kate Ned chomh fada le teach m'aintín Bríd i mBaile Phib go bhfaca muid an t-iontas. Ní raibh na *Oscars* ná an *Cannes Film Festival* ach in áit na leithphinge lena ais.

“*Things rested so*,” mar a déaradh an seanachaí Éamon Kelly tráth dá raibh, nó go raibh Maidhc P. Ó Conaola ag obair mar léiritheoir teilifíse do RTÉ dornán blianta ó shin. Bhí tuairisc an scéil ag Maidhc agus le anró go leor d'éirigh leis cóip den chlár a fháil ón BBC, nó de chuid dó ar chuma ar bith, rud a mbeidh mé buíoch go deo dó dá bharr. Thug sin seans do phobal féachana RTÉ freisin é a fheiceáil agus d'fhág cóip agam féin.

Tá a mbunáite siúd atá le feiceáil ar an scáileán imithe ar Shlí na Fírinne faoi seo, faraor. Bíonn tocht orm anois aon uair a mbreathnaím air – imní ar éadan Kate Ned ar fhaitíos go dtiocfaínn amú san amhrán, croí Feistí i chuile nóta den fhonn mall a chas sé, anam fuinniúil May Standún sna poirt bhríomhara, na buachaillí ar fad a bhí i Scoil Sailearna liom agus cláir éadain mo shinsear nach bhfeicfidh mé arís choíche.

Ach is leis an oíge a bhfuil le teacht agus buíochas le Dia tá nia agus mac baistí de mo chuid, Seán, ag plé le ceird na teilifíse anois. Mar chuid dá chuid oiliúna, rinne sé gearrscannán faoi chuairt an BBC ar Tigh Mhicilín Mháirtín Eoghain in 1961 a 'spáineadh ag Fleadh Scannán na Gaillimhe i mbliana. Más mé féin a deireann é, is maith, slachtmhar an piosa oibre atá déanta aige agus amach anseo b'fhéidir go bhfaigheadh sibh ar fad deis cuid de shaothar “Fhear na Ragannaí” agus Sir Huw Wheldon a fheiceáil díbh féin. ■

Ros na Rún

sa 23ú Séasúr agus anois in HD

Déirdre Ní Fhlaithearta

Aithníonn daoine Ros na Rún mar shobaldráma ar TG4 agus níl aon dabht ach go bhfuil an-tóir ag an lucht féachana ar na carachtair agus iad anois ag dul thríd an saol sa 23ú séasúr. Ach meas tú an bhfuil an oiread áirde tugtha ar an sobal seo mar ghnó, mar áis agus mar thionscal sa gceantar atá ag cur fostaíochta agus traenála ar fáil le os cionn scór bliain.

Lonnaithe sa Spidéal, tugann an sobaldráma fostaíocht do 150 duine ar feadh sé mhí gach uile bhliain agus iad i mbun scannánaíochta lena chinntiú go mbíonn eagrán le craoladh dhá uair sa tseachtain.

I ndáiríre, tá na mílte duine fostaithe agus traenáilte san earnáil sin ó bhunaigh Máire Ní Thuathail a comhlacht Eo Teilifís. Tá Máire imithe ar shlí na firinne anois ach tá Siobhán Ní Ghadhra ag coinneáil an spioraid sin ag imeacht agus í i ag rith an chomhlachta anois – agus *Tyrone Productions* in éineacht léi i mbun Ros na Rún.

Inniu, is iomaí duine atá ag obair ar an sobaldráma seo

a thosaigh amach ag traenáil ar an seit agus go deimhin cuid acu imithe ag obair le scannáin agus cláracha teilifíse ar fud an domhan, mar go bhfuil an-mheas ar na cáilíochtaí atá bainte amach acu sa Spidéal. Tá traenáil foirmiúil le fáil i rith na bliana i gClár Gréasán na Meán Skillnet agus cuireann siad sin traenáil phraiticiúil agus chruthaitheach ar fáil a dhíríonn ar scéalaíocht agus cumarsáid sna meáin, i gcló, sa teilifís, sa raidió agus ar an idirlíon.

Tairiscíonn Gréasán na Meán traenáil nuálach do chéimithe dífhostaithe a thugann eolas praiticiúil dóibh chun fostaíocht a chinntiú sa todhchaí san earnáil ealaíne



Patricia Carroll ó Tyrone Productions; Déirdre Ní Fhlatharta, Léiritheoir Sraithe Ros na Rún; Siobhán Ní Ghadhra, Léiritheoir Feidhmiúcháin Ros na Rún agus an t-ambránaí cáiliúil, Daniel O'Donnell



agus bíonn deiseanna fostaíochta ar fáil i Ros na Rún do chéimithe a chríochnaíonn an traenáil. Is cinnte go bhfuil deiseanna fostaíochta ar fáil, ní amháin i gceanncheathrú Ros na Rún ach sa gceantar móorthimpeall agus ar fud an domhain.

Fuair seit Ros na Rún nuamhaisiú le go mbeadh sé réidh do HD i rith an tsamhraidh. Leis sin, bhí treascairt agus athchóiriú le déanamh ar chuid de na seiteanna chomh maith le ceamaraí agus trealamh coimhdeach a ceannach. Tá €1 milliún infheistithe in ullmhúcháin na teicneolaíochta HD. Ní hé amháin go dtugann sé sin pictiúr níos soiléire don lucht féachana ach beidh deis mharagaíocht idirnáisiúnta ann don chlár dá bharr freisin.

É sin ráite, níl aon dabht ach go bhfuil agus go mbeidh Ros na Rún saite i gcróí cheantar Chonamara agus tá lucht féachana dílis seachtainiúil ag an gclár go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta (ar an idirlíon) agus is iad siúd an dream a bhfuilfear ag díriú orthu.

Is iomaí scéal atá curtha faoi bhráid síos thríd na blianta agus bhí corr ‘celeb’ (Stephen Fry, Daniel O’Donnell, Francis Brennan, Nathan Carter agus Alan Hughes as TV3 páirteach) ach is iad na haisteoirí – óg agus sean – a thugann brí do Ros na Rún gach uile Mháirt agus Déardaoín ag 8.30 i.n. idir seo agus mí na Bealtaine seo chugainn. ■



Thuas, ar chlé: Máire Ní Thuathail, nach maireann, bunaitheoir na cuideachta léiriúcháin teilifíse Eo Teilifís, in éineacht lena geal, Stocaí.

Sa lár: Tadhg (Macdara Ó Fátharta) i Ros na Rún ag coinneáil súil ghéar ar chúrsaí.

Ag bun: Colm Ó Fátharta agus Máire Uí Dhróighneáin ó Ros na Rún, leis an gcríú taifeadta, i mbun traenála ar sheit Ros na Rún don chóras nua HD.



Pádraic Mór Ó Fátharta

Pádraic Ó Cearra

Tá mé a cheapadh anois dá mairfeadh sé go mbeadh sé cúig scóir agus ceithre bliana. Chítear dhom go ndeiridís gur in 1914 a rugadh é. Mhair sé amach go lár na naochaidí. Páidín Ó Fátharta a thugtaí ar a sheanathair agus go réir mar a chloisinn go mba aniar as Leitir Caladh é. Chaith sé tamall ina chónaí ar an Teach Mór sul má chuaigh sé amach go Clochar na gCon. Tá a fhios agam go bhfuil garraí ar an Teach Mór a dtugtar Garraí Pháidín Uí Fhatharta air. Fear ard láidir a bhí ann.


Bhí Páidín pósta le Sorchá Choilm Ní Fhlaithearta as an Lochán Beag agus sé'n áit a raibh an teach acub ná thíos i mBóithrín na Fearsaíde. Iníon deirfíre léi, Nan Mháire Choilm, a bhí pósta le Pádraic Sheáin Bhairbre a bhfuil a sliocht go láidir thart anseo. Bhí beirt mhac acub a d'fhan i gClochar na gCon, Pádraic Ó Fátharta, athair Phádraic Mhóir, agus Micil Ó Fátharta. Bríd Sheáin Phádraic Uí Chualáin as an Teach Mór a bhí ar máthair Phádraic Mhóir.

Bhí Pádraic mór agus láidir ó bhí sé ina ghasúr. Ag an am a raibh Pádraic ina ghasúr ní raibh an bóthar a' goil chomh fada le Clochar na gCon, ní raibh sé a goil thar theach mo mhuintire i gClochar an Locha. Málaí stóir nó mar sin, thugtaí i gcarr capaill iad go teach mo mhuintire agus ba suas ar dhroim capaill a d'iompraítí go Clochar na gCon iad cheal bóthair. Dar fí, an lá seo ar aon chaoi, fágadh mála garbh dhá chéad ag an teach s'ainne le haghaidh Phádraic Uí Fhatharta i gClochar na gCon. Ní raibh istigh ach mo mháthair an lá seo nuair a landáil Pádraic isteach faoi choinne an mhála agus capall aige. Tá fhios agam go raibh sé an-óg, mar a bheadh sé stopthaí ón scoil. Dúirt mo mháthair leis ar aon chaoi fanacht go dtiocfadh m'athair isteach go dtabharfadh sé láimh dhó.

"Ní bheidh aon chál leis," a deir sé, agus diabhal blas a rinne sé ach breith ar an mála agus é chaitheamh suas ar dhroim an chapail mar a bheadh dhá phunt siúcra ann. Thug sí suntas dhó mar ní gníomh réidh a bheadh ann d'fhear láidir é sin a dhéanamh ná bac le seanghasúr.

Nuair a d'fhás sé suas in fhear, thabharfá suntas dhó thar fheara Éireann. Bhí sé cúpla orlach maith le cois na sé troigh, é timpeall le hocht gclocha déag, gan scioltar ar a chnámh, go ndéana Dia grásta air. Bhí sé chomh luath leis an bhfia agus ní bhrisfeadh sé blaosc uibhe faoina chois. Bhí déanamh air nach bhfeicfeá ar aon fhear.

Sul má d'fhág sé an tír ina fhear óg, chaith a sé tamall ar obair ar scéim an tséarachais ar an Spidéal. Bhí sé an lá seo ar aon chaoi, bhíothas á fhiachaint amach go bhfeicfí cén spreacadh a bhí ann, agus bhí píopa mór ann a mheáigh seacht gcéad meáchain agus sé'n scéal a cuireadh amach gur chroch sé é agus gur iompair sé treasna an bhóthair é in aon ghníomh amháin. Blianta ina dhiaidh sin, d'fhiafraigh mo dheartháir Maidhc dhó faoi eachtraí an lae sin, ar ndóigh bhí an bheirt acub an-mhór le chéile, agus sé'n freagra a thug Pádraic air ná, "Ó a dheartháir, chroch mé ceart go leor é ach bhí mo dhá chois ag lúbadh fúm ach m'anam nár iompair mé treasna



Pádraic Mór taobh amuigh dá theach cónaithe i gClochar na gCon agus cara leis, Riobard, atá taobh thiar.

an bhóthair é". Is cuma cén chaoi é ba damanta an gníomh é.

Bhí Pádraic Ó Fátharta, athair Phádraic Mhóir, ar aonach an Spidéil lá timpeall an ama céanna a ghrú Máirtín Thornton Beilt na hÉireann agus chuaigh Pádraic Ó Fátharta go dtí Máirtín ag gairim a ghaisce leis agus sé'n freagra a thug Máirtín air, "Breathnaigh anseo a mhac, dhá mbeinnse chomh láidir le do mhac Pádraic ní hí Beilt na hÉireann a bheadh grúite agam ach Beilt an Domhain".

Ba in 1948 a thug mise m'aghaidh ar Shasana go luath th'réis an chogaidh agus b'air an mBeet a chuaigh mé i dtosach, go dtí baile *Brigge* i *Lincolnshire* a raibh monarcha siúcra ann. Dar fí ar aon chaoi, chuir mé aithne ar dhream aniar i dtosach nuair a chuala mé an Ghaeilge, bhí roinnt acub ann ach ní chuimhním anois ach ar ainm beirte acub, Cóilín Breathnach as an Trá Bháin agus fear de shloinne *Wallace* ó thimpeall na



Pádraic Mór, a bhfuil an tslat iascaigh aige, agus ceaptar gurb é Séamus Ó Tallamhain atá in éineacht leis ar Leac an Níocháin, Loch Chlochar na gCon, thart ar 1933.

Ceathrún Rua. Bhí Cólín Breathnach chomh maith le haon scéalaí a chuala mé ariamh ach tá mé a cheapadh nár bhac sé le hOireachtas ná comórtais ariamh. An mhaidin seo ar aon chaoi, bhí mé le tosaí ar *shift* an lae agus bhí an dream thiar a teacht de *shift* na hoíche.

“Ó a dhiabhail,” a dúirt duine acub liom, “bhí fear as an taobh s’agaibhse ag obair linn aréir. Sa *bPulp Store* a bhí sé agus s’éen t-ainm atá air ná Joe Mhuirí agus tá sé chomh láidir le leon coille.” Sin é an leagan a chuir sé air mar d’fhan an leagan i mo chloigeann ariamh. Bhí ’fhios agam cé a bhí ann, Joe Mhuirí as an mBaile Nua i gCorr na Rón. Ní mórán aithne a bhí agam air mar bhí sé i bhfad ní mba shine ná mise agus tá mé a cheapadh nach mórán tathú baile a bhí déanta aige. Chuaigh mé chomh fada le Joe ar aon chaoi agus m’anam go mba suarach an t-iontas é má bhí sé láidir, bhí sé urrúnta déanta cé nach raibh sé an-ard. Bhí muid ag caint ar aon dath, ar an mbaile go háithrid, agus níor chuir sé ach tuairisc beirte liom, Joe Pheadair Dan Uí Finneadha as an Lochán Beag, a dhuine gaoil, agus Pádraic Mór Ó Fátharta as Clochar na gCon. Bhí Joe ag cur síos dhom go raibh sé amach faoin tír ag obair uair ag conraitheoir as Bhleá Cliath.

“Bhí sé ag caint liom,” a deir Joe, “mar atáimid ag caint anois.”

“Cá b’as thú? a d’fhiafraigh sé dhíom fhéin,” a deir Joe.

“Conamara, a dúirt mise leis”, arsa seisean.

“Cén áit i gConamara? a d’fhiafraigh sé dhíom.”

“Timpeall cheithre mhíle siar ón Spidéal a dúirt mé fhéin,” arsa Joe.

“Do you know Pádraic Faherty? a dúirt sé.”

“Dúirt mé fhéin”, a deir Joe, “gur ainm an-choitianta é i mo thaobhsa tíre é agus go raibh go leor daoine leis an ainm sin ann.”

“*There is only one Pádraic Faherty*’ a dúirt fear Bhleá Cliath, ‘or *Big Pádraic* rather and he is from that neck of the woods’.

“Chuimhnigh mé fhéin ansin, nuair a dúirt sé gur in Albain a chas sé dhó, nach raibh a mhalairt ann ach Pádraic Mór as Clochar na gCon,” a dúirt Joe.

“Is cinnte”, a dúirt fear Bhleá Cliath, “gurb é an fear ba láidre a tháinig aniar ar an mBád Bán ariamh é.”

Bhídís ag tarraingt an chábla mhóir ar an *job* seo agus ba mhinic go mbeadh ar ochtar í a tharraingt leis an meáchan a bhíodh inti. Bhí an cábla mór seo caite i lár an bhealaigh agus diabhal blas ach go raibh fear Bhleá Cliath ag baint as Pádraic agus dúirt sé leis í a tharraingt as an mbealach. Rug Pádraic uirthi agus tharraing sé ina dhiaidh í mar a tharraingeofá sop tuí. Dá dtuigfeadh Pádraic gur á fhiachaint a bhí an conraitheoir ní dhéanfadh sé é mar ní mba fear gláiféisce a bhí ann. B’shin é scéal Joe.

D’fhág mé an *Beet* amach san earrach agus thug mé m’aghaidh ar Londain. Níor leag mé súil ar Joe, mo dhuine bocht ariamh ina dhiaidh. Chuala mé ina dhiaidh gur chaith sé blianta in *Ealing* i Londain, ceantar a lonnaigh go leor de mhuintir Chor na Rón ann tamall den tsaol.

Ní amháin go raibh Pádraic an-spreacúil ach bhí sé luath sciopthaí freisin. An-stiléara a bhí in Pádraic agus rinne sé go leor fuisce sléibhe in éineacht lena athair, go háithrid agus é ina óige. Bhí sé trathnóna geimhridh thiar i gClochar na Sciortán ag cruachan arbhair. Sé’n áit a bhfuil Clochar na Sciortán ná tamall soir aduaidh ó *Lodge Chromghlinne*.

Diabhal cuimhne ná aireachtáil a bhí aige go raibh triúr gardaí ina mhullach beagnach. Bhain Pádraic as soir ina sciortán ach níor lean ach garda óg de shloinne *Geoghegan* é. Bhí sé comhartha dhó siúd a bheith súpláilte ag rith rásaí agus ag imirt báire. Ní raibh aon ghair aige sa siúl ar Phádraic Mór ach nuair a tháinig sé chomh fada le habhainn Chlochar na gCon chaith Pádraic soir san áit ba leithne í, síos tamall deas síos ó Eas na Céime Duibhe. M’anam nár chaith *Geoghegan* í agus séard a bhí muintir an tsléibhe a rá dá gcaithfeadh sé í i ndiaidh Phádraic Mhóir gur sa bpoll báite a gheofaí é dá gcuirfeadh sé corraí intinne air siúd.

Ní raibh aon mheas mhór ar *Gheoghegan* ina dhiaidh sin th’réis go mbíodh sé ag bualadh báire le muintir na háite agus go mbíodh sé ina measc. Go deimhin bhí an-aithne aige ar Phádraic Mór ag an am ach is dóigh gur ag déanamh ainm dhó fhéin a bhí sé. Ba fear lách greannmhar barrúil a bhí in Pádraic Mór agus iompar aige air fhéin i chuile chomhluadar. Go ndéana Dia grásta ar Phádraic agus ar an dream eile a luaigh mé anseo. ■

Billeachaí

An Fear agus an Bád

Máirín Mhic Lochlainn

AN FEAR: De réir scéil ba aniar as an nGleann Mór ar an gCeathrú Rua a tháinig Liam Mór 'ac Conghaile go Tóin an Chnoic i Ros an Mhíl, cé gurbh as Leitir Mealláin ó dhúchas é. Ba as Sruthail i gCo. Mhaigh Eo do Julia Acton, an bhean a phós Liam Mór. Tháinig sí mar chailín aimsire ag a dearthair, a bhí ina shagart ar an gCeathrú Rua.. Bhásaigh sí go hóg, in aois a naoi mbliana agus dhá scór, agus tá sí curtha i reilig Mhaighrois ar an mBánrainn, an reilig sin tá in aice le bád agus toibreacha Cholm Cille. Ba col ceathrar Liam Mór agus Páraig Mhicíl a bhí pósta ag Máireóg Deáirbe sa Rinn ar an gCeathrú Rua, agus ba col ceathracha dhó freisin Marcaisín Mhichíl Phádraig, an saothar báid as Cladhnach, agus Tón Mór 'ac Conghaile, captaen an *Brig St. John*, de réir an tseanchais, cé nach a bhfuil a ainm luaite ar aon cháipéis oifigiúil a bhain leis an mBrig údaí a báthadh amach ó chósta Bhostúin. Lucht farraige agus bádóirí a bhí iontu siúd ar fad.

Cúigear mac agus iníon amháin a bhí ag Liam Mór agus Julia. Úna a bhí ar an iníon, agus bhí sí pósta i gCaladh Thaidhg, ar an gCeathrú Rua, agus ba í seanmháthair Mháirtín Tim (Connor) í. Tommy, Peaits, Johnny, Michíl agus Bill a bhí ar an gclann mhac, ach go nglaoití: Tomaíochaí, Peaitseachaí, Johnachaí, Michíleachaí agus Billeachaí orthu. Níl fhios agam go cinnte, cén fáth gur cuireadh (*e*)achaí le deireadh a n-ainmneacha – de réir cosúlachta ní rabhadar ar fad ard, ach bhíodar leathan; agus bhíodar ar fad tréan – mar bhí idir

bháid, siopaí agus óstáin acu tráth den tsaol, ach níl aon raon den tréanacht sin fanta anois.

Bhí triúr acu curtha fúthu i nGaillimh: Peaitseachaí, Tomaíochaí agus Johnachaí, agus bhí sé ráite gur fhill an triúr seo as Meiriceá ag deireadh na naoú haoise déag nó ag tús na fichiú haoise, agus loingearas de bhád is fiche acu. De réir scéil, thugadh siad na báid amach ar léas d'fhir eile, agus nuair a thagadh siad ar ais le poll nó i ngéarghá le cota tearra, d'fhágtaí ansiúd ag na dugáí iad, agus is ann a d'fhan siad



Liam agus Séamas Threasa Mhary Johnny Bhill agus an gadhairín gleite ag Céibhín an Chalaídh, Tóin an Chnoic.

gur lobhadh siad. Bhí teach ósta ag Johnachaí in Árdán na bhFiach, agus ag a mhac John ina dhiaidh, ach ní raibh aon mhuirín ar John Óg, agus fágadh an áit ag gaolta lena bhean, duine de mhuintir Mhic Uidhir as Gort Inse Guaire – b'shin é Teach Ósta *Maguire*, go dtí le blianta beaga anuas, agus tá siopa ansin anois. Bhí siopa ag Tommy ag an bPóirse Caoch san áit a stopann busanna Leitir Mealláin agus na Ceathrún Rua go dtí an lá atá inniu ann, agus bhí siopa eile i dTóin an Chnoic aige, agus tá ballaí Tomaíochaí le feiceáil ansin go fóill. Bhí siopa ag Peaitseachaí in aice an Phóirse Caoch freisin, mangaire a bhí ann a bhíodh ag díol chuile chineál crua-earra idir rópaí, eangachaí, táirní, boltaí agus chuile chineál rud den tsórt sin.

Chuala mé ráite ariamh é go ndeachaigh duine éigin de Chlainne Conghaile an bhaile mhóir chun cónaí i gCo. an Cláir, agus go deimhin féin nuair a bhí Johnny Mhicíil Liam sa mbaile as Meiriceá i 1959 chuaigh sé ar chuairt chuig gaolta i gCill Chaoi. Níl aon aithne agamsa orthu faraor, ach is cuimhneach liom fear an bhosca ceoil, Máirtín Connolly, as Cill Chaoi ag rá liom geábh gur chuala seisean go mba as ceantar an chladaigh nó thart ar na duganna i nGaillimh a tháinig a mhuintir. Más iad an dream céanna linne iad, thug siad an ceol go dtí an Contae sin, mar níl aon cheol ag Conghaileachaí Thóin an Chnoic.

D'fhan Micil agus Bill i dTóin an Chnoic. D'imigh clann na beirte, ach beirt mhac le Micil – b'shin iad Tom agus Pat; ní raibh Pat pósta agus ní raibh aon chlann ar Tom a bhí pósta le Peige Bheartla Thaidhg, deirfiúr le mo sheanmháthair as an gCnoc ó dhúchas. Bhíodh siopa ag Tom agus Peige an fhaid is a mhair siad. Seisear clainne a bhí ar Bhíll agus a bhean, Máire Mhicil Stiofáin Uí Choisdealbha as na Doireadh. Chuaigh ceathrar acu go Meiriceá – Liam, Máirtín, Peige agus Biddy. Phós Liam *countryborn*. Phós Máirtín bean de mhuintir Bheilbigh as Camas, agus níor tháinig scéala ná scuan uaidh ón lá a d'fhág sé an baile. Chuala mé ráite é, más fíor nó bréag é, go dtéadh sé trasna an bhóthair le n-imeacht as an mbealach dhá bhfeicfeadh sé aon duine ón mbaile ag déanamh air.

Bhí Biddy pósta ar fhear de mhuintir Fhátharta as Tír an Fhia agus Peige le fear de mhuintir Chadhain as an Léim in aice le hUachtar Ard; dearthair leis, Judge Coyne, a bhí mar mhaor ar Pittsburgh a cuireadh i bpriosún de bharr caimiléireachta de shaghas éigin. Bhíodh na Cadhain ag déanamh *Moonshine* in aimsir an *Prohibition*. Bhíodh Liam, Biddy agus Peige i dteangbháil leis an mbaile an fhaid is a mhair siad, agus a gclann ina ndiaidh, agus tá go fóill. Rinne mac Mháirtín teangbháil freisin, agus thug sé cuairt ar an *Old Country*, agus ar mo mháthair. Cailleadh ó shin é, go ndéana Dia grásta air agus orthu ar fad.

Phós Julia Michael Saile as Inis Oírr, agus fuair sí bás ansin, le linn dá tríú duine clainne a bheidh ag teacht ar an saol; cailleadh an páiste chomh maith. Tugadh an mac ab óige go Tóin an Chnoic agus cailleadh é ina ghasúr óg. Chuaigh an mac ba shine go Meiriceá le himeacht ama. Chuirfeadh mac an dara bean a phós Michael Saile, Pete Arann, mar a thugfadh muid air, chuirfeadh sé *breams* chugainn chuile Nollaig nuair a bhí mé in mo ghasúr. I mBarr an Doire ar an gCeathrú Rua a bhí Méine pósta, agus ní raibh aon chlann orthu. Mo sheanathair, Johnny, a d'fhan sa mbaile. Ní raibh aon suim aige sa bhfarraige, agus dhíol sé an bád. Bhí cúis

eile lena díol freisin, mar go mbíodh Bill ar iarraidh dul chun farraige ina sheanaois, agus ba mhór an chontúirt é.

AN BÁD

Ba é Marcaisín Mhicil Phádraig, an saothar báid as Cladhnach agus col ceathrar Bill, a rinne an bád de réir cosúlachta; agus rinne sé í do Bhíll agus Peaits Seoige as an mBaile Láir i Ros an Mhíl. Ach tar éis tamaill ní raibh an bheirt ag tarraingt le chéile. Is dóigh gur mar a chéile beirt bhádóirí a bheidh in aon bhád agus beirt chócairí a bheidh in aon chisteanach. Ar aon nós, cheannaigh Bill scar Pheaits, agus d'fhéadfá a rá gur chaith sé an chuid eile dhá shaol inti. Níl 'fhios an raibh aon ainm uirthi roimhe sin, ach is *Billeachaí* a tugadh uirthi uaidh sin amach.

Chuala mé féin agus an chuid eile den chlann neart scéalta faoin mbád agus faoi Bhíll, ach, faraor, ag an am níor chuir mise ar aon nós mo dhóthain suime sa méid a chuala mé ó m'athair agus mo mháthair, agus go deimhin is ó mo dhearthair Seán a tháinig cuid de na scéalta ar ais chugam. An ceann a sheasann amach i mo chuimhne féin ná scéal an scabail:

“Bhí bean siúil ag dhul thar bráid lá, agus chuaigh sí isteach Tigh Bhilleachaí le greim le n-ithe agus blogam tae a fháil, rud a fuair sí agus fáilte. Anois, bhí cailín aimsire ag Máire, mar gur theastaigh cúnadh uaidh ó tharla nach mbíodh Bill sa mbaile le haon obair a dhéanamh i ngarraí ná i dtrá, ar phortach ná ar bhuaile. Le linn de na mná a bheith ag comhrá, chuir an bhean siúil ceist cé ba leis an bád a bhí thuas ar an gCladh – sin céibhín bheag atá in aice na háite inár chónaí Bill, agus mo mháthair agus m'athair agus go deimhin mé féin agus mo dheartháracha agus deirfiúracha freisin. D'inis Máire di, go mba lena fear, Billeachaí, í. Bhain an bhean siúil dhi an scaball a bhí thart ar a muineál agus d'iarr sí ar an gcailín aimsire é thabhairt do Bhilleachaí le crochadh sa mbád. Suas léi go dtí Billeachaí leis an scaball, agus d'inis sí dhó mar a dúradh léi, ach ní bheadh aon bhaint ag Billeachaí le pisreogaí, agus chuir sé an scaball ar ais chuig an mbean siúil. De bharr gur dhiúltaigh Billeachaí í, dúirt an bhean siúil nach ngnóthódh an bád, aon rása go deo, agus de réir scéil níor ghnó – go hoifigiúil ar aon nós”.

Tá sé ráite go mbíodh *Billeachaí* 'un tosaigh ag dul agus ag teacht as Árainn nó Cinn Mhara, le lucht móna a bheith aice nó uaidh, ach ar an bpointe is a bhíodh rása i gceist, 'sí a bhíodh ar deireadh. Bhí sé ráite gur bhuaigh sí rása ar an gCladach i nGaillimh geábh, ach go dtug an sagart a bhí i gceannas an ráis an chéad áit do bhád ón gCladach, mar gur theastaigh an t-airgead ó fhear an bháid, mar go raibh sé beo bocht, rud nach raibh Billeachaí Liam Mhóir de réir cosúlachta. B'fhéidir gur chuala an sagart scéal an scabail!

Bhí sé ráite freisin go mba fear é Bill a ghlacadh le dúshlán. Ón aithne atá agamsa ar bhádóirí an lae inniu, glacann siad ar fad le dúshlán, fé mar a ghlac sna laethanta a d'imigh – sin é a nádúr. Ar aon nós, bhí tarbh ag Johnson, sin é an tiarna talún a bhí in Arainn, agus theastaigh uaidh é thabhairt go dtí an mórtáir, agus ní raibh aon bhádóir sásta ach Billeachaí – agus d'éirigh leis tarbh Johnson a thabhairt ó cheibh Chill Mhuirbhígh go céibh Ros an Mhíl. Thug sé dhá bhromach as Árainn go Ros an Mhíl geábh eile; sé an chaoi ar cheangail sé an péire dhá chéile, agus d'éirigh leis na bromaigh, é féin agus

an bád a thabhairt slán sábháilte go Ros an Mhíl.

Chaith Taimín Ó Maoláin as Barr Roisín i Ros an Mhíl, tamall fada ag bádóireacht le Billeachaí, ó bhí sé ina stócach an-óg gur díoladh an bád. De réir chaint na ndaoine, chroch Billeachaí leis go hÁrainn é maidin, gan é a inseacht d'aon duine, agus go raibh máthair Taimín ag imeacht dhá thóraíocht, agus murach gur thug Dia go bhfaca duine é ag dul sa mbád le Bill, gheobhadh an bhean bhocht bás. Ó fuair Taimín blas na farraige, ní choinneodh an spéirling sa mbaile é. D'aistrigh Taimín agus a chomhluadar go Cill Dara in 1959.

Chum Máire Bheairtín as Cladhnach amhrán faoi gheall a bhí i gCuan Chasla tráth agus inár raibh an bád páirteach agus bhí *An Tonaí*, bád na mBrianach as Cladhnach, luaite san amhrán freisin, agus de réir cosúlachta ba mhinic leo a bheith ag rásaíocht le chéile. Tá *An Tonaí* ag rásaíocht léi i gcónaí, saol fada aice féin agus ag a bhfuil ag gabhail léi. Anois, níl fhios go cinnte cén bhliain ar dhíol mo sheanathair Billeachaí ach ba roimh 1926 é ar aon nós. Bé Paitín Mháirtín John as an gCoilleán ar an gCeathrú Rua a cheannaigh í. Ba col ceathracha iad bean Bhilleachaí agus bean Phaitín. Chuir Paitín a chruth fhéin uirthi, ghéaraigh sé í – sa gcaoi is nach raibh an tógáil céanna uisce aice.

Ba mhór i gceist ag na seanbhádóirí lá na gaoithe aduaidh – i nGeimhridh 1926-27. Bhí gála gaoithe aneas fógraithe, tháinig an ghála ach ní aneas a shéid sí ach aduaidh. Ó tharla gur gaoth aneas a bhí gealta chuaigh na báid ar fad soir amach le hÁrainn, ar an bhfoscadh mar a cheap siad, ach is aduaidh a shéid an ghaoth agus rugadh go dona orthu. Ar aon nós, 'sé Paitín Mháirtín John a bhí ag gabháil *Bhilleachaí* soir go céibh Chinn Mhara. Bhí a dhearthair Feistí in éineacht leis, agus chaill sé an dá sheol cinn i.e. an jig agus an seol tosaigh, ach thug sé *Billeachaí* agus an lucht slán go cheann cúrsa. Tá sé

ráite gur bhris Paitín barriallacha a bhróga agus na féitheachaí ina chliabhach, rud a d'fhág casacht air an chuid eile dhá shaol; mar is dóigh gur ghiorraigh an t-aistear a shaol, an fear bocht. Chuala mé ráite freisin é, gur briseadh báid eile an lá úd a bhí ag tabhairt a n-aghaidh soir ar Bhéal an Chloga, ar Chéibh Tarae, sin céibh atá in aice Bhaile an Doirín, agus Chinn Mhara. Briseadh an bád an *Black Adder* an lá céanna, b'shin bád a bhí ag fear as Cladhnach ar a nglaoití Bottle, agus bhí a mhac sa mbád leis, agus thuas ar éadan aille a bhí an bheirt nuair a thángthas i gcabhair orthu.

Dhíol muintir Phaitín Mháirtín John an bád leis an gcumadóir cáiliúil Seán Ó Riada, agus bhris an gála í, i gcéibh Sháilín thiar ar an Droim i gceantar Gharbna, áit a raibh sí tugtha chuig Michael Willie le í a dheisiú. Cailleadh an Riadach bocht sul má d'éirigh leis caoi a chur uirthi. Bíonn Mama i gcónaí ag caint ar an lá ar casadh Máirtín Tom Deáirbe i nGaillimh uirthi, bádóir as an Ros i gceantar na Ceathrún Rua, agus gur fhiafraigh sí dó céard a tharla do *Bhilleachaí*. D'inis sé dhi gur iarr an Riadach air fhéin í a thabhairt siar chuig Michael Willie lena deisiú; agus gur tharraing sé i ndiaidh a bháid fhéin í as céibh Chaladh Thaidhg siar go céibh Sháilín. Dúirt sé léi chomh maith, go raibh an-chathú ina diaidh ag bean Phaitín, agus nach ligfeadh sí leis an seol mór ná na hiarainn. Chuala mé ó shin go bhfuil siad (an seol mór agus na hiarainn) ag fear as Doire Fhearta, ar an gCeathrú Rua.

Sin é seanchas Bhilleachaí Liam Mhoir agus a bhád, chomh cruinn in Éirinn is a d'éirigh liomsa an scéal a thabhairt liom. Tá seans mhaith dá mbeadh na scéalta uileag agam go mbeadh díol leabhair gan stró agam. Go ndéana Dia grásta ar na bádóirí ar fad a shaothraigh a mbeatha ag treabhadh na farraige móire as Conamara go hÁrainn agus soir go Cinn Mhara, agus áiteacha eile nach iad. ■

Roinnt Dánta ó Choláiste Cholmcille

Ar Ais Arís! *Robert Ó hAllúráin*

An chathaoir ag scríobadh an úrláir,
Torann i gcoirnéal an tseomra,
Go tobann titeann ciúnas,
An múinteoir tosaithe ag múineadh.

Leathnaigh na leabhra
Á n-iompú go briosc,
Iad ar fad nua anois,
Briseadh fada an tsamhradh thart !

Múinteoir an ranga
Ag labhairt athuair,
Gach aon siolla
Faoi mhata inár dteanga dúchais.

Buaileann an clog,
Isteach leis na pinn is na leabhair,
Gach rud a d'fhoghlaim na gasúir
Imithe glan as an gceann ceana féin!

Nuair a *Aoife Ní Choisdealbha*

Nuair a chasann an múinteoir timpeall,
Tosaíonn an chaint,
Cloiseann tú an torann,
Ó na daoine mórtimpeall.

Nuair a deirtear linn dul ag obair,
Tosaíonn na pinn ag scríobh,
Daoine ag breathnú thimpeall,
Is iad ag ceistiú go glórach.

Nuair a deirtear linn léamh,
Bíonn gach rud ciúin,
Ach amháin glór beag fann,
Sioscadh i dtóin an tseomra.

Nuair a deirtear linn a bheith ciúin,
Íslíonn na glórtha síos.
Gan fiú an chogarnaíl fágtha,
An rang faoi smacht an mhúinteora.

An Garraí Glas

Kate Fennell

Uaireanta éiríonn le daoine an rud a dheanamh a dheireann chuile dhuine nach féidir. Agus nach maith an rud é sin nuair a stopann tú isteach sa siopa glasraí, An Gharraí Glas, in Indreabhán i rith an tsamhraidh le do chuid glasraí úra orgánacha, a cheannach ón úinéir agus an feirmeoir Aonghus Chóil Mhaidhc.

Sé bliana atá sé ag cartadh iomairí, ag cur síol agus ag baint an arbhair as talamh a mhuintire sna Creagáin. Ag tosú le garraí lom, lán le driseacha, fiailí agus clocha mhóra (agus beaga!) Chonamara, ghlan sé an garraí, chart sé na hiomairí fada, breátha a fheiceann tú ó do charr agus tú ag tiomáint thairis agus thosaigh sé ag fás glasraí blasta orgánacha, gan ceimicí ná meaisíní ar bith.

Tá sé shamhradh agus gheimhreadh feicthe ag na hiomairí sin agus réimse na nglasraí, chomh maith le fios agus foghlaim, méadaithe in aghaidh na bliana.

Ní neart go cur le cheile, cinnte, mar sin ní leis féin uilig a thug sé faoi. Ón gcead lá riamh, chuir sé fáilte roimh oibrithe deonacha as gach ceard ar fud an domhain, *WWOOFERS*, a bhfuil suim acu sa bhfeirmeoireacht orgánach agus tugann siad chuile chúnamh dó. Oibríonn na *WWOOFERS* seo 5 huaire a chloig sa ló, tugtar lóistín agus bia dóibh agus ina n-am saor cuireann siad aithne ar Chonamara, ar Éirinn, ar a chéile agus orthu féin, gan a bheith ag caint ar an méid a fhoghlaímíonn siad faoi bheith ag fás glasraí in aeráid dhúshlánach Chonamara.

Dúshlánach? Aríst, sin é a dheirtear, ach feictear d'Aonghus go bhfuil go leor buntáistí leis an aeráid anseo. Tá muid in aice na farraige, rud a chiallaíonn go bhfuil fáil éasca aige ar fheamainn a úsáideann sé mar leasú chuile bhliain ar na hiomairí. Freisin, faigheann na garrantaí go leor solais toisc an ghrian a bheith ag bualadh na farraige agus ag lonradh ar ais. Tá fliuchras go maith i go leor bealaí mar gheall nach dtriomaíonn na hiomairí amach agus go laghdaíonn sé an gá le huisciú de láimh - ach amháin an samhradh seo caite, ina raibh an teas chomh hard ar feadh chomh fada nár éirigh le roinnt mhaith glasraí a theacht aníos agus admhaíonn sé gurb shin cailliúint dhó i mbliana. Gan trácht ar na cailleacha de stoirmeacha, Ophelia agus Eleanor nó an ceann ba mheasa acu, Ali!

Is garraí an-oscailte é an Garraí Glas

agus níl aon chrainnte ann le foscadh a thabhairt ó aimsir chrua mar sin. Sin é an dúshlán is mó, feictear dó. Is fearr an aeráid mheasartha seachas an Afraic Theas lá amháin agus an tSibéir seachtain eile!

Réiteach air sin is ea na tolláin, dar leis, agus tá sé ag teastáil go géar uaidh anois le prósa le haghaidh dul chun cinn a dhéanamh agus é féin a sheachaint ó na hathruithe móra aimsire, má tá siad le leanacht ar aghaidh. Tá plean aige ceann a thógail don chéad séasúr eile, ach tá siad daor, suas le €20,000, agus b'fhéidir fiú go dteastódh péire acu uaidh. Ach, na habair nach féidir mar 'speáin sé go dtí seo gur féidir.

Má tá sibh ag iarraidh séasúr ar an nGarraí Glas a fheiceáil ar an teilifís, breathnaí gí amach do *Síolscéal* ar TG4 an t-earrach seo chugainn. Sin clár a taifeadadh i mbliana sa nGarraí Glas. ■



Aonghus Ó Coistealbha, An Garraí Glas

Leagan Giorraithe d'Agallamh a chuir Seán Ó Tuairisg ar Tim Johnny do Raidió na Gaeltachta

Daithí Ó Muirí a thras-scríobh

Rugadh é an bhliain chéanna ar tógadh Scoil Shailearna ar an gCnoc, Indreabhán, sa mbliain 1885. Bhí sé ina gharraíodóir ag an sean-Lord Killanin. Chuaigh sé isteach sna seanphóilios, nó san RIC, an bhliain ar bhásaigh Micheál Breathnach, 1908. D'imigh sé as an RIC sa mbliain 1922. Ansin chuaigh sé go Maryland, sna Stáit Aontaithe, áit ar chaith sé geábh sna State Police agus bhí motorbike aige ansin, a deir sé. Tamall eile mar oifigeach príosúin i mBaltimore agus ina dhiaidh sin tháinig sé abhaile go dtí a bhaile dhúchais, an Spidéal, áit ar cheannaigh sé teach ósta, a bhí aige go ceann i bhfad ina dhiaidh sin agus atá fós cáiliúil mar An Cruiscín Lán. Sin é Tim Johnny, nó Tadhg Ó Cualáin. I mBoth Chuanna, díreach taobh thiar de dhroichead an Spidéil, a rugadh é, ach céir daoibh é?

TJ: Seán Ó Cualáin, Johnny Mháirtín, sin é m'athair.

SÓT: Agus do mháthair?

TJ: Máire Tom Ó Coisdealbha sular phós sí m'athair. As Baile an tSagairt.

Cuimhníonn sé ar an gclann ar fad, ochtar acu, fiú an lá a ndeachaigh a dheartháir ba shine go Meiriceá as Gaillimh ar cheithre phunt, ach níl sé cinnte an ar an White Star Line nó an Allan Line a d'imigh sé, a deir sé liom. Ba é Tim féin an duine ab óige. Thaithnigh a bhaile dúchais, Both Chuanna, go mór leis agus muintir an bhaile.

TJ: Ní fhaca mé riamh aon bhaile ba deise ná daoine mar iad. Bhí ceithre theach ar an tsráid a raibh mise ann, i bhfoisceacht ceithre shlat dá chéile agus bhíodar ag tabhairt cúnaimh dá chéile le cur isteach coirce, le móin, le feamainn, ag cur fhataí, le chuile obair mar sin. Ó thuaidh dhúinne bhí Marcas Ó Curraoin, Marcas Mháire a thug siad air. Ar an taobh ó dheas dhúinne bhí Seánín Mháire Neile, go ndéana Dia trócaire air, Seánín Ó Céide. Bhí teach eile ann, Tomás Ó Cualáin, Tom Mháirtín, m'uncail. Bhí na ceithre theach sin mar a bheadh aon teach amháin, aon chomhluadar amháin a bhíodar, ag tabhairt cúnaimh dhá a chéile i gcónaí, chuile chineál obair, cuma cén obair é féin.

Chuaigh sé ar an scoil san áit a bhfuil Teach na Cúirte ar an Spidéal anois in 1891, agus na múinteoirí, cuimhníonn sé orthu sin freisin.

TJ: Daniel Duggan a bhí ar an gcéad fhear, go ndéana Dia trócaire air, tá sé básaithe anois ar aon chuma. Agus Daniel Deeney a bhí ar an bhfear eile. As Dún na nGall. Dhá chrochadóir a bhí iontu.

SÓT: Ar ndóigh, Béarla ar fad a bhí sa scoil an uair sin?

TJ: Béarla, ní raibh aon Ghaeilge ann. Agus na leids a bhí ar scoil in éineacht leat, an bhfuil aon duine acu sin fanta anois?

TJ: Tá, Máirtín Bairéad, Baile an tSagairt. Agus bhí Pat John Tom, bhí sé tamaillín beag ann, tá mé ag ceapadh go raibh sé ann sula d'fhága mé. Agus bhí Pádraig Ó Céide as an bPáirc, Pádraig Mhéairt. Níl fhios agam an raibh aon duine eile ann timpeall na háite a bhí ann, ach bhí go leor as Baile Liam, tá siad i Meiriceá, tá siad básaithe.

Bhí sé sé bliana déag d'aois nuair a d'éirigh sé as an scoil agus ansin chuaigh sé ag garraíodóireacht ag an sean Lord Killanin, Máirtín Muiris. D'fhiafraigh mé de Tim céard a bhí sé a chur don sean-Lord.

TJ: Bláthanna, trátaí, níl fhios agam cén Ghaeilge atá ar *peaches*. Sea agus *grapes*. Bhíodh trí theach gloine ann, bhí muid ag breathnú ina ndiaidh sin agus á nglanadh, ag tabhairt aire dóibh, bhí neart acu sin ann.

D'fhan sé leis an sean-Lord Killanin nó go ndeachaigh sé isteach san RIC in aois a dhá bhliain agus fiche, fear óg luath láidir, cúig troith agus aon orlaigh déag ar airde. Cuimhníonn sé go maith ar an gcéad lá, a deir sé.

TJ: Cuimhním go maith air. Thug mo dheartháir isteach



Tim agus a mhada



Slua taobh amuigh de Theach Ósta Tim Johnny sa Spideál lá den tsaoil.

mé go Gaillimh ar *jaunt* agus tá fhios agam go raibh mé ag caoineadh ar feadh an achair. Thug mé mé féin go Baile Átha Cliath ansin, deich 's sé phingin a d'íoc mé ar an traen. Chuaigh mé go Baile Átha Cliath ansin agus fuair muid an deich 's sé phingin ar ais. Chaith muid deich mí ag traenáil ann, i mBaile Átha Cliath, sa *depot*. Ina dhiaidh sin chuaigh mé síos go Ros Comáin, in aice le Béal Átha na Sluaighe. Sin é an bhliain chéanna a raibh Halley's Comet le feiceáil, má chuala tú caint air. Ba chosúil é le barra mór iarainn a bheadh lasta thuas sa spéir. Chaith sé cupla oíche ann. Bhí chuile dhuine a rá an uair sin gurb é deireadh an tsaoil é. Níl a fhios agam an raibh sé le feiceáil anseo ach bhí sé le feiceáil go follasach in aice le Béal Átha na Sluaighe, áit a raibh mise. Chuir mé isteach ar athrú ansin. Ba mhaith liom a goil ar siúlóid i gcónaí agus chuaigh mé síos go Uíbh Fhaillí. Chaith mé dhá bhliain déag in Uíbh Fhaillí.

SÓT: Bhí tú ann i 1916, le linn an Éirí Amach, an raibh?

TJ: Bhíos, tá tú ceart, bhí mé thíos ansin an t-am sin. In aice le hÉadan Doire.

SÓT: An raibh sé ciúin ansin?

TJ: Bhí, ní raibh a fhios againn ar chor ar bith céard a bhí ar siúl i mBaile Átha Cliath, bhí an áit chomh ciúin sin. Níor fhan mé i bhfad in Éadan Doire. Bhí mé idir dhá chomhairle fanacht ann ar chor ar bith, an chaoi a bhí ar an saol, ní bheifeá sábháilte ar chor ar bith.

SÓT: An raibh faitíos ort?

TJ: Diabhal faitíos a bhí ariamh orm. Mar ní raibh aon chall leis san áit a raibh mé. Bhí daoine deasa ann. Ní hiad muintir na háite a dhéanfadh dochar ar bith. B'fhéidir strainséirí a chuaigh isteach ann.

SÓT: Agus ar chaith tú i bhfad i mBaile Átha Cliath ansin?

TJ: D'fhan mé ansin go dtí 1922. Faoi Bhealtaine chuaigh mé abhaile ansin, chaith mé tamall sa mbaile.

Anonn leis ansin go Sasana agus sheol sé as Liverpool anonn ag deirfiúr leis, go Baltimore sna Stáit Aontaithe. Níl sé cinnte cé mhéad a d'íoc sé ar an bpaisinéireacht ach ní mórán rath a bhí ar an saol thall an uair sin.

TJ: Bhí obair an-ghann an t-am sin, níorbh fhéidir aon jab a fháil. Chuaigh mé ag obair ag an *Gas and Electric Company*. Ag déanamh gas, mé féin agus triúr eile, bhíodh muid ar *shifts*, mar a dearfá, beirt againn ag obair ar maidin ag an seacht, d'fhan muid ag obair go dtí an trí tráthnóna. Thiocfadh beirt eile ansin ag an trí agus d'fhanfadh siad go dtí an haon dhéag, ansin nuair a bheadh ocht n-uair déanta acu ansin thiocfadh beirt eile agus d'fhanfadh siadsan ann go dtí an seacht ar maidin.

SÓT: Cén pháigh a bhí dhuit?

TJ: Céad dollar an uair sin, ach níor fhan mé i bhfad ann, timpeall is deich mí nó mar sin, bhí mé ag iarraidh ardú páigh. D'fhág mé ansin agus chuaigh mé sna *State Police*, mar a dúirt mé leat, leis an *motorbike*.

SÓT: *Motorbike* - is dóigh gur thaithnigh sé sin leat?

TJ: Níor thaithnigh. Mar sin an t-am a bhíodar ag déanamh poitín, na *bootleggers*, mar a dearfá.

SÓT: Agus bhí faitíos ort roimh na *bootleggers*?

TJ: By dad bhí, bhí sé contúirteach. D'fhága mé ansin, dúirt mé leis an gcaptaen é. An lá seo, d'fhiafraigh sé díom cén chaoi ar thaithnigh an jab liom. Dúirt mé nár thaithnigh sé liom ar chor ar bith, go raibh sé róchontúirteach.

"Bhuel", a deir sé, "cá bhfuil tú ag brath ar a ghoil?"

"Tá mé ag brath ar a ghoil go San Francisco", a deir mise, "go California".

"Ó", a deir sé, "níl fhios agam faoi sin, ach tá jab ag imeacht ins an *penitentiary*, ins an bpríosún mór, Maryland Penitentiary. Agus tá páigh mhaith ann", a deir sé.

"Triailfidh mé é sin", a deir mé.

Agus fuair mé scrúdú ansin. Rinne mé thar cionn, mar is beag nach é an scrúdú céanna ann is a bhí sna póilíos, nuair a chuaigh mé sna póilíos an chéad lá riamh. D'éirigh liom agus glaoth orm faoi cheann dhá mhí nó mar sin, is d'fhan mé sa bPenitentiary nó go dtáinig mé abhaile.

SÓT: Cén mhéad bliain a chaith tú sa bpríosún?

TJ: Sé bliana ceapaim.

SÓT: Is dóigh gur iomaí hard case a chonaic tú.

TJ: Bhíodar hard agus bhíodar go maith, na créatúir bhíodar ceart go leor.

In 1928 tháinig cor eile i saol Tim Johnny. Tháinig sé abhaile go dtí an Spideál.

TJ: Bhí fonn orm mo mhuintir a fheiceáil, cupla mí saoire a thóigeáil, mé ag caint i gcónaí ar theacht abhaile. Tháinig mé abhaile agus bhí an teach sin thiar, an teach ósta, le díol.

SÓT: 1928 cheannaigh tú teach ósta ar an Spidéal. Cén fáth? Is dóigh go raibh a luach agat.

TJ: By dad bhí a luach agam, ceart go leor. Bhuel is dóigh go raibh a luach agam ach 'sé an talamh a bhí mé ina dhiaidh. Tá cúig acra talaimh leis. Ní thabharfainnse pingin ar theach ósta.

SÓT: Ar thaitin sé leat a bheith ag obair i dteach ósta?

TJ: Thaitin na custaiméirí liom, bhí an-chustaiméirí agam. Bhí na custaiméirí is fearr in Éirinn agam. Bhíodar cneasta.

SÓT: Cloisim gur tháinig siad ann oíche amháin, na daoine a d'ionsaigh an beairic nuair a bhí tú sna póilíos?

TJ: Tháinig, cuid acu.

SÓT: Ar aithnigh tú iad?

TJ: Tuige nach n-aithneoinn iad agus cuid acu in aice liom.

SÓT: Cé hiad na daoine is mó a d'fhan i d'intinn as na custaiméirí a bhí agat?

TJ: Chuile dhuine siar, siar chomh fada le Ros Muc, Camas, An Tulaigh, An Bhánrainn, Cor na Rón, chuile áit. Bhíodar thar cionn, daoine deasa, daoine cneasta.

SÓT: Cn méid a bhí ar an bpionta pórtair in 1928?

TJ: Naoi bpingine.

SÓT: Agus ar leathcheann fuisce?

TJ: Deich bpingine, sílim. Chonaic mé díolta ar dhá phingine é, an pionta, agus chonaic mé leathghloine fuisce ar dhá phingin, anseo ar an Spidéal. Chonaic mé unsa tobac ar trí phingine, leathunsa ar phingin go leith. Chonaic mé mála mine ceannaithe. Tamall gearr ó shin chuala mé daoine a rá go raibh an saol go dona. Ní raibh. Chonaic mé mála mine, mála agus dhá chluas air, ar shé déag, thuas againn féin, mála plúir sé clocha déag, mála céad ar ocht scilleacha.

SÓT: An raibh ocras ar na daoine an t-am sin?

TJ: Ní raibh, ní ar an mbaile seo againne ar chuma ar bith. Bhí obair i gcónaí ann, bhíodar ag obair ag an Tiarna Killanin. Bhí carr is capall ag chuile dhuine ar an mbaile agus bhíodh siad ag obair leis. Dhíol mé cribín móna i mBearna ar dhá scilling. Sin é an fhírinne agus is mé a bhí sásta. Seanbhean a tháinig amach romham, an créatúir, tá sí curtha anois ar chuma ar bith, in aice leis an taobh seo de Thigh Pheter Fagan, tháinig sí amach romham agus d'fhiafraigh sí cén mhéad a bhí ag iarraidh ar an gcribín móna.

"Leathchoróin", a deir mise.

"Tabharfaidh mé dhá scilling duit," a dúirt sí.

"Déanfaidh sé sin, a deir mé agus is mé a bhí sásta.

Bhí Tim Johnny, nó Tadhg Ó Cualáin, as an Spidéal, thart ar nócha dó bliain d'aois nuair a rinne sé an t-agallamh sin le Seán Ó Tuairisg do Raidió na Gaeltachta. Bhásaigh Tim Johnny in 1979 ■



Droichead Bhaile an tSagairt

An tSlat Cainte

An tAth Stiofán Ó Donnchadha

Chaith mé deich mbliana i gCalifornia. Bhí cónaí orm i Saratoga i nGleann Silicon, timpeall leathchéad míle ó dheas de San Francisco. Bhí cúram orm fhéin agus ar an sagart eile a bhí liom dul ag pharóistí áithrid a thug cuireadh dhúinn, le labhairt leis an bpobal faoi obair mhisinéireachta Chumann Naomh Pádraig san Aifric agus sa mBrasaíl. Bhí muid ag brath go mór ar na deontais ó na paróistí sin. Bhí go leor taistil i gceist mar bhí na paróistí scaipthe i sé Stát: Washington, Oregon, California (atá 800 míle óna thuaisceart go dtína dheisceart) Nevada, Arizona agus, ó am go chéile, cúpla paróiste i Texas.

Sa mbliain 1998 nó '99, bhí orm fhéin a bheith i bparóiste Big Bear Lake Domhnach amháin agus i San Bernardino an Domhnach ina dhiadh sin. Tá Big Bear suite ard sna sléibhte, timpeall céad míle soir uaidh Los Angeles agus tá San Bernardino suite faoi bhun na sléibhte céanna. Ó bhí siad ós cion cheithre chéad míle ó bhaile, níorbh fhiú dhom filleadh abhaile go mbeinn críochnaí, agus d'fhan mé an tseachtain i Big Bear. Ní raibh aon sagart acu ag an am. Is ansin a chuir mé aithne ar Fran Dancingfeather Greer. Is de bunús treabh dúchasach í ar a dtugtar Ojibwe/Seneca. Bhíodh sí thart ar theach an phobail go minic ag cruinneacha do mheisceoirí, ar a dtugtar AA, (*Alcoholics Anonymous*). Bhí a croí agus a hanam san obair mar bhí ól agus drugaí a cur drochbhail ar a muintir fhéin go háithrid, agus is beag nár chuir siad den tsaoil í fhéin freisin.

Lá dá raibh muid ag comhrá faoi ól agus drugaí agus an dochar a bhí siad a dhéanamh, luaigh mise na Réadóirí (*Pioneers*). Chuir sí an-suim ina gcuid oibre leis an aos óg agus scríobh sí acu i mBleá Cliath. B'shin a chuir tús leis an gcaird-

eas agus choinnigh muid ag scríobh ag a chéile agus ag plé ceisteanna éagsúla go minic ina dhiadh sin.

Is Caitliceach i ndáiríre í Fran, ach tá creideamh, tuiscint agus cultúr a muintire fite fuaite ina diagacht freisin. Bhí gearaice don dúlra, na sléibhte, agus don fhiántas; bhí sí in ann luibheanna a ainmniú agus a úsáid; bhí sí ceanúil ar fheithidí, éanachaí an aeir agus ainimhithe allta. Chuirfeadh sí Naomh Proinsias i gcuimhne dhuit. Faraor ní raibh aon tuiscint ná eolas mar sin agam fhéin. B'fhearr an dearcadh a bhí ag mo shinsir ná agam fhéin. Is dóigh liom gur thug siadsan meas agus ómós do mhuir agus do thír; gur thuig siad go raibh siad ag brath orthu le maireachtáil; gur úsáid siad iad mar a d'feil dhóibh; agus nár lig siad tada amú. Cinnte níor chuir siad an oiread i bhásta linne.

Chuaigh an smaoineamh sin a bhfeidhm orm aríst nuair a thug Fran slat speisialta dhom mar bhronntanas. Tá an tslat seo an-tábhachtach ina cultúr fhéin agus téann beannachtaí éagsúla leis. Bhain a muintir fhéin an-úsáid as an tslat ar a dtugann siad An tSlat Cainte (*The Talking Stick*). Nuair a bheadh

ceist achrannach éigin le plé, nó aighneas áithrid le réiteach, thagadh na seanóirí le chéile agus shuíodh siad timpeall na tine i gciortal. Chuirfí an tslat speisialta seo timpeall ó dhuine go duine. Ní amháin go mbeadh cead cainte ag an duine a raibh sí aige, ach d'fhéadfadh sé a thuairimí a thabhairt an fhad is a bhí an tslat ina láimh aige nó aice. Bhí iallach ar chuile dhuine eile i láthair éisteacht. Bhí an t-ómós sin a' dul leis an tslat. B'íontach an bua é: cead cainte ag duine amháin san uair, agus iallach ar chuile dhuine eile éisteacht. B'fhiú triáil a bhaint as ag cuid de na hagallaimh ar an raidió agus ar an telefís!

Bíonn chúig chruinniú ag meisceoirí i dteach Fran chuile sheachtain agus baineann siad úsáid as an tslat cainte ag trí chruinniú acu.



An tSlat Cainte

An maide cainte: Níl an tslat a fuair mise mór, timpeall troigh agus naoi n-orlaí, ach tá sé greanta agus maisithe go suntasach. Tá go leor rudaí éagsúla scríofa air nó ceangailte dhó. Deirtear liom go mbíonn go leor slata simplí: b'fhéidir nach mbeadh ach cleite iolair ceangailte don tslat, ach ba leor sin le cur in iúl gur chóir modh agus urraim a thabhairt dó agus don té a raibh sé ina láimh aige ag aon chruinniú. Ach tá go leor siombailí ar an gceann a fuair mise agus ba mhaith liom tagairt dhóibh fiú mura dtuigim go hionlán iad.

Coyote: Tá píosa do chraiceann *coyote* ar chloigeann an mhaide. Madra alta é an *coyote* agus tá cáil air go bhfuil sé glic; go bhfuil cáilíochtaí aige a deirtear atá ag an sionnach anseo. Ní mór a bheith san airdeall air. Cuireann sé seo fainic orainn go bhfuil cuid de mhianach an *coyote* ionainn uilig. Ní amháin go gcuireann muid daoine eile amú ach tá muid in ann dallamullóg a chur orainn fhéin freisin!

Slat sailí (*willow*): an maide fhéin. Sin le rá go bhfuil sé solúbtha; ní bhriseann sé go héasca i stoirm. Mura lúbfaidh sí brisfidh sí! Meabhraíonn sé sin dhúinn go gcaithfidh muid éisteacht le tuairimí eile agus géilleadh go minic. Ní fheileann sé dhúinn a bheith ina 'staic i mbéal bearna' i gcónaí.

Drioball capaill: Thuig muintir Fran chomh mór is a bhí siad fhéin agus a sinsir rompu ag brath ar an gcapall.

Turcaid (*torquoise*): bhaintí úsáid as an gcloch dathach seo in ornáidí agus ag margáil nó ag babhtáil. Tá sé leathlómhach. Le Gaeilge a chur ar an mbeannacht atá i gceist anseo déarfainn: Go méadaí Dia chuile shórt ar fheabhas agat!

Dath gorm agus spotáí buí: "the ghost dance" an míniú a tugadh dhom air sin. Níl fhios agam an 'damhsa na sióg' nó 'cumann na naomh' an t-aistriúchán is fearr air sin! Ach tá gliondar, áthas, caidreamh agus aontas i gceist gan aimhreas.

Cleiti iolair: Ní hé an dreoilín ach an t-iolar Rí na nÉan ag muintir Fran. Éiríonn sé go hard sa spéir ag breathnú anuas orainn agus tá sé thar a bheith grinn. Tá sé neamhspleách. Tá saoirse na spéire aige agus creidtear go dtagann na bean-nachtaí céanna uaidh le haon chleite amháin fiú.

Sléibhte: Taispeántear na sléibhte mar dhath glas ar uathne. Tá sléibhte go hálainn, uaibhreacht, ildathach agus amanta bagrach. Ó aimsir Mhaoise, nó níos faide siar, bhrath ciníocha éagsúla, cumhacht, agus áilleacht Dé ins na sléibhte.

An fia: Tá craiceann (cois) fia ar bhun na slaite le breith air. Bhaintí úsáid as chuile pháirt den ainmhí seo; an fheoil le n-ithe; an craiceann mar éadach; na cnámha mar oirnéisí agus mar ornáidí; na féithleoga mar shnáth nó ruóg; agus na putógaí d'éanlaith an aeir. Sampla maith é ar fhlaithiúlacht agus nach ceart tada a chur amú.

Féithleogaí: castar iad seo ceithre huairé nó seacht n-uairé timpeall na slaite. Cheithre huairé in onóir na gaoithe as na cheithre chearda; nó seacht n-uairé in onóir seacht dtreo na



An tAth Stiofán ag Comóradh an 'Mine' anuraidh.

cruinne agus na beatha, mar atá ar an tslat seo:

Ón Oirthear..... athnuachaint
Ón Deisceart..... buíochas agus áthas
Ón Iarthar..... treoir sa saol
Ón Tuaisceart..... glaineacht an tsneachta
Ón spéir..... creideamh agus leigheas
Ón talamh:..... cothú agus cosaint, agus
Ón gcroí..... grá.

Cuireann sé sin an rann a bhí againn ina ngasúir i gcuimhne dhom:

*An ghaoth aduaidh bíonn sí crua
Is cuireann sí gruaim ar dhaoine;
An ghaoth aneas bíonn sí tais
Is cuireann sí rath ar shíolta.*

*An ghaoth anoir bíonn sí tirim
Is cuireann sí sioc istoíche;
An ghaoth aniar bíonn sí fial
Is cuireann sí iasc i líonta.*

Bhí cáil ar an ngaoith in Éirinn freisin gur thug sí beocht agus biseach go hiondúil; ach cruatan freisin. Is mór atá le foghlaim ón nádúr dá mbeadh muid níos airdeallaí. Mar a dúirt Iób:

*Ní gá dhuit ach ceist a chur ar na hainimhithe agus cuirfidh siad ar an eolas thú!
Nó ar éanlaith an aeir agus múinfidh siad thú;
Nó labhair leis an talamh, agus inseoidh sé dhuit,
agus tabharfaidh iasc na farraige eolas dhuit.
Céard é ina measc seo go léir nach eol dó
gurb é láimh Dé a rinne é seo go léir? (Iób 12.7-9)*

Tá sé d'oibleagáid orainn aire agus ómós a thabhairt don dúlra mar a rinne ár sinsir romhainn. Tá sé sin dlite d'aos óg an lae inniu agus do chuile ghlúin ina ndiadh. ■

Scoil Nua Sailearna

Fearghas Mac Lochlainn

Is sa mbliain 1999 a cuireadh an plan i dtoll a chéile ar dtús. Ba iad Douglas & Wallace na haitirí a bhí ceaptha ag an Roinn Oideachais don chúram. Ba é Tomás Ó Ráighne príomhoide na scoile ag an am agus ba é an tAthair Míchéal Ó Flannabhra a bhí mar chathaoirleach ar an mBord Bainistíochta. Ba ceannródaithe agus ceannairí pobail iad an bheirt uasal seo agus faraor, tá siad beirt ar shlí na fírinne anois, beannacht Dé lena n-anam uasal.

Ach bhí a shliocht orthu. Mhair an fhís agus tá foirgneamh breá scoile den chéad scoth sna hAille inniu agus 192 gasúr ag freastal uirthi. Chosain an fhorbairt seo ar fad €3.2 milliún.

Tá Douglas & Wallace iad fhéin ar lár. Nuair a tháinig deireadh le ré an Tíogair Cheiltigh tháinig deireadh leis an gcomhlacht seo freisin. Is iad na haitirí Hamilton Young as Sligeach a bhí ina gceann feadha ar an togra le trí bliana anuas.

Sa scoil nua tá deich gcinn de sheomraí ranga. Tá cheithre cinn de sheomraí oideachais speisialta inti. Tá leabharlann fhairsing inti gur féidir a roinnt ina dhá leath. Tá dhá oifig inti, oifig an rúnaí agus oifig an phríomhoide. Tá seomra breá foirne inti. Tá dhá leithreas míchumais inti. Tá cheithre cinn de sheomraí stóir inti. Istigh ina lár, tá halla breá mór atá thar a bheith feiliúnach mar halla tionóil, halla spóirt nó halla le drámaí, ceolchoirm &c. a léiriú. Sé an halla an t-aon chuid den scoil nár athraigh, ó thosaigh an tógáil sa mbliain 2016. Go deimhin fhéin, is amhlaidh tógadh an foirgneamh nua timpeall an halla.

Tá go leor déanta, ach ar ndóigh, tá go leor le déanamh fós! Tá an leabharlann le forbairt agus le deich gcinn de sheomraí ranga tá dhá sheomra ranga sa mbreis againn. Ar ndóigh, beidh neart úsáide againn den spás breise seo. Tá sé i gceist againn seomra céadfach a fhorbairt a bheas mar áis thábhachtach do ghasúir a bhfuil deacrachtaí céadfacha, luaile nó comhordaithe acu.

Taobh amuigh, tá clós breá againn atá roinnte ina

thré chuid. I lár báire tá pinniúr breá agus áit spraoi. Tá “tearmann” againn mar chuid den “chéatadán don ealaín,” agus tá an-tóir ag na gasúir air seo. Tá an-chreidiúint ag dul do Chaitríona Uí Bhéarra agus an coiste speisialta a bhí ina bhun seo.

Ó thuaidh arís, tá páirc imeartha atá c.70 x 30m á forbairt. Ó tharla go raibh an conraitheoir agus innealra ar an láthair, thapaigh muid an deis agus déanadh go leor, leor den réam-hobair ar an bpáirc ag an am sin ar phraghas an-réasúnach. €17.5 míle a híocadh leis an gconraitheoir Liam O’Doherty. Tá buíochas mór agus an-chreidiúnt go deo ag dul do chathaoirleach an Bhoird, Máirtín Ó Ceallacháin, a thapaigh an deis agus a bhrúigh an togra seo chun cinn ón tús. Ní amháin sin, chuir sé créafóg ar fáil don pháirc agus chaith sé laethanta ag obair ar an bpáirc é fhéin, ag tús an tsamhraidh.

Tá buíochas mór ag dul freisin do na dreamanna seo a leanas a thug cúnamh airgid: Eoin Walsh (€3.05 mhíle), An Comhar Creidmheasa (€3.5 mhíle), An Cumann Forbartha (€5 mhíle), Díolachán Cácaí i Scoil Sailearna (€1.3 mhíle), Coiste Tuismitheoirí Scoil Sailearna (€12 mhíle geallta). Is fada linn go mbeidh an pháirc réitithe amach agus beidh cead againn a ghabháil ag imirt uirthi an samhradh seo chugainn, le cúnamh Dé.

Tá foirgneamh breá scoile anois againn, rud nach raibh againn trí bliana ó shin! Tá ceann de na foirgintí scoile is breáichte an taobh seo tíre againn gan dabht, agus tá muid thar a bheith go deo mórálach aisti. Ach dhá fheabhas í, ní foirgneamh breá nua, a dhéanann scoil bhreá. An t-am a raibh drochbhail ar an scoil, bhí scoil bhreá againn an uair sin fhéin. Mar bhí rud againn trí bliana ó shin agus tá sí againn i gcónaí, agus is é sin, tuismitheoirí agus pobal scoile atá tacúil agus foireann múinteoirí agus cúntóirí den chéad scoth atá díograiseach, dúthrachtach, cineálta agus tuisceanach, a chuireann a gcroí is an-anam isteach sa scoil.

Is pribhléid é a bheith ag obair in éineacht libh. Tá an t-ádh ar na gasúir! Go bhfága Dia againn sibh!

Aguisín: Beidh oscailte oifigiúil na scoile againn le cúnamh Dé sa dara téarma (dáta le socrú fós). ■



Scoil Nua Sailearna ón taobh thiar

Tigh Johnny Sheáin

Ceannáras Fíbín

Darach Ó Tuairisg

Nuair a bunaíodh Fíbín in 2003 is i seomra codlata i Leithrinn a bhí muid lonnaithe agus thug muid faoi dhráma amháin a dhéanamh, ‘An Gabha agus a Ghasúir’. Níor chreid mé go deo go mbeadh muid, ní hamháin fós anseo agus dhá chomhlacht faoi leith againn (drámaíocht agus teilifís), ach go mbeadh an teach tábhairne cáiliúil Tigh Johnny Sheáin á thógáil ar láimh againn freisin. Cé go gcaithfidh mé a admháil nár ól mé fhéin ann an-mhinic, bhí cáil ar an áit mar gheall ar na daoine a bhíodh ann, Johnny Chóil Mhaidhc ina measc. Craoladh Murphy’s Irish Stout Commercial óna 1990í ann agus atá le fáil ar YouTube fós agus is fiú breathnú air aríst, agus craoladh cláracha ar nós Geantraí ón teach céanna ag tús ré TG4 nó TnaG mar a tugadh air in 1996. Tá an-áthas orainn go mbeidh muid ag cur fuinn sa teach seo faoinar scríobh nó ar chum Johnny Chóil Mhaidce roinnt mhaith drámaí, rannta agus scéalta.

Mar atá luaite, tháinig Fíbín ar an bhfód i mo sheomra codlata i Leithrinn in 2003, ansin chaith sé seal i dteach sa Spidéal, agus ansin thuas staighre i gColáiste Chonnacht, (an radharc is deise a bhí ag oifig riamh) sular bhog muid go dtí Seanscoil Sailearna in 2009. Chaith muid naoi mbliana iontach anseo ar chúl na seanscoile fhéin agus muid ag baint leas as an áis iontach a bhí lenár dtaobh, ach anois tá áthas orm a rá go bhfuil muid fós ag fás agus is easpa spáis atá orainn anois. Caithfidh mé a admháil nach dteastaíonn áit chomh mór le Tigh Johnny Sheáin uainn ag an pointe seo, ach sin a bhí ar fáil agus shocraigh muid go dtiocfadh muid sa seans agus iarracht rud éigin a dhéanamh a bheadh go príomha mar lárionad don chomhlacht agus áit ina mbeadh an pobal in ann leas a bhaint as.

Athchóiriú – Tá 3 chuid i gceist san athchóiriú

- 1 – Áit a réiteach do na hoifigí thuas staighre.
- 2 – Thíos staighre a réiteach amach. Tá seomra ilghnéitheach le bheith ann do chruinnithe, d’ealaíontóirí chun obair a dhéanamh, gailearaí, áit cleachtaidh do dhrámaí agus tá cead pleanála faighte i gcomhair caifé. Nuair a bheas an spás seo réitithe beidh súil againn comhlacht a thabhairt isteach chun an caifé a thógáil ar léas. Creideann muid go mbeidh an spás céanna iontach d’ionad ina mbeidh turasóirí in ann teacht isteach, cupán maith caife a fháil agus foghlaim faoi Chois Fharraige agus an Ghaeilge.
- 3 – Cúl an tí a réiteach mar áit spraoi do dhaoine óga, pubaill sa samhraidh do dhrámaí, coirmeacha ceoil agus imeachtaí pobail eile.

Ba mhaith linn foirgneamh ina mbeidh neart gníomhaíochtaí ag tarlú mórthimpeall air, ina mbeidh áit ag an bpobal teacht agus suí síos, imeachtaí a chur ar siúl más mian leo agus go mór mhór áit do thurasóirí le bheith in ann stopadh,



An obair athchóirithe tosaithe ar Tigh Johnny Sheáin

meascadh leis an bpobal áitiúil, foghlaim faoin gceantar agus fanacht i gCois Fharraige.

Seo a leanas an plean iomlán

Oifigí Fíbín

Beidh an dá chomhlacht, Fíbín agus Meangadh Fíbín Teo., lonnaithe thuas staighre. Beidh an spás briste suas ina rannóga éagsúla ach ó thaobh bainistíochta de beidh gach duine ag obair as lámh a chéile. Tá sé cruthaithe go mbíonn an mheanma níos fearr má bhíonn gach duine ag obair le chéile i spás amháin. Freisin beidh spás ann le haghaidh cruinnithe gnó a éagrú, spás nach bhfuil ar fáil faoi láthair sa gceantar. (Bíonn orainn taisteal chuig caifé nó teach tábhairne faoi láthair rud nach bhfuil feiliúnach agus cuireann sé go leor ama amú.) Chomh maith le spás do Fíbín agus do Meangadh Fíbín, beidh oifig ann do rannóg margaíochta, agus oifig eile

don rannóg cuntasáíochta, dhá rannóg a bhíonn ag obair trasna an dá chomhlacht agus a dteastaíonn spás ciúin uathu chun a gcuid oibre a dhéanamh go héifeachtach. Beidh ochtar fostaithe sa spás seo.

Stiúideo Fuaime

Tá infheistíocht déanta ag Fíabín cheana féin i dtrealamh taifeadta agus eagarthóireacht fuaime. Teastaíonn uainn tógáil ar an láidreacht atá againn mar an t-aon chomhlacht sa tír a bhfuil comhlacht drámaíochta agus comhlacht léiriúcháin teilifíse ag obair as lámh a chéile. Beidh an stiúideo seo againn freisin ionas go mbeidh muid in ann oibriú ar chúrsaí fuaime dár dtograí féin agus smacht a choinneáil ar an gcaighdeán chun an táirge is fearr a sholáthar.

Seomra Eagarthóireachta

Arís tá infheistíocht réasúnta déanta ag an gcomhlacht sa trealamh seo agus tá sé mar aidhm againn eagarthóir a fhóstu go lánaimseartha. Thug muid faoi seo mar ní hamháin gur féidir linn smacht a choinneáil ar ár dtáirge féin ach beidh deiseanna ann chun níos mó ábhair a sholáthar mar ábhar poiblíochta i bhfoirm blaisíní (*promos*) nó cláir phíolótacha. Beidh sé mar stór ag cartlann Meangadh Fíabín ar fad freisin.

Oifig Bhreise


Seo oifig bhreise a bheidh ar fáil le ligean, más gá, nó mar spás oibre sealadach nuair a thagann brú ar léiriúcháin. Bíonn spás mar seo ag teastáil go minic nuair a thosaíonn stiúrthóir ar thogra nua agus bíonn áit ag teastáil chun socrúcháin a dhéanamh agus plean a leagan amach. Is áis úsáideach í seo ina mbeidh áit d'fhostaí amháin, nó beidh sé ar fáil go sealadach do dhaoine a bheas ag tosaí amach ina ngnó fhéin.

Spás ilfheidhmeach

Tá easnamh ar spás mar seo i gConamara, spás nach bhfuil rómhór ná róbhag. Is spás é seo a mbeidh réimse leathan imeachtaí in ann tarlú ann. Ó léamh scripteanna le haisteoirí, áit chleachtaidh, spás d'ealaíontóirí chun taispeántas a chur le chéile, spás do chruinnithe nó cúrsaí lae, CoderDoJo, srl. Creideann muid go bhfuil féidearthachtaí móra ann do phobail.



Obair athchóirithe ar an áilear taobh istigh



Tuilleadh oibre taobh istigh

An Caifé - “Cúl Stáitse”

Beidh an áit seo réitithe againn le ligean amach ar léas. Beidh éileamh mór ar áit mar seo sa Tulaigh, ní hamháin mar gheall ar na gnóthaí atá mórthimpeall ar an bhfoirgneamh, TG4, HID, Studio Telegael, scoil, séipéal, ach tá poitéinseal mór aige ó thaobh ionaid turasóireachta de, áit a mbeidh turasóirí in ann blas a fháil de Chonamara Theas, ar a mbealach amach go hÁrainn nó ar a mbealach ar ais, trí fhreastal ar sheó Gaeltachta sa nGaeltacht féin! Tá neart áite sa gclós le busanna a pháirceáil agus tá an foirgneamh mealltach ann féin. Nuair atá caifé rite go maith tá duine sásta taisteal chomh fada leis mar atá cruthaithe ag áiteanna ar nós AVOCA.

Ceathrú Cruthaitheach

Suite taobh le TG4, stáisiún náisiúnta na Gaeilge, Stiúideo Telegael agus ar leac Chonamara Theas i bhfoirgneamh atá aitheanta ar fud na tíre, tá an suíomh seo thar a bheith feiliúnach mar ionad do chomhlachtaí a bheadh ag feidhmiú san earnáil chruthaitheach. Beidh an foirgneamh seo mar stad nua ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin, a bhfuil go leor cainte á dhéanamh faoi san am i láthair agus tá easnamh mór i gConamara Theas mar nach bhfuil aon ionad oidhreachtach ar fáil do thurasóirí sa gceantar agus iad ag iarraidh foghlaim faoi theanga agus faoi chultúr na Gaeltachta is mó in Éirinn. Is ábhar bróid dúinn é an ceantar agus ba cheart an ceantar a cheiliúradh agus spás a chruthú ina mbeadh fáilte roimh thurasóirí. In áit ionad oidhreachtach ina mbeadh taispeántais bhuana ann, tá sé i gceist againn spás a chur ar fáil ina mbeidh léirithe á soláthar le go mbeidh turasóirí in ann éisteacht le ceol, féachaint ar dhrámaí agus idirghníomhú le pobail ar bhealach neamhfhoirmeálta. ■

Toghchán 1918 i gConamara

Cormac Ó Comhraí

Is beag atá ar eolas faoi thoghchán 1918 i gCois Fharraige. 'Sé an peaca é ach, sin mar atá sa gcás seo. Ceann d'éachtaí móra Éirí Amach na Cásca ná cur in iúl do náisiúntóirí na hÉireann go raibh rogha eile ar fáil dóibh, mar ionadaithe pobail, seachas an Páirtí an Rialtais Dúchais. Roimhe sin, níor tuigeadh é sin i ndáiríre cé go raibh mionpháirtithe ar nós Sinn Féin ann. Is annamh a thug na mionpháirtithe sin dúshlán Pháirtí an Rialtais Dúchais. Bagairtí fisiciúla agus eacnamaíochta, easpa misnigh, easpa tacaíochta sna meáin agus easpa infreastruchtúir pholaitiúil chomh maith le tuiscint ar an stádas pobail a bhí ag Páirtí an Rialtais Dúchais. An rud a thug an tÉirí Amach do dhaoine ná an tuiscint go raibh daoine ann a bhí sásta príosún a dhéanamh, troid agus fiú bás a fháil ar son na poblachta (nó saoirse éigin a bhí níos iomláine ná Rialtas Dúchais).

B'é Pádraic Ó Máille, duine de Mháilligh gustalacha cheantar an Mháma, an Sinn Féineach ba thábhachtaí i gConamara. Cé go raibh an-mheas air, níor sheas sé do Pharlaimint na Breataine go dtí 1918. Go dtí sin b'é William O'Malley an feisire áitiúil. Iriseoir as Baile Conaola a bhí ansiúd. Ina fheisire ó 1895 anall, ní raibh air toghchán a throid go dtí 1918, léargas beacht ar an neart a bhí ag Páirtí an Rialtais Dúchais. Bhí go leor den tacaíocht agus den neart sin bunaithe ar an tuiscint gurbh iad Páirtí an Rialtais Dhúchais ab fhearr a thuig feirmeoirí na hÉireann agus a thacódh lena gcuid iarrachtaí seilbh a fháil ar thalamh na hÉireann. Óráid faoi cheist na talún ábhar na chéad óraide agus an óráid dheireanach a thug sé i bParlaimint na Breataine.

Nuair a thosaigh an Chéad Chogadh Domhanda, shocraigh Rialtas na Breataine an t-athdháileadh talún a chur ar athló go dtí tar éis an Chogaidh. Rinne sé sin dochar do Pháirtí an Rialtais Dúchais. Le bagairt na críochdheighilte, míshástacht faoin éifeacht a bhí ag an gcogadh ar an ngnáthshaol, olc faoin mbaint a bhí ag Páirtí an Rialtais Dúchais le hearcaíocht na Breataine chomh maith le hiarrachtaí Fhórsaí na Corónach smacht a choinneáil ar an tír tar éis Éirí Amach na Cásca, chas daoine in aghaidh Pháirtí an Rialtais Dúchais agus i dtreo Shinn Féin.

I mí na Samhna 1918 tháinig deireadh leis an gCogadh. Fógraíodh toghchán sa mBreatain, an chéad toghchán ó 1910. Bhí ceithre thoghcheantar ag Gaillimh in 1918, agus suíochán amháin an ceann acu. Córas na Breataine a bhí in úsáid agus an t-iarrthóir ba mhó a fuair vótaí ag fáil an tsuíochán, gan aon PR a bheith i gceist. Feileann 'an chéad fhear abhaile' don pháirtí is láidre toisc go bhfaigheann siad i bhfad níos mó suíocháin ná mar atá tuillte ag an gcéatadán vótaí atá acu. Nuair a bhí Páirtí an Rialtais Dúchais in uachtar, d'fheil an córas sin go hiontach dóibh ach nuair a chas an taoille ina n-aghaidh chiallódh an córas go mbeadh siad buailte go dona. Rud eile a bhí cinniúnach in 1918 ná an líon vótóirí a bhí i bhfad níos mó anois mar go raibh mná (le saibhreas áirithe) agus fir bhochta ag fáil an vóta den

chéad uair. In 1918, bhí Conamara agus an chathair in aon toghcheantar amháin ar a glaodh *Connemara*. I gConamara ba é Pádraic Ó Máille a roghnaíodh do Shinn Féin le seasamh in aghaidh William O'Malley MP.

Troideadh an cath sna nuachtáin áitiúla, le slógaí móra, le taispeántais phoiblí agus fiú le hamhráin nuachumtha. Rinne an file pobail, Pádhraic Learaí Ó Finneadha comparáid idir Pádraic Ó Máille a "ruaigfidh Seán Buí amach as an tír" agus William O'Malley "dhíol sé muide leis an Arm Gallda." Lagiaracht a bhí i bhfeachtas Pháirtí an Rialtais Dúchais, ag díriú ar an méid a bhí déanta ar son na hÉireann trí Pharlaimint na Breataine ag dul siar chomh fada le fuascailt na gCaitliceach sna 1820í agus ag tagairt don phinsean, an ollscolaíocht agus Ceist na Talún. Bhíodar ag súil le buíochas as an méid a bhí déanta acu ar son an phobail, dár le William O'Malley. Is beag cainte a rinneadh faoin todhchaí ag slógaí an Pháirtí i nGaillimh.

Lena cheart a thabhairt dó, labhair William O'Malley faoin todhchaí ag caint faoi fhorbairt thionsclaíochta agus iascaireachta agus faoi cheannacht talún ag rá: '*only through Parliamentary action that future benefits can come.*' Suimiúil go leor, ceann de na téamaí a bhí in óráidí Pháirtí an Rialtais Dúchais ná chomh contúirteach agus a bhí Stát na Breataine do mhuintir na hÉireann agus go raibh géarghá le hionadaithe i Westminster le muintir na hÉireann a chosaint ó Rialtas na Breataine. Straitéis an-aisteach a bhí anseo do dhaoine a bhí ag stocaireacht i dtír a bhí ag éirí níos radacaí. I measc na gcontúirtí a luaigh siad ná go ndéanfadh rialtas na Breataine plandáil eile in Éirinn ag bronnadh talún ar iarshaighdiúirí ón mBreatain. Cuireadh fainic ar dhaoine faoi céard a tharlódh d'Éireannaigh dá dtarraingeodh Sinn Féin Arm na Breataine anuas orthu, sagart paróiste Charna, an tAthair McHugh ag rá: '*if time came for another rebellion the men who were preaching such a policy would be found under beds.*'

Ó tharla go raibh Ó Máille ar a theitheadh, b'éigean do dhaoine eile labhairt ar a shon nó ionadaíocht a dhéanamh dó. Ina measc bhí leithéidí a dheartháir féin, Tomás agus Mícheál



Pádraig Ó Máille Sinn Féin 1918.

Ó Droighneáin as an Spidéal. Labhair Ó Droighneáin ar a shon sa gcathair, mar shampla. Seans gur airigh an Máilleach níos sábháilte i measc a mhuintire mar bhí slógadh aige i Leitir Móir, is cosúil, ach ba lú go mór an seans go bhféadfai breith air ansin ná mar a bhí sa gcathair.

Chur poblachtánaigh a gcróí agus a n-anam isteach sa bhfeachtas. Feachtas fuinniúil a d'eagraigh siad a bhí i bhfad ní b'fhearr ná ceann Pháirtí an Rialtas Dúchais. D'fhógair poblachtánaigh go gcuirfidís tús lena bparlaimint féin i mBaile Átha Cliath dá vótáilfi dóibh agus nach mbeadh aon bhaint acu leis an '*parliament of murderers*' mar a thug poblachtánach Gaillmheach uirthi. Caintíodh faoin imirce, faoin gcríochdheighilt agus an gá a bhí ann: '*to prevent the race from being crushed out.*'

Dúirt an sagart poblachtánach óg, Mícheál Ó Gríofa, séiplíneach i gceantar Bhearna agus na bhForbacha, go raibh gá '*to fight against England's tyranny, corruption and wealth.*' Dúirt an Gríofach freisin go raibh sé tar éis a bheith ag caint le daoine in Arm na Breataine agus go raibh siad '*determined to be on the right side in the election.*' Cáineadh laigeacht an Bhille Rialtais Dúchais a bhí le saoirse áirithe teoranta a thabhairt don tír. Moladh an pleán dul chuig na cainteanna síochána idirnáisiúnta a bhí le bheith ann le rudaí a shocrú ag deireadh an chogaidh.

Tuigeadh nach raibh náire ar bith ar ghluaiseacht na poblachta faoi fhoréigean. Bhí an Máilleach ar a theitheadh tar éis dó scaoileadh le baill den RIC a tháinig len é a ghabháil. Díreach roimh an toghchán in 1918 labhair Seamus Murphy le slua i Maigh Cuilinn ag rá leo: '*He was a Dublin man and Dublin had shown what could be done in case of necessity.*' I mí Lúnasa bhí an poblachtánach Henry Shiels ag dul trí Bhearna le grúpa ban ag teacht as Gaillimh. Gabhadh é agus mar thoradh air sin bhris na mná fuinneoga na beairice. Bhí eachtraí níos tromchúisí ar fud na tíre.

Cé go raibh foréigean idir náisiúntóirí mar chuid de thraidisiún toghchánaíochta na hÉireann, bhí toghchán na bliana 1918 ciúin i gConamara. Dúirt William O'Malley ina

litríocht toghchánaíochta go raibh poblachtánaigh ag triail: '*frighten their fathers and mothers from going to the poll.*' Tar éis an toghcháin scríobh William O'Malley isteach chuig an *Connacht Tribune* le rá leo:

'My personating agents were terrorised into not acting for me and that friendly presiding officers were interfered with by certain parties whom I will not describe further, I knew that the majority would be overwhelming. The truth is that while the Sinn Féiners were enthusiastic and perfectly organised, the nationalists were the reverse I am afraid there was a deplorable lack of moral courage in the Nationalists ranks. In many cases the shouting of small boys, the waving of flags and the 'Soldiers Song' had the intended effect on the voters.'

Níor luaigh O'Malley tada níos measa ná béicíl nó canadh ins an ráiteas a rinne sé. Ar an lámh eile, cé gur eagraigh na hóglaigh i gConamara garda cosanta do Phádraic Ó Máille, is cosúil nach raibh an chosaint ag teastáil uaidh siúd ach an oiread. Traidisiún láidir eile sa toghchánaíocht ná caimiléireacht vótála agus bhí sé sin le feiceáil sa toghchán seo freisin. Labhair an poblachtánach Gearóid Standún as Leitir Chalaigh faoin toghchán ag rá: '*I voted many times in the names of people who were dead for years. My name wasn't even on the register of voters.*'

As an 40,446 vóta a caitheadh i gcontae na Gaillimhe, fuair Sinn Féin 31,221 nó 77.2% de na vótaí a caitheadh. Sin díreach an coibhneas céanna a bhí i gConamara. 77% den vóta a fuair Pádraic Ó Máille. Caithfidh go raibh iontas ar William O'Malley a dúirt roimh an lá vótála: '*I cannot believe that the people are so entirely devoid of gratitude or of common sense as to be guilty of such folly.*'

Níl fhios cén chaoi a vótáil ceantracha thar a chéile seachas corrlitir a rinne cur síos ar bhoscaí áitiúla. Fuair Sinn Féin vóta ard sa gcathair, ábhar iontais. Rinne O'Malley go maith ina cheantar dúchais in iarthar Chonamara. Maireann an t-eolas sin mar gheall ar chinsireacht ar litreacha príosúnach sa mBreatain. Faraor, níl eolas den chineál sin ar fáil dúinn faoi Chois Fharraige, ach is dócha, bunaithe ar fhianaise an mhéid a tháinig ina dhiaidh, gur vótáil Cois Fharraige go láidir ar son Uí Mháille. Bua stairiúil a bhí ann do Shinn Féin a bhain 73 den 105 suíochán a bhí ar fáil leo. As an mbua sin tháinig Dáil Éireann agus Cogadh na Saoirse, ábhar ailt lá níos faide anonn. ■



William O'Malley MP.

AN FLIÚ MÓR

1918-19


Pádraic Tom Bán Breathnach

Bhí an ghráin shíolta dhearg shíoraí ag na seandaoine ar an ngaoth anoir. Deiridís nár tháinig tada maith ariamh aiste ach aicíd agus chuile shórt dá dhonacht. Amach sa Márta ba mhó a shéideadh an ghaoth chéanna, láidir fuar feannta dhá réir. Chloisinn iad a rá, “is as an deabhal d’áit sin thoir a tháinig an fliú an chéad lá ariamh”, cothrom an ama seo anois, céad bliain ó shin le linn an Chéad Chogaidh Mhór. Siúrálte go maith féin a bhí siad, agus chuala mé na céadta uair, gur tháinig an aicíd as na trínsí sa bhFhrainc, na coirp a bhí ag lobhadh a ceapadh. Tugtar an fliú Spáinneach air freisin ach go háitiúil níor chuala mise mórán tagairt dó sin ag fás aníos.

San aimsir a chaitheadh, bhí teoiric ann go bhfaigheann an corp réidh le aon cheo dona sa bhfuil an mhí sin, cosúil le séalán más maith leat. Mar shoiléiriú air sin, bhriseadh an craiceann amach le neascóidí, balscóidí, galar craicinn, gága, oighreachaí, grís, slaghdán smaoiseach, craiceann do lámha tirim rosach, cochaillí agus tuilleadh. Lán chinnte a bhí siad go dtiocfadh athrú suntasach ar an gcorp, colann crua ar cheann acu. Mar phurgóid d’ólfadís dalladh *Andrews Liver Salts*. Sheasfadh sé duit ar feadh na bliana a dúradh.

Thosaítí ag cur na bhfataí i lár na míosa sa gcúinne ba foscúla sa ngarraí mar go mbainfeadh an stolladh gaoithe anoir barr na sróna díot. Lastaí tine le coinneáil te agus freisin an-áisiúil leis an píopa a dheargadh. Phréachfaí na Danes a deireadh Tom Bán. Théis an tsaol ní raibh sé ach tríocha nó ceathracha bliain ó bhriseadh amach an fiabhrais. Tháinig mise ar an saol sna 1940í, mise dhá rá leat go raibh sé úr agus go láidir sa sícé fós. Dheintí cur síos níos mó ar an anachain seo ná ar an nGorta agus go deimhin ní mórán é sin.

’Sé m’iarchuimhne mo mhéarachai a bheith gan aon mhothú agus fuar nimhe iontu. Ar an mbealach aníos ón gcladach le boirdín feamainne le asal agus cléibh, amantaí suas go barr na ngarrantaí i mbarr an bhaile, cosán achrannach caol sleamhain, mo leathlámh sáite isteach sa



Súil ghéar Tom Bháin ag cineáil amhairc ar a mhac Pádraic ag plé le féar i mí Lúnasa i ndeireadh na 1960í sa ngarraí a dtugtar an Dúmbach air atá ag síneadh leis an bhfarraige ag ceann bóithrín cladaigh na Cathrach. Garraí mór a mbíodh dhá choca féir ann tráth den tsaol ach 80% dó faoi ghiolcach anois.

Tabhair faoi deara chomh scáinte is a bhí na tithe ag an am – ocht dteach déag ar bhaile na Cathrach le bheith barainneach faoi; tá beagnach trí scóir teach ann anois. Is iad na trí theach atá sa gcúlra ná Tigh Sheáin Uí Shruitháin, Tigh Mháille agus an teach dhá stór Tigh Mháirtín Jude Ó Curraoin nach maireann.



Seánín Tom Bán, a mháthair (agus máthair Phádraic) Kate Tom Bán agus an lánúin nua phósta Pádraic Tom Bán agus a bhean Máire agus gan iad ach cúpla lá pósta i nDeireadh Fómhair 1969. Tógadh an pictiúr in aice na tine sa seomra suí tigh Tom Bán.

bhfeamainn, an lámh eile ag coinneáil an bhoird cothrom ar dhroim an asail mar seans ar bith a gheobhadh an t-asail bheadh sé ar a mhine géara ag iarraidh an t-ualach a chur dá chothrom agus é a chaitheamh dó. Bhíodh an fheamainn breá te, déanta suas ina cocaí ar an duirling píosa roimhe sin, í leathlofa.

Héibí cén scéal é, i 1918 bhí mo Dheaide, Tom Bán, ina stócach 15 bliana d'aois agus ba mhaith an cuimhne a bhí aige ar sheanghasúr trí bliana níos sine ná é a bhásaigh leis an bhfiú.

"D'iompáigh an corp dubh," a deir Tom.

Chonaic sé ceathrar fear ag iompar an choirp soir an seanbhóithrín thart ar chéad slat go dtí an áit a dtugtaí an geata air mar a raibh carr capaill, nó carr asail, ag fanacht leo. Chroch siad an corp agus leag siad ar urlár an chairr é. B'shin an méid a bhí ag an tsochraide, na comharsainí criothnaithe le faitíos, ag fanacht glan ar an teach mar go raibh sé tógálach. D'fhan an íomhá agus an t-amharc coscrach tubaisteach ina chloigeann go dtí an lá ar bhásaigh sé. I nglór íseal a d'insíodh sé an scéal sin dúinn inár ngasúir, le hómós do na mairbh is dóigh.

De réir an tseanchais ní dheachaigh an fiú siar thar Dhroichead Chromghlinne an chéad bhliain. Sna trí theach ar an tSráid Fhada ar an gCathair, san áit a rugadh is a tógadh mise, bhí teach eile ina raibh beirt dheartháir ina gcónaí ann, le leisce na bréige níl mé róchinnte an raibh siad fós ina mbeatha i 1918, bhí daonra de thart ar scór ann ach chomh fada agus is eol dom níor scuab an fiú leis ach aon duine amháin. Aon bhean a buaileadh síos leis agus í ag iompar páiste agus tá sé ráite nár mhair sí. Saolaíodh na trí pháiste dheireanacha ar an tSráid Fhada ceathair nó cúig bliana roimhe sin. Aisteach go leor 'sé an t-ainm baiste céanna a bhí ar an triúr acu.

I gcásannaí áithrid, chuala mé na seandaoine a rá gur scríosadh an teaghlach fré chéile. Is dóigh go raibh cineálachaí áithrid den aicíd a bhí níos marfaí agus níos nimhní ná a chéile. An bharúil a bhí ann ag an am ná gur cheapadh gur

mharódh an fiú formhór na ndaoine a tholg é, ceapadh a shloig an pobal, an mac seo ina measc. 'Sé firinne an scéil áfach ná gur mhair a mbunáite ina dhiaidh. Baineadh an chiall chontráilte as *Fake News*' na linne sin seans!

'Sé an meastachán gairmiúil faoi láthair ná gur bhásaigh idir 20,000 agus 23,500 duine sa tír seo de bharr an fliú, d'fhéadfadh na figiúirí sin a bheith níos mó, níl iontu ach buille faoi thuairim. Scuab sé leis idir 50 milliún agus 100 milliún ar fud na cruinne cosamar 5% den daonra ag an am. Ceaptar gur leath bhilliún ar fad a rinne teangbháil leis ach, mar a deir mé cheana, d'fhéadfadh na figiúirí sin a bheith riar maith as cor, i bhfad níos mó más tada é.

Anois ní ag ceasacht orthu siúd atá mé, ná tada dá shórt, daoine atá ar a mine géara ag treabhadh leo go dian dícheallach dúrchtach, mo mhac

féin ina measc, atá ag plé le géineolaíocht i Meiriceá le scór blianta ar thograí eile ar fad, dream ar nós saineolaithe leighis, staitisteoirí, eolaithe agus scríbhneoirí ag tráláireacht i mbun staidéir ar chuntais oifigiúla atá gann, sách scaipthe agus scáinte ach ag an am céanna ag gríosadh feasachta eolais agus suim an phobail sa bhfiú. Ag deireadh an lae, bhí a ndóthain ar aire na n-údaráis seachas a bheith ag breacadh síos nótaí ar chuile chás agus imní faoi fhíríci beachta. Ina dhiaidh sin agus uileag go dtí an lá atá inniu ann, céad bliain ina dhiaidh, tá roinnt mhaith neamhchinnteachta maidir le cár thosaigh sé go baileach, ach tá an Fhrainc go láidir sa gcomhaireamh fós. Ach an oiread le go leor eachtraí eile sa tír seo, buaileadh cois air agus mise ag fás aníos. Sea go deimhin, saol faoi cheilt ach arís ar ais ní tada nua é sin.

Drochfhliú nó slaghdán sa tseanaimsir, bhí an t-uafás dó sin thart, ón síorthaiseacht, easpa feistis agus éadaí báistí. De shíor ag tabhairt dúshlán na síne. Choinnítí taoscán den stuif crua i dtaisce sa mbuidéal le haghaidh cúrsaí leighis. Bhí creidiúint mhór ag na seandaoine gur deoch leighis thar chionn a bhí ann. Ní raibh fáil air i chuile theach ná ní thugtaí do na gasúir é. Deirtí ansin an leaba a thabhairt ort féin agus dalladh allais a chur. Dhíbreodh sé sin an fiú amach as do chuid creatlachai. Fealsúnacht, leagan amach agus tuairimí difriúla a bhíodh ag mo Mhama, Kate, le fáil réidh leis ag léiriú a cuid neamhspleáchais freisin ná raibh aon ghean aice ar ól. Carraigín bruite i mbainne a chuir sí a muinín as, oibrithe amach go maith aice, chreid sise go raibh sé go maith ag fiú nó droch shlaghdán agus go leor éagoiní eile cosúil le plúchadh, cliabhrach tinn, cliabhrach píoblach, cársán agus casacht. Aon strainséara aineolach a bhuaileadh isteach ar cuairt agus a thabharfadh caidéis dó *carrageen moss*, sin é a deireadh sí. Feicim as seo í ina suí ag an mbord ar a compoird le siosúr. Craobh ar bith ná raibh tuartha ná gealaithe thabharfadh sí scor maith den siosúr dó. Obair mhall leadránach, is mór is fiú go raibh foighid le spealadh aice. Beannacht dílis Dé le hanamacha na marbh ar fad. ■

An Connacht Tribune 1918

Donncha Ó hEallaithe

Ach an oiread le gach áit ar domhan eile tháinig an Fliú chomh fada le Conamara i bhfómhar na bliana 1918. Cé go dtugtar an ‘Fliú Spáinneach’ air, ceaptar gur i Meiriceá a thosaigh sé agus gur leathnaigh sé go dtí an Eoraip le saighdiúirí ag tíocht ó Mheiriceá ag troid taobh leis an mBreatain in aghaidh na Gearmáine, le linn an Chogaidh Mhóir. Leathnaigh sé sna hospidéil míleata agus thug saighdiúirí an víreas abhaile leo ag filleadh ón gcogadh. Ceaptar gur cailleadh thart ar 50 milliún duine leis an bhfliú, nó 5% de dhaonra an domhain ag an am. An rud ab aistí faoin bhfliú in 1918, gur mharaigh sé níos mó daoine a bhí i mbarr a sláinte ná mar a mharaigh sé seandaoine.

In aon tseachtain amháin, mharaigh sé beirt de mhuintir Uí Chatháin ón gCeathrú Rua, a raibh an teach tábhairne agus siopa acu ar an mbaile. An tseachtain céanna mharaigh an fliú bean chéile Pheadair Uí Choistealbha, Peadar a’ Ghabha, ag a raibh an pub agus an siopa san áit a bhfuil an Poitín Stil anois.

Le linn mhí na Nollag, thug an dochtúir áitiúil, Dr. Loftus, le fios go raibh 35 duine sa Spidéal buailte leis an bhfliú. Chuir sé an locht ar mhúinteoirí ón Spidéal a thug cuairt ar Thuaim agus a thug an víreas ar ais leo. I measc na ndaoine a bhásaigh leis an bhfliú sa Spidéal bhí Jimmy Ó Flatharta, ceannaire ar Shinn Féin sa gceantar. I mí Iúil, cuireadh téarma dhá mhí príosúin air mar gheall ar a bheith i gceannas ar cheiliúradh a rinne na hÓglaigh sa Spidéal, tar éis an bhua a bhí ag Sinn Féin sa bhfothoghchán i gCo. an Chabháin, inar toghadh an ceannaire ar Shinn Féin, Art Ó Gríofa, ina Fheisire Parlaiminte ar pholasáí gan a shuíochán i Westminster a thógáil. Ba deartháir é Jimmy le George Ó Flatharta, a bhí ina mhúinteoir scoile sa Spidéal. Fuair sé sochraid mhíleata nuair a bhásaigh sé, a bhfuil cur síos air san alt faoi Mhicheál Ó Droighneán.

Connacht Tribune 7 Nollaig 1918

***Alarming Spread Of Disease In Co. Galway Unions.
500 Cases In Oughterard.
Friends Refuse To Inter Members Of Their Families.***

Reports of an alarming character reach us in the grasp which the influenza epidemic has made on several districts west of Galway City. Several families are stricken down in the neighbourhood of Oughterard, Moycullen and Spiddal.

In Galway Union, particularly in Barna, Spiddal and Moycullen, the disease spread like wildfire. Numerous deaths occurred and in dozens of instances whole families were affected. The removal of cases to the workhouse hospital was resorted to in the majority of cases. During the week the number registered as patients in the institution was upwards of two hundred. Of that number about one hundred are ‘flu’ victims. Orders on an

average for three or four interments are issued daily. In Barna graveyard sixteen interments have taken place in ten days. This number represents the total interred previously over a considerable number of years.

At a meeting of the Board of Guardians on Wednesday, Mr. Mullery (Clerk) submitted a wire received by him on that day week from the Rev. Father Moran, C.C., Spiddal, requesting the despatch of men to inter a woman named Faherty who died at Rosaveal from the disease. She was then four days dead. When the men from the workhouse arrived at the corpse house, the relatives declined to assist them in the interment. The men returned to Galway and on the following day travelled to the village and removed the remains to the city. They were interred on Friday in Bohermore on the seventh day after the death. Other similar instances of the terrorising effect which the epidemic has had on the country people are on record.

Connacht Tribune 23 Samhain 1918

Death of Mrs. Peter Costello, Loughanbeg, Spiddal.

Wherever death with all its privations enters, it spreads its dark banner of desolation, and this is more clearly evidenced by the passing away of the above-named esteemed lady in the full flush of early womanhood at the age of 42.

In her dealings with the public she was always upright and strictly honest, and many a poor family mourns her loss today, as she always held out a helping hand to them when utter want knocked at their doors, thereby saving them from the evictor’s grasp and many a supperless night. Grief stricken, indeed, were all the people in the districts in which she was so well known and so highly respected, and many a prayer was offered up when the sad and unexpected news reached them, but nowhere shall the grief be so intense as in the home she leaves behind with a husband and six children to mourn her loss.

The chief mourners were: P. Costello D.C. (husband); Mamie, Annie, Delia, Sarah and Hanna (daughters); Josie (son); Mrs. Sarah Hoban, Inverin, (mother); Mrs. McMahan,

Boyle, and Mrs. McHugh, Spiddal, (sisters); Joseph and Martin Hoban, Inverin (brothers); Messrs P.J. McMahan, R.I.C., Boyle, J. McHugh, M. Costello, Inveran, and P. Costello (brothers in law); Coleman and Micheal Dillon (uncles); Colman and Bridget Costello, Inveran; John Costello, P.Thornton and M. Thornton, Loughanbeg; Colman Costello, Mrs. Costello and Miss Costello, Galway, and the Misses McMahon, Boyle (cousin).

Connacht Tribune 23 Samhain 1918

Two Deaths Within A Week.

Carraroe D.C. And His Sister Succumb To Influenza.

Profound regret is felt in Carraroe at the unexpected death of Mr. Patrick Keane, D.C., and his sister, Miss Nora Keane, as a result of influenza followed by pneumonia. Both were the eldest children of the late Mr. Patrick Keane, who died 28 years ago and of whom it was often truly said that he was one of the most intelligent and pleasing personalities ever reared in Connemara.

The poor have lost genuine friends in the two latest victims of the dreadful scourge. They carried on a lucrative business in the licenced and general provision line and, without money, no family need retire supperless while their shop contained a bag of flour. Mr. Keane represented the division on the Oughterard District Council, which body adjourned its last meeting as a token of respect for his memory, without transacting any business.

Poblachtachas i gCois Fharraige 1918

Cé nár thosaigh Cogadh na Saoirse go dtí 1919, bhí lucht tacaíochta Shinn Féin gníomhach i gCois Fharraige le linn 1918, mar a léiríonn na sleachta seo as an gConnacht Tribune, nuachtán nach raibh báúil le Sinn Féin ná leis an bpoblachtachas. Sa chéad phíosá tá tagairt ann do Jas. Flaherty. B'é seo Jimmy Ó Flatharta ón Spidéal, a bhí ina cheannaire ar Shinn Féin sa gceantar agus a fuair bás mí na Samhna 1918 leis an bhflíú. Tugadh sochraid míleata dó ag an am.

Tá sé suntasach gur cuireadh fineáil do bheirt as Both Chuanna as tine a lasadh ar an 21 Meitheamh 1918. Seans gur Oíche Shin Sheáin a bhí ann, an 23 seachas an 21 Meitheamh. Bhí an RIC faiteach go mbeadh lucht tacaíochta Shinn Féin ag tabhairt comharthaí le tinte d'fhomhuireáin Ghearmánacha a bheadh ag iarraidh gunnaí a chur i dtír do na hÓglaigh.

Ní raibh na mná taobh thiar den chlaí ag an am, mar a léiríonn an ionsaí a rinne siad ar an RIC i mBearná, nuair a ghabhadh Henry Shiels, a bhí i gceannas ar an buíon de Chumann na mBan a mháirseáil ó Ghailimh go Bearná.

Connacht Tribune 20 Iúil 1918

Spiddal Volunteers Who Celebrated East Cavan Election Sentenced For Illegal Drilling.

At a Crimes Court in Galway, on Monday, before Messrs J.P. Byrne, R.M., two country boys, Jas. Flaherty, Spiddal, and Martin Folan, Bohona, appeared in custody, with a week's

growth of beard on their faces, charged with unlawful assembly at Spiddal.

Sergeant Reidy stated he was on duty at Spiddal on June 22 when there was a celebration following the result of the Cavan election. A crowd gathered around a bonfire, and at 12.15 a.m. a number of them fell into military formation, in sections of four. Flaherty moved up and down arranging them. Folan was the leading right-hand man of the sections of four, and carried a Sinn Féin flag. Flaherty also took up a position on the right of the party, and signalled to Folan, who gave the command "Quick March," which was obeyed. The party marched through the village in the direction of Galway, and returned. When passing the barrack one of the party gave the command "left wheel," and they marched past the barracks towards the seashore. They marched along the road to Moycullen and returned, and on their arrival in the village the command "right wheel" was obeyed, the party eventually arriving at the bonfire. The march lasted three-quarters of an hour.

Chairman (to defendant): Have you any questions to ask the witness?

Flaherty: I have a statement to make, as a soldier of the Irish Republic.

Chairman: You can make your statement later if you have no questions to ask.

The Chairman said the defendants were guilty of unlawful assembly, and this drilling would have to be stopped. Flaherty, who appeared to be the leader, would be sentenced to two months imprisonment, and Folan to one month's imprisonment, and ordered to enter into bonds, themselves in £20 each, and sureties of £10 to be of good behaviour, or, in default, three months imprisonment.

Connacht Tribune 3 Lúnasa 1918

Galway Cumann na mBan and Their Commander. Conflict with Police.

Police Barracks Attacked With Stones And Bottles. Exciting Scenes At Barna.

Members of Galway branch Cumann na mBan, numbering about thirty, who left the city on Sunday for the purpose of carrying out evolutions, had an exciting encounter with police near Barna. They were met on the outward journey by Sergeant Linnane, who returned to his barracks, and proceeded with constables after them. The police met the party of ladies marching back. They appeared to be under the command of Mr. Henry Shiels, St. Francis St., Galway, whose instructions were obeyed. On nearing Barna police barracks, Sergeant Linnane asked Mr. Shiels for his name. The latter refusing, Sergeant Linnane placed him under arrest.

It is stated that Mr. Shiels struck the sergeant in the face. The constables having come to the assistance of the sergeant, the ladies attempted to rescue Mr. Shiels. In the scuffle police received rough handling, and had their caps knocked off, but eventually succeeded in placing their capture in the barracks cell. A fusilade of stone and bottle firing on the barracks was indulged in by the ladies, whose demeanour became so violent that they only ceased when a revolver shot was discharged in the air by one of the policemen.

Connacht Tribune, 24 Lúnasa 1918

Fines For Lighting Fires Visible At Sea.

At Spiddal Petty Sessions, before Mr. Hill, R.M. Constable Murhill summoned Patrick Costello, Spiddal, for riding a bicycle without a light. Fined 1s. and costs. Constable Doherty summoned Jn Feeney for having an unlicensed dog. Fined 2s. and costs, and ordered to take out a licence. Joseph Thornton and Michael Keady, Bohona, were charged with unlawfully lighting fires on the coast on 21st June, 1918, so as to be visible on the sea. Fines of 10s. and costs were imposed. Matthew Curran, Inveran, was fined 2s. 6d. and costs at the suit of Sergt. Reidy for having his horse on the public road without a guide.

Toghchán 1918

Sa toghchán a troideadh mí na Nollag 1918, bhí coimhlint ghéar idir beirt Mháilleach: Pádraig Ó Máille ó Mhuintir Eoin agus William O' Malley ó Bhaile Uí Chonghaile. Bhí Pádraig Ó Máille théis tréimhse a chaitheamh i bpríosún sa Bhreatain tar éis Éirí Amach na Cásca 1916. Toghadh William O' Malley don *Irish Parliamentary Party* i dtrí thoghchán gan éinne ag seasamh ina aghaidh. Ag an am, bhí Conamara agus Cathair na Gaillimhe le chéile mar toghcheantar amháin.

Ba léir ó ainmneacha na ndaoine a d'ainmnigh William O' Malley go raibh na sagairt, lucht gnó agus siopadóirí taobh thiar dhó. I measc na ndaoine a shínigh a pháipéar ainmniúchán do William O' Malley bhí an tAthair Thomas

Heaney, an sagart paróiste ar an gCnoc ag an am, agus Bartly Faherty, an fear a thóg an teach tábhairne agus siopa taobh thiar de Shéipéal an Chnoic, atá dúnta anois, ar thugtar Tigh Jimmy Beartla.

Is ag Máilleach Shinn Féin a bhí an bua le mórán ollmhór de bhreis is 8,000. Bhí neart gearán sa gConnacht Tribune faoin mbealach ar troideadh an toghchán.

Connacht Tribune 21 Nollaig 1918

Alleged Interference With Voters

A supporter of Mr. William O'Malley complained that he was not permitted to vote at Barna. On two occasions, he says, he got up to the entrance of the polling booth, and was hustled aside by Sinn Feiners. Ultimately, he gave up the attempt to vote in disgust.

A presiding officer in a remote district of Connemara, finding that his booth had been left without police, that it was lavishly decorated with the tri-colour, and virtually controlled by Volunteers, despatched a telegram for the police. The messenger was, however, sent back, and the telegram did not go.

In Oughterard eighty illiterate voters marched up in the early morning, and every one of them cast their votes for Pádraig O'Maille. At Knock and elsewhere a large number of illiterate voters polled, and in most cases they voted for Sinn Féin, the only exception being Clifden and northern Connemara, where the interests of the Nationalists were exceptionally well looked after. ■



Tom Phádraic Pheaitsín (Mac Donnchadha), uncail an iarpheileadóirí contae, Cóilín, as Ros an Mhíl, cúpla Phádraic Thaidhg, Máire agus Sarah, agus Cóil Phádraic Thaidhg, lá a bpósta.

Cúrsaí ag *Pastime Chonamara* i nGaillimh

Máirtín Davy Ó Coistealbha

Le tamall anuas tá ceangal láidir cothaithe idir an eagraíocht *Pastime Chonamara* agus Scoil an Oideachas le Chéile i gCnoc na Cathrach, Gaillimh. D'fhreastal daltaí Rang 1 agus Rang 2 ar Ranganna Ceardaíochta Bunúsacha Dátheangacha faoi stiúir an Teagascóra, Máirtín Davy. Bhí na ranganna ar siúl ar feadh cúig seachtainí agus, ag críochnú dóibh le gairid, bhronn an tAire Stáit ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, Sean Kyne, T.D., teastais ar na daltaí in Áras Bhóthar na Trá, Gaillimh. Tá daltaí as roinnt mhaith tíortha ar fud na Cruinne ag freastal ar Scoil an Oideachas le Chéile i gCnoc na Cathrach agus roinnt mhaith Gaeilge foghlamtha acu mar go bhfuil an chuid is mó den fhoireann teagaisc líofa i nGaeilge.

Chomh maith leis an gcúrsa sin, ar éirigh thar barr leis, bíonn ranganna agus ócáidí rialta ceardaíocht agus siamsaíochta ar siúl ag *Pastime Chonamara* ó cheantar Indreabháin go Loch Con Aortha. ■



Daltaí as Rang a hAon, tar éis a dteastais a fháil as ucht an cúrsa dátheangach ealaíne a chríochnú ag Scoil an Oideachais Le Chéile, Cnoc na Cathrach.

In éineacht leo tá, ó chlé: an Príomhoide, Matt Wallen; Ann Courtney, SNA; an tAire Stáit Seán Kyne, TD, a bhronn na teastais; na Múinteoirí, Margaret Wright agus Vivienne Kelly; agus Máirtín Davy Ó Coistealbha, Teagascóir Ceardaíochta Ranga.

An Phleanáil Teanga

Máire Ní Neachtain: Cathaoirleach Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga

Ghlac an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta le Plean Teanga Fhóram Chois Fharraige ag deireadh na bliana seo caite. €100,000 agus fostaí amháin a thairg an Roinn leis an bplean a chur i bhfeidhm. B'é tuairim thomhaiste an Fhórait, agus é sin léirithe go grinn, beacht sa bplean, go dteastódh €250,000 agus triúr fostaithe san áireamh ar an airgead sin, in aghaidh na bliana, leis an bplean a chur i bhfeidhm. Rinne an Roinn athbhreithniú ar a raibh á thairiscint aici, leasaíodh na critéir mhaoinithe agus cuireadh tairiscint eile faoi bhráid an Fhórait: €150,000 in aghaidh na bliana agus beirt fhostaithe an babhta seo.

D'fhógair an Roinn freisin go mbeadh scéimeanna tacaíochta breise á bhfógairt aici, go luath san Earrach, i réimsí an Teaghlaigh, na Luathóige, na hÓige agus na nEalaíon Dhúchasacha, scéimeanna a chuideodh le próiseas na pleanála teanga. Níor éirigh leis an Roinn na scéimeanna áiride sin a fhógairt go dtí amach sa samhradh. De bhrí go raibh an t-am ag sleamhnú, go raibh mífhóghid sa bpobal agus ar mhaithe le gníomh muiníne go ndéanadh an Roinn beart de réir briathair a léiriú, shocraigh an Fóram bualadh chun cinn. Mar sin, i ndeireadh mhí na Bealtaine d'aontaigh an Fóram glacadh leis an tairiscint nua, in ainneoin nárbh í sin an tsuim airgid ná an tacaíocht foirne a bhí á éileamh ag an bhFóram.

Chaithfí cuideachta a bhunú le go mbeadh eagraíocht ann a bheadh cláraithe go reachtúil leis an bplean a chur i bhfeidhm. Aontaíodh go nglacadh Seán Breathnach, as na Forbacha, Máire Ní Neachtain as an Spidéal agus Tomás Ó Neachtain as Baile na hAbhann, baill de Choiste Stiúrtha an Fhórait an fhreagracht orthu féin, le tacaíocht agus comhairle ó fheidhmeannaigh Údarás na Gaeltachta cáipéisí cuideachta a chur i dtoll a chéile, a aontú agus an chuideachta a chlárú. Tá an obair sin ar thob a bheith curtha i gcrích. Fostófar duine amháin, mar thús, leis an obair a chur sa tsiúl agus ní fada anois go bhfógrófar an post sin. Beidh an té a fhostófar lonnaithe in oifig a bheas lárnach agus feiceálach i gceantar Chois Fharraige le súil is go n-aithneoidh an pobal an t-ionad mar Ionad Buail Isteach, áit a mbeidh eolas, treoir agus comhairle ar fáil maidir le chuile ghné de chúrsaí Gaeilge sa bpobal,

áit a gcuirfear fáilte roimh thuairimí agus roimh mholtaí agus roimh thairiscintí ón bpobal ar thacú le cur chun cinn na Gaeilge i chuile ghné de shaol poiblí agus teaghlaigh an cheantair.

Tá an Polasaí Oideachais Gaeltachta (POG) á chur i bhfeidhm sa gcúig bhunscoil agus sa dá iarbhunscoil sa gceantar. Tabharfar aitheantas mar scoil Ghaeltachta do chuile scoil sa nGaeltacht a chuirfidh critéir atá leagtha amach ag an Roinn Oideachais agus Scileanna i bhfeidhm. Gné shuntasach den POG go bhfuil úsáid agus cothabháil na Gaeilge sa scoil agus sa bpobal Gaeltachta áitiúil mar cheann de na critéir leis an aitheantas sin a dheimhniú. Dualgas nua agus cúram breise é seo ar scoileanna Gaeltachta, ceangal nach bhfuil luaite le scoil de chineál ar bith eile taobh amuigh den Ghaeltacht. Is fiú breathnú ar



Conradh á shíniú idir Seirbhísí Pleanála Teanga agus Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga Bealtaine 2015, le Plean Teanga a réiteach do cheantar Chois Fharraige. Ó chlé: Máire Ní Neachtain, Cathaoirleach an Fhórait, Colm Ó Cinnseala agus Mait Ó Brádaigh ó Sheirbhísí Pleanáil Teanga agus Donncha Ó hÉallaithe, Rúnaí an Fhórait.

an bhfreagracht seo mar sin féin mar dheis le muintir an cheantair, de chuile aoisghrúpa, cuma gasúir in aois scoile acu nó gan a bheith, a thabhairt le chéile ag ócáidí éagsúla agus ar bhealaí cruthaitheacha le sealbhú teanga idirghlúine a threisiú.

Sé cinn fhichead de Limistéir Phleanála Teanga(LPT) atá leagtha amach in Acht na Gaeltachta 2012. Tá a gcuid sainriachtanais agus a gcuid dúshláin éagsúla féin ag chuile cheann de na limistéir sin. Tá achar na limistéar, ceistanna infrastruchtúir, cúrsaí fostaíochta, gan trácht ar dhaonra an cheantair, cumas Gaeilge an phobail, líon na gcainteoirí Gaeilge, a mhinice is a labhraíonn daoine Gaeilge, ar chuid de gnéithe a dhéanann idirdhealú idir na limistéir sin. Mar sin féin, tá roinnt mhaith ábhair i bpáirt ag na LPTanna freisin agus ó thosaigh an próiseas Pleanála Teanga, in ainneoin gur eagraigh Údarás na Gaeltachta roinnt ceardlanna le ceannagraíochtaí na LPTanna a thabhairt i gceann a chéile, ba léir go raibh gá le heagraíocht neamhspleách a dhéanadh ionadaíocht ar na LPTanna ar fad ar mhaithe le nasc a láidriú idir na LPTanna agus le guth aontaithe a thabhairt dóibh sa bpróiseas pleanála teanga.

Bunaíodh **Gaeltacht Bheo** ar an 15 Meán Fómhair agus é mar cheann de na príomhspriocanna ag an eagraíocht taithí agus saineolas a roinnt ar a chéile, a chinntiú go gcuirtear na hacmhainní cuí ar fáil do na LPTanna agus go mbeidh oiliúint á cur ar fáil agus taighde á dhéanamh de

réir mar a theastaíonn.

Ní scéal rúin ar bith é go bhfuil géarchéim teanga sa gceantar. Táthar ag druidim i dtreo múnla dátheangachais. Tá dúshláin ag teaghlaigh gur rogha leo Gaeilge a bhuanú mar theanga an bhaile, tá dúshláin ag pobail scoile de bharr éagsúlacht cumais agus úsáide Gaeilge i measc daltaí agus tuistí, tá dúshláin ag daoine gur mian leo Gaeilge a úsáid sa saol gnó áitiúil agus in imeachtaí sóisialta an phobail. Léiríonn an taighde a déanadh mar chuid de réiteach an phlean gurb é mian fhormhór mór an phobail go leanfadh cáil Chois Fharraige mar Ghaeltacht agus gur mar sin a aithneofar é. Tá rogha teanga fós againn i gCois Fharraige. is féidir linn rogha a dhéanamh tacú leis na straitéisí a moltar sa bPlean Teanga a chur sa tsiúl lena chinntiú go bhféadfaidh an Ghaeilge a hionad reatha mar theanga ceannasach, i réimsí poiblí agus teaghlaigh a choinneáil agus gur Gaeltacht a bheas sa gceantar amach anseo dá réir sin.

Is maith ann plean teanga ach ar deireadh thiar is cainteoirí gníomhacha a chothaíonn beatha teanga ar bith. Is treise ar fad gníomh pobail ná mian pobail. Beidh Plean Teanga Chois Fharraige á chur i bhfeidhm ar bhealach céimnithe, struchtúrtha gan rómhoill, ach beidh rath an phlean ag braith go mór ar ghníomh dearfach ó chuile dhuine agus ó chuile aicme sa bpobal, beag beann ar chumas Gaeilge. Labhair a bhfuil agat di, cuir lena bhfuil agat di, agus cuidigh leis an té gur mian leis/léi tógáil ar a bhfuil de Ghaeilge aige/aici. ■

Roinnt Dánta ó Choláiste Cholmcille

An Lon Dubh Amuigh

Róisín Ní Chonghaile

Daoine ag caint, daoine ag sioscadh,
Iad uile ag obair go dian,
Bileoga ag casadh 's ag bualadh faoi chéile.
An múinteoir ag siúl thart
Ag féachaint ar fhilleáin.

Meas tú an mbeidh an obair bhaile déanta?
Amuigh taobh amuigh
Tá an fharraige tráite,
An lon dubh ina suí,
Ina suí ar pholl,
Amuigh sa pháirc,
Ag breathnú isteach orm,
Ag scríobh an dáin.

An múinteoir crosta,
Mar nach bhfuil fillteáin againn,
An lon dubh ag féachaint orainn,
Is í ag smaoineamh,
Cén fáth nach bhfuair siad fillteáin
Leis an máistreás a choinneáil sásta?

Anseo *Clodagh McCoy*

Sa rang Gaeilge,
Feicim go leor daoine,
Ag caint, ag scríobh,
Ag obair go crua.

Cloisim siosarnach páipéir is plaisteach,
Is pinn ag scríobh go sciobtha,
Cloisim an múinteoir ag labhairt,
Teoracha do na gasúir á dtabhairt.

Tá mé i mo shuí anseo,
Ag triáil dán a scríobh,
Mar 'sé sin atá le déanamh,
Anseo, sa rang Gaeilge inniu.

Sa seomra ranga *Tomás Ó Curraoin*

Sa seomra ranga,
Tá daoine ag caint,
Go hard is go híseal,
Ag plé rudaí difriúla,
Iad ag scríobh dánta faoin rang,
Is rudaí ag tarlú timpeall orthu,
Cuid ag scríobh dánta fada,
Cuid ag scríobh dánta gearra.

Meáirt Churraoin

Aislinn Ní Thuairisg


Sna hAille, Indreabhán, a rugadh Meáirt Churraoin ar an 12 Nollaig 1913 agus is ann a tógadh é. Is ann freisin a chaith sé an chuid eile dá shaol, seachas roinnt ama a chaitheamh ar an Eachréidh. B'as na hAille a athair, Pádraic, ó thús agus b'as an gCaorán a mháthair, Nóra. Bhí ochtar clainne acu, cúigear iníon agus triúr mac – Meaig, Nóra, Bríd, Sarah, Máire, Micheal, Andy, agus Meáirt féin.

D'fhreastail sé ar Scoil Shailearna agus ansin ag an Teic, nó Coláiste Cholmcille mar a ghlaoitear anois air. Dúirt sé le Seán Mháirtín Mhóir Ó Tuairisc in agallamh a rinne sé leis, gur fhan sé sa scoil chomh fada agus a bhí sé in ann. Nuair a chríochnaigh sé ag an Teic, chuir sé lena chuid oideachais ag ranganna oíche le Maurice Duignan go dtí go raibh Maurice in aois a phinsin agus gur shiúil an bheirt acu amach geataí na scoile le chéile den uair dheireanach. B'shin deireadh lena chuid scolaíochta – rud a bhí ait ag an am de bharr nár fhan mórán buachaillí óga ar scoil, ní áirím a bheith ag freastal ar ranganna oíche chomh maith, de bharr go raibh siad ag teastáil sa mbaile chun cabhair a thabhairt le hobair an phortaigh nó obair na feirme agus mar sin de.

Bhí an obair a bhí ar bun ag aos óg an cheantair uile mar a chéile, ag obair ar an bportach, ag bailiú feamainne, ag iascaireacht, ag crúbáil prátaí agus, mar a dúirt iníon Mheáirt, Nora, liom ag déanamh *bundles* de chlocha ar nós cocaí féir, nó 'leachtanna' mar a ghlaoitear orthu uaireanta. Tógadh iad seo chun go mbeadh an talamh réidh agus glan le prátaí agus glasraí eile a chur iontu. D'úsáideadh muintir na háite na clocha a bhíodh ar na leachtanna seo chun claíocha a thógáil chomh maith. Nuair nach mbíodh Meáirt ag tógáil na leachtanna seo, is ar an bhfarraige agus in aice na farraige is mó a thaithin leis a bheith ag obair agus ag caitheamh aon am saor a bhí aige. Cheannaigh sé curach trí sheas ó fhear as an Trá Bháin ar dhá phunt deich agus gan é ach ina leaid óg. Bhí an oiread sin fonn ar a bheith amuigh ar an bhfarraige nár thug sé faoi deara go raibh roinnt damáiste déanta don churach agus, mar sin, b'éigean do Shéainín Beag Ó Tuairisg caoi a chur uirthi dó. Chaith sé tamall ag crúbáil phrátaí in éineacht le Micheal Pheaidí, Pádraic Seoige agus le Mike Davy i mBaile an Chláir, áit a mbíodh an-chraic acu.

Agus Meáirt agus ina fhear óg, dhéanadh sé na rudai céanna a dhéanadh chuile ógfhear eile. Bhíodh sé ag freastal ar dhamhsaí nó ar chéilithe chuile oíche Dhomhnaigh agus d'inis sé in agallamh eile a rinne sé go mbíodh sé féin agus an geaing mar a thugadh sé orthu – é féin, Máirtín Seoige, Tom agus Micheal Pheaidí, Joe Chóil Ó Cualáin agus Joe Séamuis Sheáin Ó Donnachadha – ag dul go dtí an Cheathrú Rua, Seanadh Phéistín agus Seanadh Gharráin chuig na damhsaí. Nuair a cuireadh an cheist air cá raibh na mná ba dheise, dúirt sé gurb í “an áit is fearr le mná deasa a fháil ná ar an gCaisleán, sa gCloch Mhóir agus i Ros an Mhíl”.

Cé gur fuineadh agus gur fáisceadh é as ceantar a bhí sách



Meáirt Churraoin

nádúrtha agus cé go raibh gnáthshaol na háite aige, is cinnte gur fhás sé suas agus gur mhair sé in am a bhí ag borradh le filíocht, le filíocht bhéil, le hamhránaíocht agus le seanchas go ginearálta. Chuir Seán Mháirtín Mhóir Ó Tuairisg ceist ar Mheáirt in agallamh cén uair agus cén fáth ar thosaigh sé ag cumadh. Is é an freagra a bhí aige ná:

MC: Timpeall na bliana 1937, bhí mé ag obair ar an mBóthar Buí thoir ar an gCnoc uair amháin agus mé i mo bhuachaill óg an uair sin. Bhí file ann, mar a thugann muid air, Joe Shéamais Sheáin as Baile na mBrobhach, agus bhí sé ag ceapadh filíochta agus é ag déanamh filíochta, píosaí chuile lá, agus bhí muidne ag briseadh clocha le casúir. Ach uaidh sin a thóg mé féin é agus lean mé dó ansin.

SMM: Ag cur *challenge* ar an bhfile?

MC: Sea, ag cur *challenge* ar an bhfile, ach ar ndóigh ní raibh aon ghair agam air, ach mura raibh fhéin níor lioc mé dhó. Sin é.

Bhí an imirce nó an deoraíocht mar théama agus ábhar ar labhair Meáirt air go minic agus atá thar a bheith lárnach ina chuid filíochta, beagnach chomh láidir is atá an nádúr – nádúr a bhí thart timpeall air ina shaol oibre agus sa mbaile, agus léiríonn sé a mheas agus a thuiscint ar an nádúr agus ar an timpeallacht ina chuid filíochta.

Ocht mbliana is dhá scór d'aois a bhí Meáirt sular phós sé Peige Ní Shuilleabháin as Cuan na Loinge i mBéal an Daingin. Phós an bheirt acu ar an 13 Feabhra 1961 agus bhí ochtar clainne acu sna blianta a bhí le teacht. Sin iad Máire, Pádraic, Mícheál, Áine, Nóra, Rita, Noel agus Rose Ann.

File pobail a bhí i Meáirt Churraoin a chum filíocht béil a bhí thar a bheith lárnach don phobal a raibh sé ina chonaí ann, cé nár fhoilsigh sé cnuasach filíochta as féin riamh agus diabhal mórán suime a bhí aige cnuasach a fhoilsiú, dar lena chlann, nó má bhí níor thaispeáin sé é.

Seo iarracht blaiseadh beag dá shaothar a chur i láthair an phobail dár díobh é in athuair.

Saol an Iascaire

Dearcaigí, a dhaoine agus a chairde,
Tá saol an iascaire arís faoi lán tseoil,
Agus nach maith an scéal go dtáinig an lá sin,
A bhfuil siad go gnóthach ar an gcuan;
Tá na trálacir agus na scipéirí Spáinneach,
Agus iad ruaigthe thar na haigéin anonn.
Agus ní fheicfear a gcuid seolta breá bána,
Ag teacht aniar thar Cheann Caillí níos mó.

Tá iascairí líonmhar sa tír seo,
I lár Chonnacht, ar chóstaí an chuain,
A dhéanfas a ndualgaís go dílis,
A dtréithe agus a mbunadh a chuaigh rompu;
Nuair a gheofas siad na báid údaí déanta,
Agus na hinnill á seoladh chun siúil.
Beidh sliocht ar an obair dáiríre,
Tá an Bord Iascaigh le cúnamh a thabhairt dóibh.

Lucht gairmoids sa tír seo,
Tá buíochas go cinnte ag dul dóibh.
Siad a chuir bonn leis an scéim seo,
Tá slí beatha sa bhfarraige mhóir;
Dhúisigh siad aos óg na tíre,
Ón tromchodladh géar agus ón suan.
Agus tá calafort nua anseo le déanamh,
Sa Lochán ag Carraig Bhéal an Chuain.

Ní bheadh an churach in úsáid sa lín seo,
Mar tá sí rólag ar an gcuan.
Tá na báid seo an-acmhainneach déanta,
A ghafas in aghaidh maidhm agus tonn,
A thógfas a gcúrsa glan díreach,
Is cuma calm nó lánghála mhóir.
Ach beidh an t-iascaire gnóthach sa saol seo,
Go háirithe sna blianta atá romhainn.

Anseo, cois na gcladaí, mhair fíorscoth na ndaoine ann,
Le cruatan agus dílseacht an ghlúin a chuaigh romhainn.
Na báidíní canbháis ag snámh os cionn taoille
Agus gan ann ach an píosa idir iad agus an tonn;
Ag fáil a gcuid corcaí agus na slata á bhfíochán,
An pota gliomach á dhéanamh i mí Meithimh agus Iúil.
Ach tháinig an t-athrú, tá an saol ag dul timpeall,
A bhfuil trálacir na tíre seo ag teach ar an gcuan.

Má dhearcann muid siar ar an am sin,
Agus ar an líne atá imithe i bhfad romhainn.
Le deacracht agus dílseacht a gcnámha,
Agus a n-aghaidh ar an bhfarraige mhóir;
Gan acu ach curaichín adhmaid,
Agus an maide rámha á cur in aghaidh tonn,
Agus breathnaigh ar an bhfeabhas mór,
A bhfuil trálacir na tíre ar an gcuan.

Nach iontach mar a mhair siad an t-am sin,
Le tréan obair láimhe agus le stuaim.
Ag stócaíl na bpotaí ó Mhárta,
Agus na corcaí á gceannach Tigh Mhoons;
Na slata á bhfíochán le lámha,
Agus an pota gliomach mí Meithimh agus Iúil.
Scilling an dosaen an t-am sin,
Agus nár mhaith an pháighe seachtaine a bhí ann.

Imirce

Mo bhrón go héag gur fhan mé in Éirinn,
Nár thug mé an ruaig údaí thar sáile anonn,
Ag siúl trí chathracha agus na Stáit le chéile,
Nó go dtógfainn léargas as an radharc ansiúd

Ní shin é a cheap mé go cinnte a dhéanfainn,
Mé fágtha im' aonar, mo chreach agus mo bhrón.
Ach dul thar farraige amach sna Réigiúin,
Más ins na spéartha é nó ar bhord na long.

Leabhar agus páipéar, a bhfuil go leor agam léite,
Na páipéir laethúla ó Luan go Luan,
Ná tabhair aon aird orthu ach déan tú féin é,
Bíodh t-eolas féin agat go cruinn agus go buan.

Dá ndéanfainn smaoineamh agus go bhfágfainn Éirinn,
Agus go gcaithfinn téarma sna tíortha thar lear.
Go n-oibreoinn cneasta dóibh idir comharsana agus gaolta,
Agus gach náisiún daoine idir dubh agus geal.

Nach mb'fhearr ar imirce amach sna tíortha,
Ná anseo go díomhaoín ó theach go teach.
Ag obair tamall beag ar pháigh íseal,
Bá é a mhalairt cinnte é sna tíortha thar lear.

Thug mé an gealladh údaí go luath le m'óige,
Go dtabharfainn an *stroll* údaí amach sa saol,
Go siúlfainn cathracha agus bailte móra,
Ach, céad faraor dóite, ní hamhlaidh a bhí.

An bóthar mór fada údaí a thóig ár muintir,
Agus a thóig ár sinsir a bhí imithe romhainn,
Bóthar na himirce atá amach sna tíortha,
Ar oibrigh ár muintir go ceart agus go cóir.

Nach ar an imirce a mhair ár dtírín,
Agus a mhair ár muintir atá imithe romhainn,
Sna tíortha iargúlta atá isteach san Ríochtaí,
A bhfuil an t-allas síos leo go béal a mbróg.

Chaith mé téarma sa gceantar tíre úd,
Idir Claí an Dá Mhíle agus an Chairn Mhóir.
Ag obair thart ansin ar pháighe íseal,
Ach go mb'fhearr liom cinnte ar an Turlach Mór.

B'áit liom tamall sa taobh sin tíre,
Bhí an Ghaeilge líofa ann san am fadó,
Bhí féile agus flaithiúlacht le fáil ina dtimpeall,
Bhí fáilte ó chroí ann roimh shean agus óg.

Ní mholfadh an spailpín leath chomh cruinn iad,
Ní grá thar cuimse a bhí aige dóibh,
Ach amuigh sna páirceanna ó Luan go hAoine,
Agus ag rómhar créafóige ó mhoch go nóin.

B'fhearr leis ar imirce taobh thall den taoille,
Agus a bheith ag obair dian ann ar pháigh mór,
Ná i measc na bhfeilmearaí atá thall sa taobh seo,
Idir Claí an Dá Mhíle agus an Chairn Mhór.

Ní raibh an bheatha go maith acu le bheith dháiríre,
Ní raibh sult ná suaimhneas in aice leo.
Go mb'fhearr leis tamall eile a chaitheamh nó téarma i bpríosún,
Ná a theacht ina ngaobhar arís níos mó.

An Mada

A chomharsanaí an bhaile, a chlanna agus a ghaolta,
Éistigí go cruinn liom go míneoidh mé mo chás.
Mo mhada atá imithe agus ní fheicfidh mé choíche é,
Ar pé ceantar den tír seo a chuaigh sé le fán.

A bhuachaillí an bhaile anois, éirígí amach díreach
Agus cuartaí gí go cruinn é go híseal agus go hard.
Ná fágaigí aon bhrocach ná scailp dá bhfuil timpeall,
Nó dá bhfuil ó Thrá Mhaínis go tóin Chontae an Chláir.

Rachaidh mé go Casla go ndéanfad é a chraoladh,
Tá na craoltóirí gníomhach ach is len' aghaidh atá siad ann.
Fógróidh mé ar an aer é thar mhórleath na tíre,
Ach b'fhearr lá an aonaigh go bhfeicfinn Seán Bán.

Coinnígí oraibh agus cuartaí gí go dian é
Sleamhnaigh timpeall ar bhóthar Uachtar Ard,
Coirnéil ná casadh ón Léim go dtí an Lónán,
Ach íocfaidh mé libh síntiús má bhíonn sé le fáil.

Fuair mé glaoch gutháin ar maidin Dé hAoine,
Go raibh sé i Rinn Mhaoile dhá uair roimh an lá.
Gur ghearr sé leis trasna bhoga agus dhíoga,
Agus gur lean sé na caoirigh a bhí in aice Chnoc Meá.

Cuartóidh mé Gaillimh agus Órán taobh thíos de,
Soir faoi Bhleá'n Rí agus anoir Baile an Chláir.
Timpeall Loch Coirib agus Loch Measca atá taobh léi.
Ach gur léigh mé sa scríbhinn go raibh sé tamall sa snámh.

Leanfaidh mé an cuartú mar tá mé dháiríre,
Beidh an scéala ag dul timpeall, go mbeidh dreim ar an gcarr.
Tá an uimhir agam agus an ceadúnas íoctha,
Ach bíodh sé ríchainte go n-íocfaidh sé an cás.

Fuair mise litir ón gcustaim Dé hAoine,
I mBéarla sea bhí sí scríofa le láimh,
Go bhfaca na cailíní ar uair an mheán oíche é,
Ina shuí ar an mbinse ar Chúirt Bhéal an Átha.

Chuaigh mé chuig an mbeairic go ndéanfainn cúis dlí dó,
Chuir an sáirsint i scríbhinn gach ní a bhí mé a rá.
Déanfar é a fhiosrú agus cuartófar go dian é,
Ins gach ceantar sa taobh seo agus ón tSionainn anall.

Thug sé foirm i litreacha scríofa,
Agus bhí m'ainm go cruinn aige scríofa óna láimh.
Ná déan é seo a aithris in aon cheantar ina mbíonn tú,
Mar beidh an scéala ag dul timpeall go mbeidh greim ar an gcarr.

Tabharfaidh tú go Gaillimh é agus deifir á shíniú,
Agus sín ag an dlíodóir é isteach ina láimh.
Fáiscfidh sé branda agus séala taobh thíos air,
Agus rachaidh mé faoi duit go réiteoidh sé an cás.

Tá an chúirt ar an mbealach ag teacht faoi Fhéile Bride,
Beidh na dlíodóirí cruinn ann agus na fianaisí i láthair.
Lucht nuachta agus taistil ag dul i mbun scríbhinn,
Tá na príondálaithe gníomhach, beidh siad íoctha as láimh.

Fuair mise cuntas ó theachtair caoithiúil,
Go raibh sé ag an aerfort dhá uair roimh an lá.
Gur tógadh ar eitleán trasna na cúige é,
Agus gur ísligh sí tráthnóna istigh in Inis Meáin.

A mhuintir an Oileáin, má dhéanann sibh é a dhúiseacht,
Caithigí go fiúntach leis agus tugaigí dó arán.
Iontaigí ar ais é go dtí a fhíorbhaile dhúchais,
Mar sin é gan chuntas áit a athar agus a mháthar.

An Pótaire agus An Pionta

An Pionta

A phótaire, a chara, an bhfuil tú ag brath ar mé a shéanadh,
Agus a liachtaí oíche spéiriúil a chaith mise leat.
Ba chomhluadar geanúil mé ag comhchruinniú agus ag aonach,
Agus nár thóg mé do chroí duit sna blianta chuaigh thart.

An Pótaire

Ara, muise a ghadaí, ní mholaimse tú in aon chor,
Is tú a d'fhág liom féin mé gan bothán ná leac.
Ag imeacht ag taisteal ar bhóithre na hÉireann,
Ná fiú amháin mo ghaolta, ní ligfidh mé isteach.

An Pionta

Nach minic a shuigh muid an bheirt againn le chéile,
Agus dar m'anamsa féin, gur bhreá í do scairt.
Ach seachain, a chara, an ndéanfá mé a shéanadh,
Sonas agus séan ort, agus ná tréig mé ar fad.

An Pótaire

Dá ndéanfainn in am é, ach anois tá sé ródheireanach,
Agus dá ngéillfinn don chléir, ní bheadh aon phlé agam leat.
Níl bean agam ná céile a réiteodh mo bhéile,
Níl lacha ná gé agam, coileach ná cearc.

An Pionta

Ná bí ag caint mar sin liomsa, bhain tú sásamh as an saol seo,
Bhíodh spóirt againn le chéile, bhí an Guinness go maith.
Ach seachain, a chara, a ndéanfá mé a thréigint,
An té a chruinnigh na céadta, níor mhair siad ach seal.

An Pótaire

Ach breathnaigh anois mé agus nach náireach mo scéal,sa,
A bhfuil d'fhiacha le n-íoc agam le gach duine thart.
Próis agus *summons* ag teacht agam i ndiaidh a chéile,
Mar thóg mé na céadta sa *National Bank*.

An Pionta

Ná bíodh imní ar bith ort, ní tada an méid sin,
Mar gearrfar sna ráitis é mura bhfuil aon phingin agat.
Ach a chomrádaí dhílis, ná déan mise a thréigint,
Ní bheidh bliain ar an saol agat má éiríonn tú as.

An Pótaire

D'ól mise tú, a phionta, nuair a bhí tú ar dhá phingin againn,
Agus a Dhia agus a Chríosta, nach mise atá sean.
D'ardaigh tú ansin orainn suas go naoi bpingine,
Ach nuair atá leathchoróin le n-íoc ort, tá an diabhal ort ar fad.

An Pionta

Beirimse mo mhallacht do Rialtas na tíre,
'Sé Jack Lynch an Taoiseach a chroch mé ar fad.
Ach tuigim mo mhionna agus bíodh vótáil arís ann,
Deamhan arm na reignite a chuirfeadh mé amach.

An Pótaire

Scéal cam ort, a chleasaí, is tú a d'fhág i mo reic mé,
Ag sioscadh liom féin, gan tine ná teas.
Ach i ngreim ins an bpionta le barr mo chúig méara,
Ins na blianta fré chéile a chaith mise leat.

An Pótaire

An té a chruinnigh na céadta, ní mhaithfidh mé go héag duit,
Agus faraor crua géar, má dhéileáil mé leat.
A bhfuil de phórtar ag Guinness agus ag comhlacht fre chéile,
Mar tá a fhios ag an saol é gur ól mé mo cheart.

An Pionta

Ólfaidh tú tuilleadh, ní hé deireadh an tsaoil é,
Nuair a fheiceas tú ag an óstóir mé dom shocrú faoin *tap*.
Lá Nollaig nó féile ag bainis nó ag féasta,
Ní bheadh aon chaoi ar an bhféile mara mbeinnse ina measc.



Ar chúl: Máirtín a' Bhreathnaigh, Nan Phádraic Thaidhg,
Maidhc Phádraic Thaidhg, Chun tosaigh: fear a bhí ar Choiste na
bPáistí, Judeen na mBreathnaigh agus ??? Pic Kevin Maidhc



Maidhc Phádraic Thaidhg, a bhean chéile Judeen agus Jim
Whelton, fear Nan Phádraic Thaidhg, John Joe agus Pádraic
Mhaidhc Phádraic Thaidhg, agus Caroline Whelton, an cailín
beag a maraíodh lá a Céad Chomaoineach. Pic Kevin Maidhc

Cuid d'Fhoirne an Cheantair



Foireann Camógaí Chois Fharraige (Sóisear) a shrois babhta leathcheannais an chontae 2018:

Ar chúil, ó chlé: Treasa Ní Chadhain, Léan Breathnach, Caitriona Ní Churraoin, Tiffany Ní Choistealbha, Sorcha Ní Fhrighil, Áine Ní Chonghaile, Anna Ní Odhráin-Ní Mhurchú, Áine Ní Laoi, Fionnuala Ní Ghronell, Becky Ní Éallaithe, Laura Ní Iffernáin, Blanca Ní Dhonnabháin.

Chun tosaigh, ó chlé: Mary Ní Fhéinneadha, Áine Ní Dhúill, Sadhbh Ní Cheallaigh, Dearbhail Ní Chaoimh, Aoife Nic Dhonncha, Meala Ní Choistealbha, Máire Ní Fhrighil, Adhna Nic Dhonnacha, Bébhinn Breathnach-De Faoite.



Foireann sacair Chois Fharraige leis an gCorn a bronnadh orthu tar éis dóibh Dynamo Blues ó Thuama a bhuaileadh 4 – 1, le críochnú ar bharr an tábla sa gcomórtas sraithe (Roinn 3). Tá siad ag imirt i Roinn 2 i mbliana agus ag déanamh go maith.

Ar chúil ó chlé: Aodán Ó Maoileoin (Bainisteoir), Colm Neachtain, Seán Ó Donnacha, Máirtín Ó Cualáin, Cuán Mac Dughbhaill, Cathal Ó Conghaile, Eoin Ó Coistealbha, Leon Mac Lochlainn (Capt.), Dara Mac Dubhghaill, Seán Comerford, Rónán Mac Donnacha, Niall Mac Diarmada (Bainisteoir), Tomái Ó Conghaile.

Chun tosaigh ó chlé: Dinny Ó hÉallaithe, Luke Ó Riada, Gerry Curran, Dónal Ó Ceallaigh, Mikey Ó Conaire, Cóil Ó Coistealbha, Marty Ó Curraoin, Chris Beatty, Ciarán Thornton.



**Foireann peile na mban (sóisear) Chumann Mícheál Breathnach,
leis an gcorn a bronnadh orthu mar bhuaiteoirí ar Sraith Sóisear an Iarthair 2018.**

Ar chúil, ó chlé: Terence Mac Donnacha (Traeneálai), Ciana Ní Churraoin, Zana Ní Choistealbha, Meadhbh Ní Dhireáin, Aobh Nic Dhubhghaill, Fódhla Ní Bhraonáin, Caitríona Ní Churraoin, Sinéad Ní Mhaoldáin (Capt.), Emma Ní Choistealbha, Becky Ní Éallaithe, Eimear Ní Bhiadha, Kevin Mac Donnacha (Bainisteoir).

Chun tosaigh, ó chlé: Ailbhe Breathnach, Clodagh Ní Dhireáin, Mary Ní Fhéinné, Meala Ní Choistealbha, Majella Nic Dhonnacha, Fíona Nic Dhonnacha, Sadhbh Howlin, Adhma Nic Dhonnacha, Éabha Nic Dhonnacha, Casey Craughwell. [In easnamh ón bpictiúr: Aifric Ní Ghibne]



Lámh an Easpaig ar an gCnoc i dtús na seachtóidí

Sadie Ní Choistealbha (1), Áine Ní Chéidigh (2), Sarah (Patch) Ní Chualáin (3), Máirín Ní Fhlatharta (4), Carmel Ní Fhlatharta (5), Mairéad Ní Chiardha (6), Eibhlín Ní Fhatharta (7), Bríd Ní Fhatharta (8), Imelda Ní Thuairisg (9), Peigín Ní Thuathail (10), Catherine Ní Mhainnín (11), Mairéad Ní Chadhain (12), Máire Ní Churraidhín (13), Bríd Ní Dhonnchú (14), Neansaí Ní Choistealbha (15), Úna Ní Fhinneadha (16), Méadbh Ní Oistín (17), Bríd Ní Thuathail (18), Bríd Uí Dhonnchadha (Múinteoir) (19), Bairbre Ní Churraidhín (Múinteoir) (20), An tArd Easpag Seosaimh Ó Cuinneáin, Tuaim (21), Phyllis Ní Churraidhín (Múinteoir) (22), Cáit Uí Chiardha (Múinteoir) (23).



Bainis Thaidhg Mhicilín

Ar chúl, ó chlé: *Tadhg Mhicilín Ó Cualáin (chaith sé an chuid is mó dá shaol i Watford Shasana agus d'fhill ar a dhúchas Both Chuanna i ndeireadh a shaoil) (3ú duine); Séamas Mhicilín Ó Cualáin, Both Chuanna agus a bhean Mairéad as Longfort (4ú agus 5ú duine) ar lá a bpósta i mBaile Átha Cliath agus Michael Casey, Longfort (8ú duine).*

Chun tosaigh, ó chlé: *Jim Ó Conaill, Baile Chláir; Mike Mhicilín Ó Cualáin agus a bhean Betty, Both Chuanna; Micheál Ó Conaill, Baile an Chláir; Bríd Mhicilín, Sráidbhaile an Spidéil; Kieran Casey, Longfort agus Frank Casey, Longfort. Ba deartháireacha le Mairéad iad Michael, Kieran agus Frank Casey.*



Taobh istigh de Tigh King, Mairéad King (Morrissy roimh phósadh di) taobh thiar den chuntar ag freastal ar Cháit Ní Chadhain as na Minna. Tógadh an pictiúr thart ar 1958/59.

Cumann Liathróid Láimhe Micheál Breathnach ag Craobh Liathróid Láimhe an Domhain, 2018

Mairéad Ní Thuathail

Chuile thrí bliana a bhíonn Craobh an Domhain sa liathróid láimhe ar siúl agus i mbliana is i Minnesota Mheiriceá a tionóladh an chomórtas. Seachtar ón gCumann a shocraigh dul in iomaíocht ar an stáitse is mó dá bhfuil ann sa spórt seo. Toghadh Frances Uí Churraoin ón gCumann mar Oifigeach Idirchaidrimh le foireann na hÉireann. Shroicheadar Minnesota trí lá roimh an gcomórtas – bíonn sé tábhachtach na cúpla lá sin a bheith agat le dul i dtaithí ar an aeráid agus ar an éifeacht a bhíonn aige ar luas na liathróide, na cúirteanna agus ár ndóigh an tuirse aerthuais.

Ceithre chód a imrítear agus thosaíomar leis an gcód 'Aon Bhalla'. Tá fás ollmhór tagtha ar an gcód seo le blianta beaga anuas agus tá an t-ádh linn go bhfuil halla Scoil Sailearna ar fáil don Chumann don traenáil seo. Chríochnaigh an comórtas le '40 x 20' singil agus dúbailte agus ár ndóigh tá pinniúr den scoth againn don traenáil, taobh le Páirc an Chnoic.

D'éirigh leis an gCumann 7 mbonn san iomlán a thabhairt ar ais go Cois Fharraige an geábh seo.

- * Bonn óir sa ngrád 40 x 20, Mná faoi 23 bliana, singil a bronnadh ar **Ciana Ní Churraoin**, Coill Rua.
- * Bhuaigh **Eimear Ní Bhiadha**, An Bóthar Buí, Craobh B Dúbailte san 'Aon Bhalla' agus sa '40 x 20' in éineacht lena páirtí Aisling Ní Mhaoláin, Inis Mór, chomh maith le bonn airgead sa ngrád 'Aon Bhalla', Mná 19 mbliana nó níos óige.
- * Ba é **Eimhin Ó Diollúin**, Púirín, a thug leis an Craobh Buachaillí 17 mbliana nó níos óige 'Aon Bhalla', chomh maith le bonn airgid sa chomórtas dúbailte sa ghrád céanna.
- * Ar dheireadh, bhuaigh **Cliona Ní Chonghaile**, Cor na Rón, bonn airgead sa ngrád '40 x 20' dúbailte

do chailíní 13 bliana nó níos óige, in éineacht lena páirtí Katie Ní Dhonnacha, Inis Mór.

Tá sé go deas boinn a gnóthachtáil ár ndóighe, ach is breá an rud é a bheith ag déanamh ionadaíochta don Chumann beag seo as Cois Fharraige, ag an leibhéal is airde.

Ní fhéadaimis freastal ar chomórtas den scála seo gan tacaíocht. Bhronn ár bpríomh-urraitheoir, Micheál Ó Foighil, 'Coláiste Lurgan', seit geansaithe nuadheartha ar iomaithoirí an Chumainn agus bhronn Brian Curran 'Kilroe Plant Hire' hoodies ar chuile dhuine a bhí ag taisteal go Minnesota. Bhí feachtas bailiúcháin airgid ar bun againn féin freisin ar feadh 10 mí sular fhágamar i bhfoirm Comórtas 'Liathróid Bónais' – feachtas ar éirigh thar cionn leis. Freisin, thug riar mhaith eagraíochtaí eile tacaíocht airgeadais dúinn, a chabhraigh go mór.

Le cúnamh traenáilaithe deonacha agus tacaíocht ó thuismitheoirí, coinneoimid orainn ag forbairt scileanna agus ag gríosadh aos óg Chois Fharraige. Le cúnamh Dé, leanfar leis an traidisiún láidir atá sa cheantair sa spórt Gaelach seo. In Éirinn atá Craobh an Domhain 2021 agus beimid ag súil le neart ball a bheith páirteach ann. ■



Micheál Ó Foighil, Coláiste Lurgan ag bronnadh seit gheansaithe nua-dheartha ar iomaithoirí Craobh an Domhain 2018
ó chl: Feidhlim Ó Diollúin, Eimear Ní Bhiadha, Mike Dillon, Micheál Ó Foighil, Ciana Ní Churraoin, Cian Ó Conghaile, Eimhin Ó Diollúin agus Cliona Ní Chonghaile

Féile na nGael 2018 i gCois Fharraige

Colm Ó Coisdealbha

I mí Meitheamh na bliana seo ghlac foireann iomána faoi-14 CLG Mícheál Breathnach páirt i gcomórtas Náisiúnta Fhéile na nGael. Reáchtáiltear an comórtas iomráiteach seo i gContae nó i gCúige difriúil chuile bhliain agus b'iad Cúige Chonnacht a bhí i mbun a eagraithe i mbliana. D'fhág sé sin go raibh deis ag foirne iomána an chúige páirt a ghlacadh sna himeachtaí, a nglacann 5,000 gasúr páirt iontu, fad agus go raibh siad sásta foireann as contae éigean eile a óstáil.

Níor theastaigh uainn an deis a bhí ar fáil dúinn a ligean tharainn ach ag an am céanna thuig muid go mbeadh beagán oibre i gceist leis. An dúshlán is mó a bhain le páirt a ghlacadh sa gcomórtas ná a chinntiú go raibh dóthain tuismitheoirí sásta lóistín a chur ar fáil don fhoireann a bheadh ag fanacht linn. Ba mhó arís an dúshlán, ó tharla an lóistín sin a bheith ag teastáil le linn shéasúr na gColáistí Gaeilge. Is croí-luach de chuid an chomórtais go ndéantar foireann a óstáil i dtithe na foirne áitiúil ionas go bhfaighidh na gasúir deis aithne a chur ar a chéile.

I ndiaidh dúinn an scéal a phlé leis na tuismitheoirí, ba léir go raibh an tacaíocht ar fáil agus tuigeadh gur deis a bhí anseo nach bhfaighfí arís go ceann roinnt blianta. Cuireadh coiste beag eagrúcháin le chéile ar a raibh Tomás Ó Neachtain, Colm Ó Coisdealbha, Frances Uí Churraoin, Sorcha Ní Mhonacháin, Aisling Ní Neachtain agus Rita Uí Choisdealbha. Bhain roinnt costais le heagrú an chomórtais, go háirithe ó thaobh geansaithe a chur ar fáil don fhoireann, costais taistil agus oíche shóisialta a eagrú dár gcuaiteoirí, JK Brackens as Tiobraid Árann. Rinne muid teagmháil le roinnt eagraíochtaí áitiúla le féachaint an mbeidís in ann tacú linn. Tá muid thar a bheith buíoch do na grúpaí agus na heagraíochtaí ar fad a thacaigh linn ar aon bhealach. Rinne Comhar Creidmheasa Cholm Cille urraíocht ar gheansaithe slachtmhara don fhoireann agus bhí ócáid bhronnta againn ar an bpáirc roimh thús an chomórtais. Chomh maith leis sin, d'íoc Comharchumann Shailearna as an gcostas a bhain le beatha a chur ar fáil don ócáid shóisialta, chuir Scoil Sailearna an halla ar fáil dúinn agus chuir Údarás na Gaeltachta agus Cumann Forbartha Chois Fharraige urraíocht ar fáil dúinn.

Cuireadh tús le himeachtaí ar pháirc na himeartha tráthnóna Dé hAoine, an 8 Meitheamh, nuair a thaisteal muid go hEanach Dhúin. Cé nár éirigh linn i gceachtar de na cluichí ar an oíche sin, thug na buachaillí taispeántais maith uathu in aghaidh na foirne baile agus foireann Emmet

Carn an Bhua as Cill Mhantáin. Bhí níos mó den rath ar JK Brackens a bhuaigh an dá chluiche a bhí acu féin. Thaisteal muid anoir an oíche sin agus é deireanach go maith nuair a shroich muid páirc Mícheál Breathnach agus na cuairteoirí inár dteannta.

Ar maidin Dé Sathairn a bhí an cluiche i gcoinne JK Brackens ar pháirc Mícheál Breathnach. Ní raibh aon údar mór dóchais againn théis imeachtaí na hoíche roimhe ach mar sin féin bhí muid sa mbaile agus muid ag súil le taispeántas maith a thabhairt. Ardú croí a bhí sa ngarda onórach a thug an fhoireann sóisir agus muid ag déanamh ár mbealach amach ar an bpáirc. Bhí atmaisféar iontach le brath agus slua breá i láthair. B'iontach an taispeántas a thug an fhoireann áitiúil ó thús go deireadh an chluiche. D'imir buachaillí na háite le croí, díograis agus scil mar a rinne siad go minic roimhe sin i gcaitheamh na bliana. Nuair a séideadh an fheadóg deireadh is le CLG Mícheál Breathnach a bhí an lá leis an scór 1-4 i gcoinne 0-3.

D'fhág an bua sin go raibh an cluiche ceathrú ceannais bainte amach againn. Is beag ama a bhí ar fáil dúinn agus muid ag deifriú i dtreo Ros Comáin chun imirt i gcoinne Chumann an Athar Uí Daltúin as Contae na hIarmhí. Idir an taisteal, an teas agus iarrachtaí na maidine, níor fhéad muid an imirt chéanna a dhéanamh sa gcluiche sin agus faraor bhí ár gcuid imeartha críochnaithe againn.

Tá an-chreidiúint ag dul don fhoireann iomána faoi cheithre bliana déag seo as na taispeántais a thugadar i gcaitheamh na bliana. Bhuadar a gcuid cluichí grúpa ar fad cé is moite de cheann amháin i gcraobh an chontae agus bhí ruainne den mhí-ádh orthu le gortuithe i gcluiche leathcheannais Chorn an Chontae. Ach seachas aon ní eile, ní dhéanfaidh siad dearmad ar an deireadh seachtaine ar ghlac siad páirt i gComórtas Náisiúnta Fhéile na nGael agus go háirithe an maidin Shatharn sin agus iad ag fáil an cheann is fearr ar sheaimpíní Thiobrad Árann. ■

Líon na Scoláirí i mBunscoileanna an Cheantair 2018 - Máire Ní Fhlathartaigh a bhailigh an t-eolas

Scoil	Príomhoide	Líon	Líon a d'fhág	Líon a thosaigh	Líon i rang 6
Scoil Cholm Cille, Ros an Mhíl	Síle Nic Con Iomaire	55	6	7	6
SN Cholmcille, An Tulaigh	Úna Uí Dhireáin	110	18	13	15
Scoil Sailearna, An Cnoc	Fearghas Mac Lochlainn	192	22	22	19
Scoil Éinne, An Spidéal	Pádraigin Ní Lionnáin	211	31	20	19

Ó Chois Fharraige go hOileán Leòdhais

Liadan, Bróna agus Éadaoin

Is beag a cheap muid ar an gcéad lá de Mheitheamh, agus muid ag caitheamh na leabhra scoile ar an áiléar go ceann roinnt míonna, go dtiocfadh muid ar thuras chomh heachtrúil, ceolmhar agus cultúrtha sin taobh istigh de chúpla seachtain. Bhí samhradh fada, leisciúil, leithleiseach ag síneadh amach romhainn agus muid ag súil go mór leis. Bhí roinnt seachtainí caite againn agus muid ag imeacht le haer an tsoil nuair a tháinig ár dtuismitheoirí chugainn le scéala go raibh fios curtha orainn go hAlbain. Bhí cinneadh le déanamh faoi dheifir. Gan fios againn cá raibh ár dtriall ná an mbeadh Wifi ná hairdryer san áit, shocraigh muid go dtabharfadh muid faoin eachtra.

Phacáil an triúr againn, Liadan Canny as na hAille, Bróna Ní Cheallacháin as an gCré Dhubh agus Éadaoin Nic Dhonncha as Ros an Mhíl, na málaí, chaith na huirlisí ceoil i dtóin an chairr agus thug Doire orainn féin in éineacht le Christina as Muintearas a bheadh ina cara agus ina feighlí iontach dúinn ar feadh na seachtaine romhainn amach. I nDoire an tráthnóna Aoine sin a casadh na baill eile den ghrúpa daoine óga seo orainn – beirt dhéagóirí eile as Gaoth Dobhair a bhí ann freisin faoi scáth Mhuintearais, agus grúpa breá as Carn Tóchair i nDoire a bhí faoi stiúir Phádraig Uí Mhianáin. Bhí tuairim mhaith againn ar an bpointe go n-éireodh go hiontach leis an turas, agus bhí muid ar bís.

Le moch maidine, maidin lá arna mhárach, chuaigh an grúpa iomlán ar an mbus agus thug muid aghaidh ar thuras

mór fada, turas a thabharfadh thar sáile faoi dhó muid agus a mbeadh tréimhsí fada ar bóthar i gceist. Mar sin fhéin, is diabhailtaí an spraoi a bhí againn ar an mbus ó Dhoire, ar feadh uaireantaí an chloig, ag cur amhráin agus ceoil go gealach lenár gcairde nua Gaelacha.

Maidin Dé Domhnaigh, ar deireadh, lá go leith théis dhúinn an baile a fhágáil, leag muid cois den chéad uair ar an oileán. Is cinnte nach é Conamara a bhí ann ach go raibh neart cosúlachtaí ann mar sin féin: bhí sé fuar, bhí míoltógaí beaga ann, bhí go leor fraoigh ann agus drochbhoithre. Mar sin fhéin, ach an oiread leis an áit s'againn fhéin, ba álainn an áit í.

Is i mbaile Steórnaigh a chuir muid fúinn ar feadh na seachtaine agus muid ag freastal ar fheis ceoil, Féis Eilean an Fhraoich, áit a raibh daoine óga as Conamara, Gaoth Dobhair, Carn Tóchair agus daoine óga áitiúla. Ba dheacair Gaeilge Chonamara, Dhún na nGall, Dhoire agus Gàidhlig na hAlban a chur thrína chéile ach d'éirigh linn cumarsáid a dhéanamh le chéile trí cheol agus trí chultúr Gaelach. Bhí muid ag freastal ar ranganna ceoil agus amhránaíochta chuile lá, agus muintir na hAlban ag foghlaim ceoil agus amhráin Chonamara agus muide ag foghlaim ceoil ardchríocha na hAlban. Bhí seans againn freisin cuid den cheol a chóiriú dhúinn fhéin agus a chur i láthair ag coirmeacha ceoil. Sna tráthnóntaí ansin a bhíodh an chraic cheart ann, áit a mbíodh seisiúin cheoil againn chomh maith le turais chuig áiteacha spéisiúla agus stairiúla ar an oileán. Ba mhór an phribhléid dhúinn cultúr na bpobal éagsúil seo a bhlaiseadh agus a fhoghlaim agus léirigh sé tábhacht chultúr s'againn féin dhúinn chomh maith, a roinn muid go fial leo.


Tá na hamhráin agus na poirt a d'fhoghlaim muid casta go minic againn ó tháinig muid abhaile ach, níos tábhachtaí ná sin b'fhéidir, tá spreagadh iontach faighte againn ó thaobh an cheoil agus ár gcultúir de, de bharr an spraoi a bhí againn lenár gcairde nua as Doire agus as Gaoth Dobhair. B'iontach an rud é an seans a fháil. ■



**Rang a 6,
Scoil Cholmille,
Ros an Mhíl:**

*Ar chúil ó chlé:
Marcus Ó hÉaluithe,
Christina Nic Dhonnacha,
Patrick Mac Donnacha*

*Chun tosaigh ó chlé:
Cormac Mac Donncha,
Caoimhe Ní Fhátarta,
Ailaya Ní Ghrianán*



Rang a 6, Scoil Sailearna, 2017/18

Ar chúl ó chlé: Luisne Ní Neachtain (múinteoir Rang a 6), Caoimhe Ní Chualáin, Labhaoise Ní Bhéarra, Dambhait Ní Fháttharta, Méabh Ní Chonghaile, Fraoch Daly, Ciara Ní Chúiláin, Cliona Ní Chonghaile, Colm Ó Curraoin, Oscar Mac Réamoinn, David Ó Máille, Chloe Seoige, Fearghas Mac Lochlainn (príomhoide)

Chun tosaigh ó chlé: Emer Ní Lionáin, Feidhlim Ó Diollúin, Gearóid de Búrca, Patrick Ó Flannaire, Séaghan Ó Braonáin, Caitríona Ní Mhathúna, Ailbhe Ní Neachtain, Victoria Ní Mháille agus Katie Moore. Sa rang freisin bhí Darragh Ó Conchúir agus Cian Breathnach, ach níl siad sa bpictiúr.



Rang a 6, Scoil Náisiúnta Cholmcille, An Tulaigh 2017/18

Ar chúl ar chlé: Oscar Scott, Feidhlim Ó Conghaile, Daniel Mac Dhabhoc, Rian Ó Fátharta, Seán Ó Gaoithín, Caomblú Ó Fathaigh.

Sa lár ar chlé: Pádlhraig Ó Maolalaigh, Eoin Ó Neachtain, Ciarán Mac Fhlannchadha, Ailbhe Ní Mhaoileoin (múinteoir), Oisín Mac an Ullaigh, Lughán Mac Con Iomaire, Iarla Ó Súilleabháin.

Chun tosaigh ó chlé: Gráinne Nic Eochagáin, Francesca Nic an Rí, Megan Hamel, Katie Nic Thábhais, Shíofra Ní Scarláin, Cliona Ní Mhárta.

Cuid de Phóstaí 2018



Sharon Ní Chualáin, Teach Mór, Indreabhán agus Micheál Breathnach, na Creagáin, Indreabhán a phós ar an 4ú Bealtaine.



Katie Breathnach as an gCathair agus Barry Ó Conghaile as an bPúirín a phós ar an 16ú Márta.

Ros na Rún

**Gach rath ar Biseach 2018
ó fhoireann
Ros na Rún.**

Ros na Rún, gach Máirt agus Céadaoin ag 20:30 & Ollchlár ar an Domhnach 19:30 ar TG4.

Bígí Linn

Corn an Iarthair san Iománaíocht ag An Spidéal

Seo an tuairisc focal ar fhocal a bhí san Connacht Tribune ar an 4 Deireadh Fómhair, 1968

An Spidéal 5 – 10

An Caisleán Gearr 2 - 6

Bhí cúis mórtais sa Spidéal oíche Dé Domhnaigh, nuair a thriall na hiománaithe abhaile ó Pháirc an Phiarsaigh, Gaillimh, le Corn Sóisir an Iarthair. Seo é an chéad uair ó 1958 anall a bhuaigh an cumann an Corn agus cé gur scór dúbalta é an toradh deireannach, ní go héascaidhe a fuair an gearraí barr ar Chaisleán Gearr. Den chéad uair ó bhunadh na gceithre roinn sa chondae in 1914, bhuaigh an Spidéal Corn an Iarthair san iománaíocht agus sa bpeil. Cúpla seachtaine ó shin bhuaigh siad an craobh sa bpeileadóireacht den chéad uair

Níorbh mhaith a bheith a rádh go raibh gach gníomh ar an bpáirc ionmholta. D'fhéadfadh a lán locht d'fháil ar an dá fhuireann san gcéad leath mar gheall ar an iomarca suime san ardú. D'éirigh an Spidéal as tar éis athrú na dtaobh agus nuair a luíodar isteach ar an iománaíocht, ní ag ardú an sliotair a bhíodar ach dhá bhualadh go díograsach fan a talamh.

Ar ndó d'fhéadfadh duine an milleán a chur ar fhuireann Chaisleáin Ghearr fhéin mar gheall ar chomh simplí a ligeadar a leas le fána. Ag cur spéise i gcónaí san bhfear agus ag ligint an sliotair le sruth is ea is mó a chailleadar an cluiche sar ar cuireadh fear díobh chun siúil mar gheall ar dhroch-iompair. Bhí sé ina n-intinn go daingean ag an Spidéal cén treo a mbeadh an Corn ag dul um thráthnóna.

De dheasca sin agus uile, cé gur mhaith a thuill an Spidéal an Craobh, caithfidh siad tuilleadh cleachtadh bheith acu. Ní mór dóibh an sliotar a bhualadh fan talamh i bhfad Éireann níos mó os gur ar chraobh an chondae a bheas a dtriall ins na laethanta beaga amach anseo.

D'imir Caisleán Gearr le cúnamh na gaoithe ins an gcéad leath agus ní raibh an cluiche ach díreach th'éis tosnú nuair a d'árdaigh E. Abberton brat glas. Níor chuir an Spidéal fútha ach go mall agus bhí dhá chúilín ag G. McFloinn.

D'oscail S. Ó Tuathail cuntas an Spidéil le cúilín, ach b'iad An Caisleán Gearr a choinnigh ar aghaidh le cúilín breise. D'éirigh seans mhaith don Spidéal agus chuireadar isteach cúl, ach bhuaile an Caisleán Gearr thar nais agus isteach le cúl eile. Ag leath am b'iad seo na scóranna: An Caisleán Gearr 2 - 6; An Spidéal 1 - 3.

Thárla athrú iontach ar an gcaighdeán imeartha th'éis leath-am agus ní i bhfad a bhí an Spidéal ag teacht ar chomh-scór le dhá chúl. Bhí ceann amháin dhíobh seo ina scór ba áisiúla a bhfaca éinne ariamh. Tarraingt breise ar phuc saor '70' ó chamán Tex Ó Droighneáin a bhí ann, agus d'árdaigh a dheise meanmainn na fóirne.

An iomarca suime san imreoir a tháinig i gcoinne an Chaisleáin Ghearr. Na puic-saor a thuill an Spidéal dá bharr bhaineadar tairbhe astu agus ar aghaidh leo leis an iliomad scór. Ní bhfuair an Caisleán Gearr aon scór san leath seo agus cé gur cleite i gcáibín an Spidéil é níorbh mhaith dhóibh dul isteach i gcoinne na hiománaithe ón Deisceart gan tuille cleachtadh san tarraingt den talamh.

B'iad seo na hiománaithe ab fhearr ar fhuireann an Spidéil.

Tex Ó Droighneáin, Seán Ó Coinfhiolla, Seán Ó Tuathail agus Mícheál Richardson. Ar fhuireann an Chaisleáin Ghearr d'imir T. Collins, T. Burke, S. Hosty agus E. Abberton i bhfad ní b'fhearr ná na fir eile.

B'iad seo a scór ar shon an Spidéil. V. Ó Coinfhiolla (1-1), C. Ó Maoldúin (1-2), S. Ó Tuathail (1-2), M. Ó Coinfhiolla (1-0), M. Richardson (1-0), D. McCluskey, Tex Ó Droighneáin, M. Neachtain, Seán Ó Neachtain agus S. Ó Coinfhiolla (0-1) araon.

B'iad seo a scór ar shon an Chaisleáin Ghearr: E. Abberton (1-0), G. McFhloinn (0-3), S. Hosty (0-1), G. Ó hUiginn (0-1), M. Corcoran (1-0) agus P. Mc An Ríogh (0-1).

An Spidéal: Seán Ó Maolriain, M. Ó Coistealbha, Máirtín Tex Ó Droighneáin, N. Ó Cuirrín, M. Ó Fatharta, S. Ó Coinnfhiolla, M. Ó Fatharta, S. Ó Neachtain, M. Ó Coinfhiolla, S. Ó Tuathail, C. Ó Maoldúin, M. Ó Neachtain, V. Ó Coinfhiolla, M. Richardson, D. Mc Cluskey.

An Caisleán Gearr: F. Madden, J. Casserly, V. Corcoran, S. Wall, T. Collins, T. Burke, S. McDermot, G. Glynn, S. Hosty, J. Higgins, J.J. Glynn, M. Corcoran, T. Corcoran, E. Abberton, P. King.

Earráid agus easnamh a bhí in BISEACH 2017

Ainmneacha a bhí ar iarraidh don phictiúr 'Cuairt ar an nGrúdlann...', lch. 32:

3ú líne: Willie Seoighe, Inse Gaineamh atá idir Deoid (an Fhátarta) Uí Choistealbha agus Mártan Ó Ciardha.

2ú líne: Micil Scahill, An Cheathrú Rua atá idir Pádraig Terry Mac Donnchadha agus Patsy Uí Chárthaigh.

2ú líne: Máirtín Ó Meachair, Cladhnach agus Tigh Sé atá idir Johnny an Fhátarta agus Pádraig Ó Flaithearta.

Agus ar lch 3 Biseach 2017, bhí earráid san abairt ag tús an dara halt. Seo í an abairt ina hiomláine:



Foireann Peile Idirmheánach Chumann Mícheál Breathnach, 2018

Ar chúl, ó chlé: Cólín Ó Fátharta, Diarmaid Ó Féinneadhá, Máirtín Ó Cualáin, Fiontán Ó Curraoin, Diarmaid Ó Maoileoin, Tommy Ó Conghaile, Rónán Ó Beoláin, Dara Mac Dubhghaill, Dinny Ó hÉallaithe, Rónán Mac Donnacha, Séamus Ó Maoileoin, Máirtín Ó Neachtain, Fiach Ó Béarra, Cian Ó Gríofa,

Chun tosaigh, ó chlé: Liam Mac Donnacha, Dara Mac Gearailt, Cuán Mac Dubhghaill, Seán Denoir, Ruadhán Ó Curraoin, Caoimhín Ó Maoileoin, Maidhc Antaine Mhaidhc Ó Conghaile, Keith Ó Donnchú, Gearóid Ó Fátharta (Capt), Barry Ó Conghaile



Foireann Iomána Sóisear Chumann Micheál Breathnach, 2018

Ar cbúl, ó chlé: Éinne Ó Conghaile, Jack Mac Giolla Bhríde, Breandán Mhaidhc Ó Conghaile, Marc Dwyer, Kevin Mhaidhc Ó Conghaile, Joe Antaine Mhaidhc Ó Conghaile, Gearóid Mhaidhc Ó Conghaile, Máirtín Ó Neachtain, Séamus Ó Fátharta.

Chun tosaigh, ó chlé: Seán Ó Donnchú, Rónán Ó Beoláin, Mhaidhc Antaine Mhaidhc Ó Conghaile, Rónán Mac Donnacha, Jack Dowling, Liam Mac Donnacha, Adrian Ó Tuathail, Dinny Ó hÉallaithe.



Foireann Peile Idirmheánach an Spideil, 2018

Ar chúl ó chlé: Séán Ó Curraoin, Ciarán Ó Droighneán, Antaine Ó Laoi, Gearóid Ó Conghaile, Magnus Breathnach, Dara Mac an Rí, Eoin Ó Droighneán, Brian Mac Cathmhaoil, Aodán Ó Curraoin, Alan Melia, Liam Ó Conghaile, Aodán Ó Droighneán.

Chun tosaigh ó chlé: Ciarán Ó Laoi, Pádraig Eoin Ó Curraoin, Éamon Ó Conláin, Finnian Ó Laoi, Cormac Ó Laoi, Liam Ó Ceallaigh, Brian Ó Conghaile, Criostóir Ó Márta, S éamus Ó Droighneán, Micheál Ó Curraoin.